Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12551/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0295(NLE)**

**FIN 931**
**RESPR 27**
**CADREFIN 139**
**POLGEN 122**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 485 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 485 final.

Faoi iamh: COM(2022) 485 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2022
COM(2022) 485 final

2022/0295 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

(1) Le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint[1] ('an Rialachán maidir le Coinníollacht') déantar foráil go ndéanfar 'bearta iomchuí i gcás ina suitear i gcomhréir le hAirteagal 6 go ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát difear – ar bhealach chomh díreach sin agus gur leor é le difear a dhéanamh, nó go bhfuil baol mór ann go ndéanfadh siad difear – do phrionsabail bhainistíochta fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais.'

(2) Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 6(1) den Rialachán maidir le Coinníollacht: 'i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil forais réasúnacha aige lena mheas gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4 agus mura mbreithneoidh sé go gceadófaí leis na nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí, seolfaidh sé fógra i scríbhinn chuig an mBallstát lena mbaineann, ina leagfar amach na heilimintí fíorasacha agus na forais shonracha ar ar bhunaigh sé a thorthaí.'

(3) De bhun Airteagal 6(9) den Rialachán maidir le Coinníollacht, 'I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha atá in Airteagal 4 á gcomhlíonadh agus nach dtabharfaidh na bearta feabhais atá molta ag an mBallstát faoi mhír 5, más ann dóibh, aghaidh go leordhóthanach ar na torthaí atá san fhógra ón gCoimisiún, cuirfidh sé togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme maidir leis na bearta iomchuí faoi bhráid na Comhairle laistigh de mhí amháin tar éis barúlacha an Bhallstáit a fháil nó, i gcás nach gcuirtear aon bharúlacha in iúl, gan aon mhoill mhíchuí, i gcás nach bhfaighfear aon bharúlacha, agus in aon chás laistigh de mhí amháin ón teorainn ama arna leagan síos'.

(4) An 24 Samhain 2021 chuir an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis ('Iarraidh ar fhaisnéis') chuig an Ungáir de bhun Airteagal 6(4) den Rialachán maidir le Coinníollacht, iarraidh ar thug údaráis na hUngáire freagra uirthi an 27 Eanáir 2022.

(5) An 27 Aibreán 2022 sheol an Coimisiún fógra i scríbhinn chuig an Ungáir de bhun Airteagal 6(1) den Rialachán maidir le Coinníollacht ('an 'fógra'). Cuireadh i láthair san fhógra torthaí an Choimisiúin maidir le roinnt saincheisteanna a bhaineann leis an gcóras soláthair phoiblí san Ungáir, lena n-áirítear neamhrialtachtaí, easnaimh agus laigí sistéamacha i nósanna imeachta soláthair phoiblí; ráta ard nósanna imeachta tairisceana aonair agus déine iomaíochta íseal i nósanna imeachta soláthair; saincheisteanna a bhaineann le creat-chomhaontuithe a úsáid; saincheisteanna maidir le coinbhleachtaí leasa a bhrath, a chosc agus a cheartú; ábhair imní a bhaineann leis an úsáid a bhaineann iontaobhais leasa phoiblí as cistí de chuid an Aontais. Léiríonn na saincheisteanna sin agus atarlú na saincheisteanna sin le himeacht ama neamhábaltacht shistéamach, cliseadh nó neamhthoilteanas, ó thaobh údaráis na hUngáire de, cosc a chur ar chinntí atá ag sárú an dlí is infheidhme, a mhéid a bhaineann le soláthar poiblí agus coinbhleachtaí leasa, agus ar an gcaoi sin, dul i ngleic go leordhóthanach le rioscaí éillithe. Is sáruithe ar phrionsabal an smachta reachta iad na sáruithe sin, go háirithe prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an

[1] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1.

toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin agus is cúis imní iad maidir le scaradh na gcumhachtaí. Ina theannta sin, thíolaic an fógra torthaí maidir le himscrúdú agus ionchúiseamh, agus maidir leis an gcreat frithéillithe: tá saincheisteanna breise ann maidir le teorainneacha ar imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach gníomhaíochta coiriúla líomhnaithe, eagrú na seirbhísí ionchúisimh, agus easpa creata frithéillithe atá feidhmiúil éifeachtach. Is sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta iad na saincheisteanna sin freisin, go háirithe maidir le deimhneacht dhlíthiúil, toirmeasc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin agus cosaint bhreithiúnach éifeachtach. Mar a shonraítear san fhógra, ní dhéanfadh na sáruithe sin difear do leasanna airgeadais an Aontais, nó go bhfuil baol mór ann go ndéanfadh siad difear dóibh, agus níorbh fhéidir iad a chosaint le nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais ar bhealach níos éifeachtaí ná an Rialachán maidir le Coinníollacht. Leis an bhfógra, d'iarr an Coimisiún ar an Ungáir freisin faisnéis agus sonraí áirithe a sholáthar maidir leis na gnéithe fíorasacha agus na forais ar ar bhunaigh sí a torthaí sa fhreagra ar an Iarraidh ar fhaisnéis. Cuireadh ceisteanna freisin maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith bainteach le neamhspleáchas na mbreithiúna. Thug an Coimisiún 2 mhí san fhógra d'údaráis na hUngáire a mbarúlacha a chur isteach.

(6) An 27 Meitheamh 2022, thug an Ungáir freagra ar an bhfógra ('an chéad fhreagra'). Le litreacha dar dáta an 30 Meitheamh agus an 5 Iúil 2022, chuir Aire Dlí agus Cirt na hUngáire tuilleadh faisnéise isteach chun an chéad fhreagra a chomhlánú. Thairis sin, an 19 Iúil 2022, sheol an Ungáir litir bhreise inar moladh roinnt beart feabhais chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí san fhógra, nach bhféadfaí a chur san áireamh de bharr a tíolactha ag an gcéim an-déanach sin den phróiseas go gairid sula raibh an Coimisiún chun an chéad chéim eile den nós imeachta a ghlacadh, agus measúnú á dhéanamh ar an gcéad fhreagra eile. Chuir an Coimisiún na heilimintí ábhartha uile sna litreacha breise sin san áireamh le linn na chéad chéime eile den nós imeachta dá bhforáiltear leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis leis na Ballstáit.

(7) Mheas an Coimisiún nach raibh bearta ceartaitheacha leordhóthanacha a gealladh go hiomchuí i gcomhthéacs an Rialacháin maidir le Coinníollacht sa chéad fhreagra agus sna litreacha breise a seoladh an 30 Meitheamh agus an 5 Iúil 2022.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 6(7) den Rialachán maidir le Coinníollacht, sheol an Coimisiún litir chuig an Ungáir an 20 Iúil 2022 (an 'litir intinne') chun an Ballstát sin a chur ar an eolas faoina mheasúnú de bhun Airteagal 6(6) den Rialachán maidir le Coinníollacht agus faoi na bearta a bhí beartaithe aige a mholadh lena ghlacadh ag an gComhairle, de bhun Airteagal 6(9) den Rialachán sin, in éagmais bearta feabhais leordhóthanacha. I gcomhréir le hAirteagal 6(7) den Rialachán maidir le Coinníollacht, iarradh ar an Ungáir, dá bhrí sin, a barúlacha a thíolacadh, go háirithe maidir le comhréireacht na mbeart beartaithe, laistigh de mhí amháin.

(9) Thug an Ungáir freagra ar an litir intinne an 22 Lúnasa 2022 ('an dara freagra'), laistigh den sprioc-am míosa dá bhforáiltear in Airteagal 6(7) den Rialachán maidir le Coinníollacht.

(10) Sa dara freagra ón Ungáir, d'athdhearbhaigh sí na hargóintí a ardaíodh ina chéad fhreagra uaithi, agus léirigh sí cáineadh ar an gcaoi ar stiúradh an nós imeachta. Chuir sí i gcoinne chomhréireacht na mbeart a bheartaítear sa litir intinne. An tráth céanna, thíolaic an Ungáir seacht mbeart feabhais déag. Rinneadh an tíolacadh sin tar éis plé teicniúil, a rinneadh ar leibhéal na seirbhísí, idir an Coimisiún agus údaráis na

hUngáire, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis leis na Ballstáit. An 13 Meán Fómhair 2022, sheol an Ungáir litir chuig an gCoimisiún ina raibh soiléiriú agus gealltanais bhreise faoi na bearta feabhais a moladh ('litir Mheán Fómhair').

## 2. SAINCHEISTEANNA LENA LÉIRÍTEAR SÁRUITHE AR PHRIONSABAIL AN SMACHTA REACHTA

### 2.1. Neamhrialtachtaí, easnaimh agus laigí sistéamacha sa soláthar poiblí

#### *2.1.1. Torthaí an Choimisiúin*

(11) Chinn an Coimisiún ina fhógra agus dheimhnigh sé sa litir intinne go bhfuil neamhrialtachtaí, easnaimh agus laigí sistéamacha i nósanna imeachta soláthair phoiblí san Ungáir. Thángthas ar neamhrialtachtaí den sórt sin tar éis iniúchtaí comhleanúnacha de chuid sheirbhísí an Choimisiúin a rinneadh maidir le clárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020 araon, chomh maith le roinnt imscrúduithe de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) as ar eascair moltaí airgeadais i gcomhair méideanna suntasacha a aisghabháil. De réir chineál sistéamach na neamhrialtachtaí, atarlú na neamhrialtachtaí le himeacht ama agus mhéid na gceartuithe airgeadais a cinneadh, i measc nithe eile, chinn an Coimisiún go raibh forais réasúnacha aige a mheas gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le Coinníollacht.

(12) Ina theannta sin, léiríonn na sonraí atá ar fáil go raibh céatadáin neamhghnácha arda de chonarthaí arna ndámhachtain tar éis nósanna imeachta soláthair phoiblí nach raibh ach tairgeoir aonair amháin rannpháirteach iontu; sannadh conarthaí do chuideachtaí sonracha, a bhfuil codanna móra den mhargadh á mbaint amach acu de réir a chéile; chomh maith le heasnaimh thromchúiseacha i sannadh na gcreat-chomhaontuithe. Mheas an Coimisiún gur táscairí iad na heilimintí sin maidir le riosca soiléir don trédhearcacht agus don iomaíocht a dhéanfadh dochar do bhainistiú fónta airgeadais chistí an Aontais a úsáidtear sna nósanna imeachta ábhartha, agus chomh maith leis sin, gur táscaire iad, i gcúinsí áirithe, maidir le riosca méadaithe éillithe agus coinbhleachta leasa.

(13) Thairis sin, thagair an Coimisiún d'easnaimh thromchúiseacha a shainaithin seirbhísí an Choimisiúin maidir le soláthar poiblí laistigh de chreat-chomhaontuithe áirithe agus chinn sé go raibh imní mhór ann maidir le creat-chomhaontuithe a bheidh ann amach anseo.

#### *2.1.2. Barúlacha a chuir an Ungáir isteach*

(14) Thug an Ungáir tuairisc ar a reachtaíocht agus ar a cleachtas maidir le soláthar poiblí. Chuir an Ungáir in iúl go bhfuil, dar léi, a córas soláthair phoiblí oibríochtúil agus i gcomhréir le treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le soláthar poiblí. I ndáil leis sin, thagair an Ungáir d'fhorálacha áirithe de Ghníomh CXLIII 2015 maidir le soláthar poiblí, arna leasú tar éis iniúchtaí sheirbhísí an Choimisiúin agus do roinnt gnéithe den chóras soláthair phoiblí sin, chomh maith le gníomhaíochtaí, a thóg sí le blianta beaga anuas chun iomaíocht a chur chun cinn agus chun trédhearcacht a mhéadú[2]. Ar

[2] Rinne an Ungáir tagairt do (i) leasú ar an Acht um Sholáthar Poiblí le hAcht Uimh. LXXXIII 2018 lena gcuirtear deireadh leis an teorannú a bhí ann roimhe seo ar fhochonraitheoireacht, (ii) méadú ar fhoireann DPPC agus oibriú córais oiliúna inmheánaí, (iii) feabhsú ar nósanna imeachta inmheánacha agus cleachtais rialaithe DPPC agus eisiúint nóta treorach do chleachtóirí in údaráis chonarthacha, (iv) athbhreithniú ar na rialacha lena rialaítear úsáid cúnaimh ó chistí áirithe de chuid an Aontais.

an mbonn sin, d'áitigh an Ungáir go mbeadh an cleachtas soláthair phoiblí san Ungáir i gcomhréir le ceanglais an Aontais Eorpaigh maidir le neamhrialtachtaí sa soláthar poiblí a chosc agus a bhrath.

(15) Maidir leis na neamhrialtachtaí dá dtagraíonn an Coimisiún, d'áitigh an Ungáir nach raibh na ceartuithe airgeadais ábhartha nasctha ach go páirteach le laigí sa soláthar poiblí nach raibh na laigí a sainaithníodh le linn iniúchtaí de chineál sistéamach agus nach raibh briseadh ná fionraí íocaíochtaí mar thoradh orthu.

(16) Ina theannta sin, d'áitigh an Ungáir, ós rud é nach bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir le Coinníollacht ach ón 1 Eanáir 2021, nach féidir na neamhrialtachtaí líomhnaithe a sainaithníodh roimh an dáta sin a chur i leith sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta faoin Rialachán sin. D'áitigh an Ungáir freisin gur sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta iad easnaimh shistéamacha agus neamhrialtachtaí a sainaithníodh le linn iniúchtaí seirbhísí an Choimisiúin de réir bhrí Airteagal 2(a) i gcomhar le hAirteagal 4(2)(a) den Rialachán maidir le Coinníollacht, nach mór a shuíomh freisin nach féidir cinntí na n-údarás nó na gcomhlachtaí lena mbaineann a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach[3].

(17) De réir na hUngáire, ós rud é go bhfuil an sciar de na nósanna imeachta soláthair phoiblí ag a bhfuil tairiscintí aonair ar chistí de chuid an Aontais níos ísle ná an sciar le haghaidh cistí náisiúnta, léirítear go bhfuil córas rialaithe na hUngáire i gcomhthéacs chistí de chuid an Aontais in ann gníomhú go héifeachtach i gcoinne na dtosca atá taobh thiar d'iomaíocht theoranta sa soláthar poiblí.

(18) Ina theannta sin, cuireann an Ungáir in aghaidh fhírinneacht agus iontaofacht na modheolaíochta agus na sonraí bunúsacha atá sna staidéir ar dhéine na hiomaíochta sa soláthar poiblí agus ar chomhchruinniú na ndámhachtainí do líon beag cuideachtaí a luann an Coimisiún san Fhógra[4] agus sa litir intinne.

(19) Maidir le creat-chomhaontuithe, d'áitigh an Ungáir go bhfuil leibhéal ard iomaíochta á áirithiú. Déantar an nós imeachta tairisceana in dhá chéim chun an conradh a dhámhachtain go héifeachtach: ar an gcéad dul síos, bíonn tairgeoirí san iomaíocht don cheart chun páirt a ghlacadh sa chreat-chomhaontú agus ansin, má dhámhtar conarthaí sonracha tar éis athoscailt an chomórtais, bíonn iomaíocht mhargaidh san iomaíocht arís arís idir na hoibreoirí eacnamaíocha. Dar leis an Ungáir, ní dhearnadh aon chinneadh ar leibhéal an rialtais láir, lena gceanglaítear ar aon duine creat-chomhaontuithe a chur i bhfeidhm le linn thréimhse an Chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair.

### *2.1.3. Measúnú ón gCoimisiún*

(20) Cé gur thug an Ungáir athruithe áirithe isteach ar a reachtaíocht agus ar bhainistiú an chórais soláthair phoiblí, i bhfianaise na sonraí atá ar fáil, is cosúil nach bhfuil feabhas tagtha ar thorthaí na nósanna imeachta soláthair phoiblí sa chleachtas de bharr na n-athruithe sin. D'ainneoin na ngníomhaíochtaí a rinneadh le blianta beaga anuas, níor baineadh amach trédhearcacht leordhóthanach go fóill agus ní féidir

[3] De réir thuairim na hUngáire, d'eascródh sé sin as mír 325 de bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an 'Chúirt') i gcás C-157/21.

[4] *New Trends in Corruption Risk and Intensity of Competition in the Hungarian Public Procurement from January 2005 to April [Treochtaí Nua i mBaol Éillithe agus i nDéine Iomaíochta i Soláthar Poiblí na hUngáire ó mhí Eanáir 2005 go hAibreán]*, Flaistuarascáil 2020:1, Bealtaine 2020; Ionad Taighde Éillithe Bhúdaipeist, https://www.crcb.eu/wp-content/uploads/2020/05/2020_hpp_0520_flash_report_1_200526_.pdf.

grinnscrúdú seachtrach éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh go héifeachtach, rud atá ar cheann de chuspóirí na trédhearcachta.

(21) D'ainneoin an mhéid a d'áitigh an Ungáir, bhí na ceartuithe airgeadais a iarradh don tréimhse 2020 nasctha go príomha le laigí sistéamacha i mbainistiú soláthair phoiblí, mar go bhfuil sé doiciméadaithe ag torthaí na n-iniúchtaí ábhartha a rinneadh. Ba iad na ceartuithe airgeadais is airde a bhí ann i gcás aon Bhallstát den Aontas le linn na tréimhse sin[5], rud nár chuir an Ungáir ina choinne. Thairis sin, bhain na hiniúchtaí sin freisin le feidhmiú an chórais bhainistíochta agus rialaithe chun comhlíonadh rialacha soláthair phoiblí a áirithiú. Dá bhrí sin, baineann siad le saincheisteanna sistéamacha[6]. Ní féidir leis an gCoimisiún aontú le hargóint na hUngáire go bhfágfadh easpa briste nó fionraí íocaíochtaí nár mheas an Coimisiún go raibh easnamh tromchúiseach ann. I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go bhféadfadh baint a bheith ag riosca os cionn 5 % den chaiteachas fiú le heasnamh tromchúiseach, an chéad cheartú airgeadais ar ráta comhréidh a socraíodh sa rialachán tarmligthe[7]. Ní shainítear easnamh tromchúiseach sa chóras bainistithe agus rialaithe bunaithe ar thairseacha cainníochtúla amháin, ach sainítear é freisin agus go sonrach sa chás seo i ndáil le sáruithe ar na príomhcheanglais fhíor-riachtanacha nó teaglaim ceanglas a leagtar amach sna rialacha is infheidhme agus a bhféadfadh éifeachtaí sistéamacha a bheith acu.

(22) A mhéid a bhaineann le raon feidhme ama chur i bhfeidhm an Rialachán maidir le Coinníollacht, maidir le sáruithe sistéamacha ar phrionsabail an smachta reachta a bunaíodh roimh an 1 Eanáir 2021, nach ndearnadh iad a leigheas agus a tharlaíonn arís agus arís eile tar éis an dáta sin, féadfar iad a chumhdach leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, i bhfianaise chineál sistéamach agus atriallach nó leanúnach na sáruithe, agus i bhfianaise an riosca thromchúisigh leanúnaigh a bhaineann leo do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus do chosaint leasanna airgeadais an Aontais tar éis an 1 Eanáir 2021.

(23) Ní féidir leis an gCoimisiún aontú le hargóint na hUngáire nach bhféadfaidh easnaimh shistéamacha agus neamhrialtachtaí a bheith ina sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta de réir bhrí an Rialacháin maidir le Coinníollacht ach amháin más rud é nach féidir cinntí na n-údarás nó na gcomhlachtaí lena mbaineann a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach. Is léir ón Rialachán maidir le Coinníollacht go bhfuil aon easnamh sistéamacha agus neamhrialtacht a léiríonn sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta arna sainaithint ag an gCoimisiún féin neamhspleách agus gur féidir iad a chumhdach leis an Rialachán maidir le Coinníollacht. Dá bhrí sin, ní gá coinníoll bhreise a chur san áireamh faoin Rialachán

---

5 Country Report Hungary 2020 Brussels [Tuarascáil Tíre maidir leis an Ungáir 2020, an Bhruiséil], 26.2.2020 SWD (2020) 516 final, lch. 43, le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020SC0516.

6 Go sonrach, ba iniúchadh luath coisctheach ar an gcóras é Iniúchadh REGC214HU0068, a luadh i bhfonótaí 10 agus 13 den fhógra.

7 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014 ón gCoimisiún an 3 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, IO L 138, 13.5.2014, lch. 5.

maidir le Coinníollacht i gcás ar bith a léiríonn sárú ar phrionsabail an smachta reachta[8].

(24) Ní féidir leis an gCoimisiún aontú leis an argóint a chuir an Ungáir chun cinn nach mór a bhaint de thátal as, de bharr gur cosúil go bhfuil sciar na nósanna imeachta soláthair phoiblí ag a bhfuil tairiscint aonair ar chistí de chuid an Aontais níos ísle ná an sciar le haghaidh cistí náisiúnta, go bhfuil córas rialaithe na hUngáire i gcomhthéacs chistí an Aontais in ann gníomhú go héifeachtach i gcoinne na dtosca atá taobh thiar d'iomaíocht theoranta sa soláthar poiblí. Ós rud é go bhfuil ráta na ranníocaíochta aonair níos ísle i gcás soláthair a bhaineann le cistí an Aontais ná i gcás soláthar a bhaineann le cistí náisiúnta, ní chiallaíonn sé sin *per se* go n-oibríonn rialuithe soláthair a bhaineann le cistí an Aontais i gceart. Léirítear an méid sin freisin sa mholadh ón gComhairle maidir le Clár Náisiúnta 2022 na hUngáire um Athchóiriú, ina ndearbhaítear go bhfuil na saincheisteanna sin fós bailí don todhchaí[9][10].

(25) Níor chuir an Ungáir aon fhianaise ar fáil maidir leis na feabhsuithe a tháinig le déanaí ar an gcóras soláthair (go háirithe maidir le trédhearcacht, déine na hiomaíochta, seiceálacha coinbhleachtaí leasa). Léiríonn na sonraí atá ar fáil don Choimisiún ní hamháin go bhfuil méadú tagtha ar chomhchruinniú na ndámhachtainí sa soláthar poiblí, ach léiríonn siad freisin méadú ar an gcorrlach a bhaineann le cuideachtaí buaiteacha ar féidir iad a mheas mar chuideachtaí atá nasctha go polaitiúil. Sholáthair Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid Staidéar a sholáthair anailís eimpíreach staitistiúil ar bhreis agus 270,000 conradh soláthair phoiblí de chuid na hUngáire idir 2005 agus 2021[11]. Léirítear sa staidéar go raibh an dóchúlacht go bhfaigheadh cuideachtaí conarthaí poiblí (ar bhonn náisiúnta agus maoinithe ag an Aontas) ar féidir a mheas go bhfuil siad nasctha go polaitiúil idir 1.5 agus 2.1 uair níos airde ná an dóchúlacht go n-éireodh le cuideachtaí nach meastar a bheith nasctha go polaitiúil sa tréimhse 2005-2010. Tháinig méadú suntasach ar an difríocht sin sa tréimhse 2011-2021. I bhfianaise na gconarthaí arna maoiniú ag an Aontas don

---

8 I mír 325 dá breithiúnas i gcás C-157/21, ní chuireann an Chúirt coinníoll bhreise le haon chineál sáraithe ar phrionsabail an smachta reachta de réir bhrí an Rialacháin maidir le Coinníollacht, ach ní shoiléiríonn sí ach gnéithe de choincheap ginearálta an smachta reachta.

9 Moladh ón gComhairle maidir le Clár Náisiúnta 2022 na hUngáire um Athchóiriú agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2022 na hUngáire um Chóineasú, mír 30 agus Moladh 4, ag https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9764-2022-INIT/en/pdf : 'Tá an margadh soláthair fós leochaileach do chleachtais fhrithiomaíocha. Tá cion na gconarthaí a dhámhtar i nósanna imeachta nach raibh ach tairgeoir amháin ann fós ar na cinn is airde san Aontas. [...] I mí Feabhra 2021, leag an rialtas síos sprioc uaillmhianach dó féin céatadán na nósanna imeachta soláthair phoiblí gan ach tairiscint amháin a laghdú go níos lú ná 15 %, *gan amlíne sheasta áfach*' (Moladh 4 'An iomaíocht sa soláthar poiblí a fheabhsú. béim curtha leis').

10 Féach freisin an tÚdarás Soláthair Phoiblí (2021), Flaistuarascáil: Soláthar Poiblí na hUngáire in Uimhreacha. Le blianta beaga anuas, tar éis 2018, tá tús curtha le treocht atá ag dul in olcas i líon foriomlán na nósanna imeachta soláthair tairisceana aonair, atá le fáil ag https://kozbeszerzes.hu/media/documents/FLASH_REPORT-2021.pdf.

11 Study on concentration of awards and potential risks of fraud, corruption and conflict of interest in public procurement procedures in Hungary with focus on EU funded public procurements - Empirical analysis of Hungarian public procurement data from 2005 to 2021 [Staidéar ar chomhchruinniú dámhachtainí agus rioscaí féideartha calaoise, éillithe agus coinbhleachta leasa i nósanna imeachta soláthair phoiblí san Ungáir le béim ar sholáthairtí poiblí atá maoinithe ag an Aontas — Anailís eimpíreach ar shonraí soláthair phoiblí na hUngáire ó 2005 go 2021], Ionad Taighde um Éilliú Bhúdaipeist. Seoladh an staidéar chuig an Ungáir ar leithligh chun críocha faisnéise.

tréimhse tar éis 2011 amháin, an dóchúlacht go n-éireoidh le cuideachtaí a bhféadfaí a mheas go bhfuil siad nasctha go polaitiúil níos mó ná 3.3 go 4.4 uair an dóchúlacht do chuideachtaí nach meastar a bheith nasctha go polaitiúil. Sa tréimhse chéanna, agus conarthaí arna maoiniú go náisiúnta agus conarthaí arna maoiniú ag an Aontas á gcur san áireamh, bhí an dóchúlacht go bhfaighfí conarthaí poiblí maidir le cuideachtaí ar féidir a mheas go bhfuil siad nasctha go polaitiúil idir 2.5 agus 3 huaire níos airde ná na conarthaí maidir le cuideachtaí nach meastar a bheith nasctha go polaitiúil. Is é conclúid an staidéir gur toisc chinntitheach é naisc pholaitiúla dhíreacha nó indíreacha roinnt cuideachtaí ar féidir a mheas go bhfuil siad nasctha go polaitiúil chun cur lena ndóchúlachtaí go n-éireoidh leo i nósanna imeachta tairisceana, i gcomparáid le cuideachtaí nach meastar a bheith nasctha go polaitiúil, agus chun luach comhiomlánaithe níos airde a fháil de chonarthaí a buadh. Ina theannta sin, léiríonn sé go bhfuil an éifeacht níos láidre ag brath ar cé chomh gar is atá oibreoir eacnamaíoch don pháirtí rialaithe. I gcásanna áirithe, meastar go bhfuil an seans conradh poiblí a bhaint suas le 130 % níos airde i gcás cuideachtaí a mheastar a bheith nasctha go polaitiúil ná i gcás cuideachtaí nach meastar a bheith nasctha go polaitiúil sa tréimhse tar éis 2011. Leis na sonraí sin, bunaítear treocht atá ag dul i méid i gcónaí agus áirítear orthu sin an bhliain 2021. Comhthacaíodh na tuairimí le torthaí scrúdaithe ar shonraí tairisceana áirithe maidir le conarthaí a dámhadh do chuid de na cuideachtaí a sainaithníodh mar chuideachtaí ar féidir iad a mheas mar chuideachtaí atá nasctha go polaitiúil. Thairis sin, bailíodh tuarascálacha ó na meáin agus ó pháirtithe leasmhara in earnáil na turasóireachta, na cumarsáide agus an spóirt, rud a léiríonn an treo céanna.

(26) Maidir le comhaontuithe réime, tugann an Coimisiún dá aire go n-eascraíonn sé as cineál an chreat-chomhaontaithe nach féidir le cuideachtaí nach raibh rannpháirteach sa phróiseas bunaidh as ar tháinig an comhaontú tairiscintí a chur isteach a luaithe a shíneofar comhaontú den sórt sin. Dá bhrí sin, i bhfianaise na mírialtachtaí suntasacha i seoladh nósanna imeachta soláthair phoiblí na gcomhaontuithe sin, arna mbunú in iniúchtaí ag seirbhísí de chuid an Choimisiúin, na méideanna suntasacha a chumhdaítear le creat-chomhaontuithe atá beartaithe in earnálacha amhail earnáil TF, agus a bhfad, is rídhócha nach ndéanfaí na conarthaí uile lena mbaineann cistí de chuid an Aontais san earnáil ábhartha don tréimhse 2021-2027 a dhámhachtain ach ar chuideachtaí áirithe atá grúpáilte i gcuibhreannais áirithe atá rannpháirteach i ngach ceann de na comhaontuithe éagsúla.

### 2.2. Coinbhleachtaí leasa a bhrath, a chosc agus a cheartú; ábhair imní maidir le 'iontaobhais leasa phoiblí'

*2.2.1. Torthaí an Choimisiúin*

(27) Chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air faoi chumas na hUngáire feabhas a chur ar sheiceálacha maidir le coinbhleachtaí leasa in úsáid chistí an Aontais trí uirlisí sonracha TF, amhail Arachne (i.e. an uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca aonair a chuireann an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit), mar gheall ar ghnéithe na n-uirlisí sin agus na sonraí arna n-uaslódáil iontu ag údaráis na hUngáire chun críoch anailíse.

(28) Chuir an Coimisiún in iúl freisin go raibh imní air maidir le hiontaobhais leasa phoiblí nach bhfuil faoi réir rialacha faoi threoracha soláthair phoiblí an Aontais. Chuir sé in iúl freisin go raibh imní uirthi faoi shaincheisteanna a bhaineann le coinbhleacht leasa agus trédhearcacht maidir le hiontaobhais leasa phoiblí, lena n-áirítear an eisceacht dhlíthiúil shainráite de chomhaltaí bhoird na n-iontaobhas sin

ó cheanglais maidir le coinbhleacht leasa agus nach bhfuil rialacha maidir le coinbhleacht leasa infheidhme maidir le comhaltaí na Parlaiminte, rúnaithe stáit agus oifigigh phoiblí eile de chuid an rialtais a fhéadfaidh fónamh ag an am céanna le comhaltaí boird na n-iontaobhas sin.

*2.2.2. Barúlacha a chuir an Ungáir isteach*

(29) Maidir le seiceálacha ar choinbhleachtaí leasa, níor chuir an Ungáir an fhaisnéis a d'iarr an Coimisiún isteach ach chuir sí in iúl go seolann sí sonraí chuig Arachne go rialta agus go n-úsáideann sí iad go pointe áirithe, agus ag meabhrú di nach bhfuil úsáid Arachne éigeantach faoi dhlí an Aontais. Agus é ag cur in aghaidh a úsáidí atá Arachne agus ag áitiú go bhfuil córas TF na hUngáire (FAIR EUPR) níos éifeachtúla, thagair sé don chaibidlíocht leanúnach maidir lena Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta ('RRP') i ndáil lena thiomantas d'úsáid fhorleathan Arachne i ndáil leis sin.

(30) Maidir le hinfheidhmeacht rialacha soláthair phoiblí maidir le hiontaobhais leasa phoiblí, chuir an Ungáir in iúl nach bhfuil sna hábhair imní sin ach ábhair imní teoiriciúla, ós rud é gur 'údaráis chonarthacha' iad na hiontaobhais sin cheana féin chun críocha soláthair phoiblí faoi na rialacha is infheidhme faoi láthair (agus go háirithe faoi Acht na hUngáire um Sholáthar Poiblí). Maidir le ceanglais maidir le coinbhleacht leasa do chomhaltaí bhord na n-iontaobhas sin, áitíonn an Ungáir nach bhfuil i gceist le hábhair imní an Choimisiúin ach hipitéis, agus cuireann sí in iúl go soiléir ag an am céanna go bhfuil comhaltaí bhord na n-iontaobhas sin eisiata go sainráite ó chur i bhfeidhm rialacha coinbhleachta leasa. Ina theannta sin, tharraing sí aird ar roinnt rialacha maidir le heisiamh agus coinbhleacht leasa a líomhnaítear a bheith in airteagail chomhlachais na n-eintiteas sin go léir.

*2.2.3. Measúnú ón gCoimisiún*

(31) Maidir leis na hargóintí a d'ardaigh an Ungáir ar Arachne, tugann an Coimisiún dá aire, mar obair leantach ar an iniúchadh ar an gcóras coisctheach in 2016[12], gur chinn seirbhísí an Choimisiúin nach féidir a mheas go bhfuil feidhmiúlachtaí coibhéiseacha ag córas TF na hUngáire FAIR EUPR le Arachne agus nach n-áirítear ar na sonraí arna n-uaslódáil ag Údaráis na hUngáire catagóirí áirithe sonraí[13] atá riachtanach d'fheidhmiúlachtaí tástála riosca.

(32) Measann an Coimisiún fiú i gcás ina gcáileodh iontaobhais leasa phoiblí mar údaráis chonarthacha toisc go gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 2(1)(4) de Threoir 2014/24/AE[14], ní chiallaíonn sé sin go meastar gur údaráis chonarthacha iad i ngach cás. I bhfianaise rialacha ainmniúcháin chomhaltaí an bhoird, d'fhéadfadh éiginnteacht a bheith ann maidir leis an gcritéar maidir le 'rialú stáit' a leagtar síos sa treoir, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm i gcónaí ag an tairseach a bhaineann le 50 % den mhaoiniú stáit. Dá bhrí sin, ní mheasfar iontaobhais leasa phoiblí mar údaráis chonarthacha de réir bhrí na dtreoracha maidir le soláthar poiblí i ngach cás.

(33) Maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le coinbhleacht leasa agus trédhearcacht iontaobhas leas an phobail, níor chuir an Ungáir aon argóint ar fáil i ndáil leis an eisceacht dhlíthiúil shainráite ar chomhaltaí bhoird na n-iontaobhas ó cheanglais

[12] Maidir leis an gclár oibríochtúil um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Nuálaíocht.

[13] Eg. soláthraí agus leibhéal an chonartha.

[14] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.

maidir le coinbhleacht leasa. Ina theannta sin, níor chuir an Ungáir faisnéis níos mionsonraithe ar fáil faoi na hairteagail chomhlachais sin (e.g. má tá na forálacha sin le cur san áireamh leis an dlí in airteagail chomhlachais na n-iontaobhas uile a bhaineann le leas an phobail) ná níor chuir sí fianaise ar fáil maidir le rialuithe féideartha coinbhleachta leasa a dhéantar do chomhaltaí bhoird iontaobhaithe iontaobhas leasa phoiblí, mar a iarradh go sonrach. Tugann an Coimisiún dá aire i ndáil leis sin go bhféadfadh sé go mbeadh easpa smachta phoiblí ar fheidhmiú agus ar rialachas na n-eintiteas sin de bharr eintitis dlí phríobháidigh a bhunú a dtugann an stát sócmhainní suntasacha poiblí dóibh. Go sonrach, tar éis cearta an bhunaitheora a aistriú ón Aire inniúil chuig an mbord iontaobhaithe, is cosúil go gcaillfidh an stát aon chineál smachta ar na hiontaobhais sin. Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire freisin, i dTuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, nach bhfuil rialacha coinbhleachtaí leasa infheidhme maidir le Feisirí Parlaiminte, rúnaithe stáit agus oifigigh phoiblí eile de chuid an rialtais a fhónann, ag an am céanna, mar chomhaltaí boird iontaobhais leasa phoiblí, in ainneoin go bhfaigheann na heintitis sin cistiú poiblí suntasach, lena mbaineann rioscaí méadaithe éillithe[15].

## 3. FORAIS BHREISE A BHAINEANN LE HIMSCRÚDÚ, IONCHÚISEAMH, CREAT FRITHÉILLITHE

### 3.1. Imscrúdú agus ionchúiseamh

#### *3.1.1. Torthaí an Choimisiúin*

(34) Cuireadh in iúl san fhógra agus sa litir intinne go mbeadh baol tromchúiseach ann go lagófaí saothrú éifeachtach imscrúduithe agus ionchúiseamh i gcásanna a bhaineann le cistí de chuid an Aontais, mar gheall ar chomhchruinniú na gcumhachtaí i lámha Oifig an Ard-Ionchúisitheora, eagrúchán ordlathach na seirbhíse ionchúisimh go docht, an easpa ceanglais chun cúiseanna a thabhairt i gcás ina ndéantar cásanna a shannadh nó a athshannadh, easpa rialacha chun cosc a chur ar chinntí treallacha a d'fhéadfadh bac a chur ar bheartas éifeachtach imscrúdaithe agus ionchúisimh, chomh maith leis an easpa athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar chinntí na n-údarás imscrúdaithe nó na seirbhíse ionchúisimh gan cás a shaothrú. I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún tagairt do Chaibidil Tíre maidir leis an Ungáire de thuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta[16], inar léiríodh na moltaí maidir le hionchúisitheoirí arna n-eisiúint ag Grúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉillitheachta (GSE) ó bhí 2015 ann[17] agus don easpa leigheasanna éifeachtacha i gcoinne chinntí na seirbhíse ionchúisimh gan gníomhaíocht choiriúil líomhnaithe a dhéanann dochar do leas an phobail a imscrúdú ná a ionchúiseamh, lena n-áirítear

---

15 Féach leathanach 17 de Dhoiciméad Inmheánach Oibre 2022 de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, a ghabhann leis an doiciméad a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Staid an Smachta Reachta san Aontas Eorpach, SWD(2022) 517 final 'Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta san Ungáir'.

16 Doiciméad Inmheánach Oibre 2021 de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, SWD(2021) 714 final, le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52021SC0714, leathanach 8.

17 Ceathrú babhta meastóireachta GRECO — Tuarascáil Mheastóireachta an 27 Márta 2015, Greco Eval IV Rep (2014) 10E, le fáil ag https://rm.coe.int/CoERMPublicCommonSearchServices/DisplayDCTMContent?documentId=09000016806c6b9e.

éilliú agus calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus do mhíleithreasú cistí poiblí[18].

(35) Ós rud é nach gcomhoibríonn an Ungáir go déthaobhach ach le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh(OIPE) agus nach Ballstát rannpháirteach í[19], is é OLAF an t-aon chomhlacht riaracháin imscrúdaitheach amháin de chuid an Aontais atá inniúil chun líomhaintí maidir le calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú.

*3.1.2. Barúlacha a chuir an Ungáir isteach*

(36) Chuir an Ungáir i gcoinne na tagartha a rinne an Coimisiún do mholtaí GRECO nár tugadh aghaidh orthu fós, agus chuir sí ráta cur chun feidhme na hUngáire i gcomparáid le ráta cur chun feidhme Ballstát eile, bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil ó GRECO[20].

(37) Chuir an Ungáir chun suntais freisin nach bhfuil sé d'oibleagáid uirthi a bheith rannpháirteach in OIPE agus chuir sí i bhfios go láidir go bhfuil comhaontú comhair tugtha i gcrích aici leis agus gur luaigh an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach in agallamh gur thug seirbhís ionchúisimh na hUngáire freagra ar iarrataí uile OIPE. D'áitigh an Ungáir, sna Ballstáit ar páirtithe iad i gcomhar feabhsaithe maidir le OIPE a bhunú, gur comhlacht é OIPE a ghníomhaíonn ina cheart féin agus a ghníomhaíonn go neamhspleách ar na húdaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ar oifigí na n-ionchúisitheoirí poiblí. Ar an gcúis sin, ní dhéileálann gníomhaireachtaí náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí le hábhair a thagann faoi inniúlacht OIPE. Os a choinne sin, d'fhéadfadh éifeacht a bheith ag an gcomhar le OLAF chun éifeachtúlacht a fheabhsú, mar go gcomhoibríonn OLAF leis na húdaráis náisiúnta, rud a chomhlánaíonn a gcumais. Ina theannta sin, chuir an Ungáir i bhfios go láidir nach baill de OIPE iad ceithre Bhallstát eile de chuid an Aontais seachas an Ungáir agus nach ábhar imní don Choimisiún é éifeachtúlacht sheirbhísí ionchúisimh na dtíortha sin.

(38) Maidir le (i) an deis a bheith ag an Ard-Ionchúisitheoir ionchúisitheoirí a threorú go díreach nó go hindíreach agus cásanna a shannadh nó a bhaint, agus (ii) an tacar critéar maidir le cásanna a aistriú idir fo-ionchúisitheoirí, rinne an Ungáir tagairt do na forálacha ábhartha sa dlí náisiúnta agus d'áitigh sí nach féidir struchtúr ordlathach na seirbhíse ionchúisimh a bheith ina shaincheist smachta reachta ann féin agus chuir sí éileamh an Choimisiúin i gcoinne éileamh an Choimisiúin go bhféadfadh an struchtúr sin difear a dhéanamh d'éifeachtacht an bhreithnithe ar chásanna coiriúla. Luaigh an Ungáir freisin, le linn shainordú an Ard-Ionchúisitheora atá ann faoi láthair, nár bhain an tArd-Ionchúisitheoir cásanna ó ionchúisitheoirí. Ina theannta sin, thagair an Ungáir don fhéidearthacht go bhfeidhmeodh an tAontas cearta an íospartaigh i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla a bhaineann le calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus don fhéidearthacht gearán a dhéanamh i gcoinne gníomhartha de chuid an údaráis imscrúdaithe nó gníomhú mar

[18] Doiciméad Inmheánach Oibre 2021 de chuid an Choimisiúin Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, SWD(2021) 714 final, le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52021SC0714, fonóta 58.

[19] Comhoibríonn Ballstáit neamh-rannpháirteacha an Aontais go déthaobhach le OIPE.

[20] An 22ú Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí Ginearálta ó GRECO (2021), le fáil ag https://rm.coe.int/greco-general-activity-report-2021/1680a6bb79.

ionchúisitheoir príobháideach ionadach. Luaigh an Ungáir freisin, i gcásanna a thionscnaítear tar éis moladh breithiúnach a tharchur ó OLAF, go seolfadh seirbhís ionchúisimh na hUngáire cinntí i gcónaí maidir le himeachtaí coiriúla a dhíbhe chuig OLAF, ar bhonn an tsocraithe comhair a tugadh i gcrích le OLAF an 11 Feabhra 2022. Thug an Ungáir le fios freisin mura ndéanfadh an tAontas agóid a i gcoinne na gcinntí ábhartha nó mura ngníomhódh sé mar ionchúisitheoir príobháideach ionadach, go léireodh sé sin go n-aontaíonn sé leis na cinntí sin nó nach ndéanfadh sé agóid ina gcoinne.

*3.1.3. Measúnú ón gCoimisiún*

(39) Leag an Coimisiún amach na forais maidir le himscrúdú agus ionchúiseamh i ndáil leis na saincheisteanna eile a tharraing sé anuas sa chás seo, go háirithe neamhrialtachtaí, easnaimh agus laigí sa soláthar poiblí, agus dá réir sin ní raibh siad bunaithe go heisiach ar na hábhair imní a bhí i gceist i moltaí GRECO. Ní thugtar aghaidh ar na hábhair imní a luaigh an Coimisiún le comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht na hUngáire maidir le dul i ngleic le moltaí ábhartha GRECO agus feidhmíocht na mBallstát eile. Tugann an Coimisiún dá aire ina theannta sin, faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, go ndéantar measúnú ar gach cás, raon agus raon feidhme na fianaise, ar a fhiúntas féin, agus na himthosca ábhartha uile á gcur san áireamh. Ina theannta sin, cé gur tugadh faoi deara sa mheastóireacht is déanaí a rinne GRECO[21] ar mhéid chur chun feidhme na moltaí ábhartha ag an Ungáir gur tháinig feabhas beag air, go bhfuil roinnt moltaí ábhartha fós ann maidir le héilliú a chosc i ndáil le hionchúisitheoirí, nó níl siad curtha chun feidhme ach go páirteach.

(40) Murab ionann agus an méid a mhaíonn an Ungáir ina dara freagra, níor thug an Coimisiún le tuiscint go mbeadh oibleagáid ar an Ungáir dul isteach in OIPE. Tá an Coimisiún go hiomlán ar an eolas faoin gcomhar déthaobhach idir an Ungáir agus OIPE, agus is díol sásaimh dó freagairt mhaith ón Ungáir ar iarrataí OIPE, i gcomhréir leis an dualgas atá uirthi comhar dílis a dhéanamh. É sin ráite, in éagmais rannpháirtíocht na hUngáire in OIPE, is í seirbhís ionchúisimh na hUngáire an t-aon oifig amháin a dhéanann imscrúduithe coiriúla ar choireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Dá bhrí sin, tá neamh-rannpháirtíocht na hUngáire in OIPE ábhartha i bhfianaise na n-ábhar imní maidir le feidhmiú éifeachtach sheirbhís ionchúisimh na hUngáire. Thairis sin, maidir leis an Ungáir agus mar a leagtar amach san fhógra, is é OLAF an t-aon chomhlacht riaracháin imscrúdúcháin amháin de chuid an Aontais i gcónaí atá inniúil maidir le líomhaintí i dtaca le calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú. Bíodh Ballstát rannpháirteach in OIPE nó ná bíodh, tá sé ríthábhachtach i gcónaí seirbhís ionchúisimh náisiúnta atá éifeachtach agus neamhspleách a bheith i bhfeidhm, chomh maith le creat láidir frithéillithe agus comhar éifeachtach le OLAF.

(41) Maidir leis na barúlacha a chuir an Ungáir isteach ar an tseirbhís ionchúisimh, thug an Coimisiún dá aire an fhaisnéis a soláthraíodh, faisnéis lenar deimhníodh struchtúr ordlathach na seirbhíse ionchúisimh agus lenar ndearnadh cur síos ar na ceanglais maidir le cásanna a bhaint agus a aistriú agus ar na rialacha maidir le himeachtaí araíonachta. Níor thug an Ungáir freagraí iomlána a bhí ábhartha d'eagrú ná d'fheidhmiú na seirbhíse ionchúisimh, lena n-áirítear maidir le himeachtaí a

---

[21] Féach an Ceathrú Babhta Meastóireachta GRECO — an Dara Tuarascáil Eatramhach maidir le Comhlíonadh.

bhaineann le moltaí breithiúnacha OLAF chun ábhair imní an Choimisiúin a mhaolú. Dá bhrí sin, tá imní fós ann maidir le saincheisteanna sistéamacha atá ábhartha d'fheidhmiú cuí na n-údarás imscrúdaitheach agus na seirbhíse ionchúisimh i ndáil le coireanna nó sáruithe ar dhlí an Aontais a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais nó le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ós rud é go bhfuil cumhachtaí lánroghnacha na seirbhíse ionchúisimh méadaithe ag a struchtúr ordlathach. Tá an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh cumhachtaí fairsinge an Ard-Ionchúisitheora, mar aon le heaspa srianta agus ceartúchán laistigh den tseirbhís ionchúisimh, difear a dhéanamh d'fheidhmiú éifeachtach na seirbhíse, agus tionchar aige sin ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

(42) Easaontaíonn an Coimisiún le hargóint na hUngáire, maidir le gan agóid a dhéanamh i gcoinne cinnidh nó gan gníomhú mar ionchúisitheoir príobháideach ionadach, go léireodh sé comhaontú nó neamhagóid i gcoinne cinneadh chun deireadh a chur le himeachtaí. Ní hamháin nach gcuirtear san áireamh leis an argóint sin cinntí gan imscrúdú a dhéanamh ná cinntí chun deireadh a chur le himscrúdú coireanna atá ábhartha chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ach tá sé d'aidhm aici freisin an fhreagracht as gníomhaíocht ionchúisimh a aistriú chuig an Aontas, rud atá contrártha do roinnt na bhfreagrachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, ar léiriú sainráite é Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar an gcaoi chéanna, ní féidir a thuiscint le soláthar an chinnidh chun imeachtaí a dhíbhe ar bhonn an tsocraithe um chomhar riaracháin le OLAF go léiríonn sé comhaontú nó neamhagóid maidir le cinneadh i dtaca le deireadh a chur le himeachtaí.

(43) I ndáil leis an méid sin, tugann an Coimisiún dá aire a mheasúnú mar a d'fhormhuinigh an Chomhairle é i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2022, 'nuair a thagann líomhaintí tromchúiseacha chun cinn, tá easpa córasach gníomhaíochta diongbháilte ann chun cásanna éillithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh a bhfuil baint ag oifigigh ardleibhéil nó ag na daoine is gaire dóibh. Is ábhar imní fós í an chuntasacht maidir le cinntí chun imscrúduithe a dhúnadh toisc nach bhfuil aon leigheasanna éifeachtacha ann i gcoinne chinntí na seirbhíse ionchúisimh gan gníomhaíocht choiriúil líomhnaithe a ionchúiseamh'[22], saincheist as ar eascair an moladh 'an creat frith-éillithe a threisiú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar iarrachtaí ionchúisimh [...]'[23]. Tugann an Coimisiún dá aire freisin, i gcomhthéacs Thuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta san Ungáir, gur moladh don Ungáir a cuntas teiste maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais a neartú i gcásanna éillithe ardleibhéil[24].

---

[22] Moladh ón gComhairle maidir le Clár Náisiúnta 2022 na hUngáire um Athchóiriú agus tuairim ón gComhairle a thabhairt maidir le Clár 2022 na hUngáire um Chóineasú, mír 26, ag https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9764-2022-INIT/en/pdf.

[23] Moladh ón gComhairle maidir le Clár Náisiúnta 2022 na hUngáire um Athchóiriú agus tuairim ón gComhairle a thabhairt maidir le Clár 2022 na hUngáire um Chóineasú, Moladh 4, ag https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9764-2022-INIT/en/pdf.

[24] Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta 2022, Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, le fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/40_1_193993_coun_chap_hungary_en.pdf, lch. 2.

## 3.2. Creat frithéillithe

### *3.2.1. Torthaí an Choimisiúin*

(44) Thug an Coimisiún dá aire gur cosúil nach raibh sa straitéis frithéillithe ná sa chreat níos leithne (lena n-áirítear, mar shampla, rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa, úinéireacht thairbhiúil, brústocaireacht agus dearbhú sócmhainní) forálacha ná gníomhaíochtaí maidir le cosc agus cur faoi chois éifeachtach cionta coiriúla a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leas airgeadais an Aontais. Thagair sé freisin d'ábhair imní leanúnacha maidir le héilliú ardleibhéil a chosc agus a cheartú agus thug sé dá aire nár chuir údaráis na hUngáire faisnéis ar fáil maidir leis na bearta a rinneadh chun na méideanna a ndearna na neamhrialtachtaí difear dóibh a aisghabháil, rud ba chúis le tionscadail a tharraingt siar ó chistiú an Aontais, ná nár chuir siad sonraí ar fáil maidir le haisghabhálacha. Sa chomhthéacs sin, tharraing an Coimisiún aird freisin ar theorainneacha sa reachtaíocht náisiúnta maidir le comhar i gcás frithbheartaíocht ó oibreoirí eacnamaíocha a dhéanfadh difear d'éifeachtacht an chomhair le OLAF.

### *3.2.2. Barúlacha a chuir an Ungáir isteach*

(45) Cheistigh an Ungáir tagairt an Choimisiúin d'Innéacs na Braistinte i dtaca le hÉilliú (IBÉ), ina dtugtar le fios, in éineacht le táscairí eile, go rangaítear an Ungáir i measc na mBallstát is ísle ó thaobh feidhmíochta de maidir le héilliú a chosc, a bhrath agus a cheartú. I ndáil leis sin, thagair an Ungáir d'anailís an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ('JRC') a foilsíodh in 2018[25], inar iarradh rabhadh agus torthaí IBÉ á léirmhíniú aici. Thagair an Ungáir freisin do Eorabharaiméadar 502 maidir le braistintí i dtaca le héilliú (táscaire nár luadh san fhógra) a foilsíodh i mí an Mheithimh 2020, lena léirítear go raibh rangú níos fearr ag an Ungáir ná ocht mBallstát eile. Thairis sin, luaigh an Ungáir tuarascáil ón Aonad Eorpach um Chomhar Breithiúnach (Eurojust) ó mhí na Bealtaine 2022[26] chun a dheimhniú go bhfuil an Ungáir rangaithe sa lár ó thaobh rannpháirtíocht i gcásanna éillithe de.

(46) Maidir leis an gcreat frithéillithe, rinne an Ungáir tagairt do Straitéis um Éilliú a Chosc 2020-2022 agus chuir sí in aghaidh chinneadh an Choimisiúin gur cuireadh síneadh leis an sprioc-am chun na beart (beagnach leath acu) a chur chun feidhme. De réir na hUngáire, ba é an chúis a bhí leis sin gur fhág paindéim COVID-19 nárbh fhéidir oiliúint, comhairliúcháin ná taighde fisiceach a dhéanamh agus sin an fáth ar cuireadh síneadh lena cur chun feidhme go dtí an 30 Meitheamh 2023. Thairis sin, thug an Ungáir le fios go n-áirítear bearta sonracha idirghabhála agus amlíne na Straitéise Frith-Éillithe 2020-2022 i gCinneadh Uimh. 1328/2020 ón Rialtas an 19 Meitheamh 2020.

(47) Chuir an Ungáir i gcoinne freisin go bhfuil ról níos lú ag fógraí ó údaráis riaracháin maidir le neamhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith tuairiscithe ag sceithirí in imscrúduithe coiriúla trína chur in iúl nach bhfuil cumhachtaí ag an tSeirbhís Náisiúnta Cosanta ('NVSZ') imscrúdú a dhéanamh ach go bhfíoraíonn sí an bhfuil na líomhaintí ceart agus go dtionscnaíonn sí bearta leantacha iomchuí. Chuir sí i gcoinne chinneadh an Choimisiúin freisin nach féidir leis an Údarás Náisiúnta Cánach agus Custaim imeachtaí a thionscnamh ach amháin má thionscain údaráis

---

[25] Féach https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC113251.

[26] Cásobair Eurojust maidir le hÉilliú: Léargais 2016-2021, mí na Bealtaine 2022, le fáil ag https://www.eurojust.europa.eu/sites/default/files/assets/eurojust-casework-on-corruption-2016-2021-insights-report.pdf.

imscrúdaitheacha fiosrúcháin choiriúla agus má thagair sí do na forálacha ábhartha sa reachtaíocht náisiúnta.

(48) Maidir le dearbhuithe sócmhainní, luaigh an Ungáir gurb é atá i gcóras dearbhaithe sócmhainní na hUngáire d'Fheisirí an Tionóil Náisiúnta agus d'fheidhmeannaigh shinsearacha polaitiúla trasuí ar an gcóras a úsáideann Parlaimint na hEorpa mar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.

(49) Ina theannta sin, cé gur áitigh an Ungáir ar dtús nach sainítear go sonrach i reachtaíocht an Aontais ná i reachtaíocht na mBallstát coincheap an éillithe ardleibhéil, sa dara freagra rinne sí tagairt don fhaisnéis a chuir sí ar fáil i gcomhthéacs thuarascáil 2022 maidir leis an smacht reachta maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe ardleibhéil. Ina theannta sin, chuir sí in aghaidh raon an éillithe faoi dhlí an Aontais.

*3.2.3. Measúnú ón gCoimisiún*

(50) Tá sé le tabhairt faoi deara (i) gur chuir an Coimisiún in iúl go soiléir gur cuireadh an CPI san áireamh mar tháscaire comhlántach, (ii) d'admhaigh an Ungáir féin go raibh sí ar na tíortha is measa a chruthaigh (an dara tír ba mheasa) in CPI 2021 agus, rud nach beag (iii) gur athraíodh an mhodheolaíocht chun scór CPI a ríomh díreach tar éis anailís JRC chun moltaí an Choimisiúin a chomhlíonadh[27]. Maidir le hargóint na hUngáire atá bunaithe ar Eorabharaiméadar Speisialta, tugann an Coimisiún dá aire i dtaca leis an Eorabharaiméadar Speisialta maidir le héilliú 523[28] a foilsíodh an 13 Iúil 2022 go measann 91 % de fhreagróirí na hUngáire go bhfuil an t-éilliú forleathan ina dtír, i bhfad os cionn mheán an Aontais 68 %. Ina theannta sin, tá tásca ann ina léirítear go measann níos mó agus níos mó daoine go bhfuil caimiléireacht idir saol an ghnó agus polaiteoirí agus 74 % de na daoine ar ar cuireadh ceist, mheas siad gurb é an t-aon bhealach chun dul chun cinn a dhéanamh i saol an ghnó ná naisc pholaitiúla a bheith acu. Maidir leis an tagairt do thuarascáil Eurojust, meabhraíonn an Coimisiún nach gcláraíonn Eurojust ach cásanna trasteorann[29]; dá bhrí sin, mar sin, is éard atá sa tuarascáil, i measc nithe eile, tuarascáil ar staid an éillithe atá cláraithe laistigh de Bhallstát aonair, agus ar éifeachtacht na n-údarás náisiúnta chun dul i ngleic leis an éilliú gan gné thrasteorann.

(51) I ndáil leis an argóinteacht a cuireadh isteach maidir leis na bearta faoin straitéis frithéillithe, luaitear sa Tuarascáil Tíre i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2022 go 'gcuideodh na bearta sin le héilliú in institiúidí poiblí agus i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit a bhrath agus a ionchúiseamh ar bhealach níos éifeachtaí dá mba rud é go gcuirfí i bhfeidhm iad'[30]. Tagraítear don tsaincheist sin freisin i dTuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta don Ungáir[31]. Thairis sin, measann an Coimisiún

---

27 Féach https://images.transparencycdn.org/images/CPI2020_TechnicalMethodologyNote_ENv2.pdf .

28 https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2658

29 Féach https://www.eurojust.europa.eu/about-us/what-we-do, chomh maith leis an gcéad phointe den Achoimre Feidhmiúcháin ar Thuarascáil Eurojust a arna ag an Ungáir.

30 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Tuarascáil Tíre 2022 — an Ungáir A ghabhann leis an doiciméad Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Clár Náisiúnta na hUngáire 2022 um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na hUngáire, an Bhruiséil, 23.5.2022, SWD(2022) 614 final, lch. 14.

31 Féach Tuarascáil 2021 maidir leis an Smacht Reachta ón gCoimisiún — Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, SWD(2021) 714 final, ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021SC0714, leathanach 13.2022 Tuarascáil ar an Smacht

faoi roinnt de na bearta ar cuireadh síneadh lena spriocdháta le haghaidh cur chun feidhme go 2023 nach bearta iad a gcuirfeadh paindéim COVID-19 bac orthu[32].

(52) A mhéid a bhaineann leis an 'ról beagáinín níos lú' atá ag uirlisí coisctheacha in imscrúduithe coiriúla, measann an Coimisiún go bhfuarthas faisnéis ábhartha ó sheirbhís ionchúisimh na hUngáire i gcomhthéacs ullmhú Thuarascálacha 2021 agus 2022 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta[33]. Measann an tseirbhís ionchúisimh gurb í an tSeirbhís Náisiúnta Cosanta an phríomhfhoinse agus gur foinse í atá fíor-riachtanach chun fianaise a bhailiú chun imscrúduithe agus ionchúisimh éillithe a thionscnamh. Sa chomhthéacs céanna, thug údaráis na hUngáire féin le fios gur ar bhonn ghníomhaíochtaí imscrúdaithe coiriúla na n-údarás imscrúdaithe go príomha a thionscnaítear imeachtaí coiriúla maidir le cionta éillithe, agus gurb é an tSeirbhís Náisiúnta Chosanta (faireachas rúnda) a bhraitheann formhór na gcásanna a dhéantar a imscrúdú[34]. Faisnéis a eascraíonn as uirlisí braite, amhail dearbhuithe sócmhainní, nochtadh sceithirí agus clárlann, is beag an ról a bhíonn aici in imscrúduithe éillithe[35].

(53) Maidir leis an Údarás Náisiúnta Cánach agus Custaim, tugann an Coimisiún dá aire go n-aithníonn an Ungáir nach féidir seiceálacha den sórt sin a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil amhras ann go ndearna an t-údarás imscrúdaithe cionta coiriúla, rud a dhearbhaíonn na torthaí san fhógra.

(54) Thairis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara maidir le comhlachtaí Stáit a bhfuil feidhmeanna maoirseachta go raibh ceisteanna ann faoina neamhchlaontacht maidir le héilliú a bhrath[36]. Tá sásraí rialaithe easnamhacha neamhspleácha agus idirnaisc dhiana idir an pholaitíocht agus gnólachtaí áirithe ag cuidiú le héilliú[37].

---

Reachta Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/40_1_193993_coun_chap_hungary_en.pdf, lch. 12.

32 Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás (a) córas tacaíochta cinntí uathoibrithe a fhorbairt chun trédhearcacht agus cuntasacht an phróisis cinntí a fheabhsú (sprioc-am nua 31 Eanáir 2023), (b) cásleabhar maidir le dul i ngleic leis an éilliú do chleachtóirí (sprioc-am nua an 30 Meitheamh 2023), (c) iontrálacha sonraí i gcóras measúnaithe riosca na Seirbhíse Náisiúnta Cosanta (sprioc-am nua 30 Meitheamh 2023), (d) creat dlíthiúil maidir le héilliú i mórinfheistíochtaí bonneagair (sprioc-am nua an 30 Meitheamh 2023), (e) suirbhéanna ar shamhlacha bainistíochta sláine d'eintitis stáit agus d'fhiontair faoi úinéireacht stáit (sprioc-am 30 Meitheamh 2023) agus (f) tuarascáil cur chun feidhme ar na cúraimí a leagtar amach i Straitéis 2020-2022 ón Aire Gnóthaí Baile (sprioc-am an 31 Bealtaine 2023 do thuarascáil na nAirí; an 30 Meitheamh 2023 don tuarascáil achomair ón Aire Gnóthaí Baile)

33 Féach freisin Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reatha Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/40_1_193993_coun_chap_hungary_en.pdf, lch. 13.

34 Féach Tuarascáil 2021 maidir leis an Smacht Reachta ón gCoimisiún — Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir - Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Tuarascáil 2021 maidir leis an Smacht Reatha – Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, SWD(2021) 714 final, ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021SC0714, leathanach 13.

35 Féach freisin Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reatha Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/40_1_193993_coun_chap_hungary_en.pdf, lch. 13.

36 I ndáil leis sin, féach freisin Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reatha Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/40_1_193993_coun_chap_hungary_en.pdf, lch. 92.

37 I ndáil leis sin, féach freisin Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reatha Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/40_1_193993_coun_chap_hungary_en.pdf, lch. 93.

(55) Maidir leis an argóinteacht a chuir an Ungáir ar fáil maidir leis na dearbhuithe sócmhainní, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil ábhair imní sheanbhunaithe ann fós a mhéid a bhaineann le maoirseacht, fíorú agus forfheidhmiú éifeachtach agus trédhearcach a dhéanamh ar na rialacha maidir le cóid iompair, coinbhleachtaí leasa agus dearbhuithe sócmhainní d'Fheisirí na Parlaiminte agus d'oifigigh ardriosca eile[38]. Na leasuithe ar na rialacha maidir le dearbhuithe sócmhainní d'Fheisirí na Parlaiminte a tugadh isteach i mí Iúil 2022, níl sé d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin. De thoradh na rialacha nua, bíonn ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna fós ann maidir le dearbhuithe sócmhainní i gcomparáid leis an gceann roimhe sin a bhí infheidhme go dtí an 31 Iúil 2022, ós rud é nach bhfuil oibleagáid ar chomhaltaí na Parlaiminte tuairisciú a dhéanamh ar a sócmhainní a thuilleadh[39]. Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht córais dearbhuithe sócmhainní, ba cheart an staid fhoriomlán ina bhfuil feidhm ag an gcóras sin a chur san áireamh. Mar a mhínítear san fhógra, sa litir intinne agus thuas, is ábhar imní é comhthéacs na hUngáire agus dá bhrí sin tá gá le córas dearbhuithe sócmhainní níos cuimsithí.

(56) Sa dara freagra a thug an Ungáir, rinne sí tagairt d'imscrúduithe oscailte i gcásanna móréillitheachta a bhí luaite aici i gcomhthéacs thuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta. Bhí léiriú sa mhéid sin gur thuig sí coincheap na móréillitheachta agus an difear idir í agus mionéillitheacht nó éillitheacht bheag, gan beann ar an sainmhíniú ar chionta éillitheachta i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta. Ag an am céanna, cé gur dhíol sásaimh don Choimisiún an fhaisnéis a cuireadh ar fáil, ní hionann é agus cuntas teiste láidir maidir le himscrúduithe ar líomhaintí éillithe maidir le hoifigigh ardleibhéil agus a gciorcal láithreach, ar cúis mhór imní fós é[40]. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur thug an Ungáir aghaidh ar na hábhair imní maidir le móréillitheacht a chosc agus a cheartú.

## 4. TABHAIRT I GCRÍCH MHEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN MAIDIR LE SÁRUITHE AR PHRIONSABAIL AN SMACHTA REACHTA

(57) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún gur bailí fós iad na saincheisteanna a sainaithníodh san fhógra agus a dhéantar a athdhearbhú sa litir intinne agus gur sáruithe sistéamacha iad ar phrionsabail an smachta reachta de réir bhrí Airteagal 2(a) den Rialachán maidir le Coinníollacht, go háirithe prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin, de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfianaise Airteagal 3(b) de. Baineann na hábhair imní sin le roinnt de na cásanna a liostaítear in Airteagal 4(2) de, go háirithe:

- (a) feidhmiú cuí na n-údarás a chuireann buiséad an Aontais chun feidhme, [...] go háirithe i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí;

---

38 An Ceathrú Babhta Meastóireachta GRECO — an Dara Tuarascáil Eatramhach maidir le Comhlíonadh, lch. 5.

39 Is é an t-aon cheanglas atá ann ioncam agus sealúchais a dhearbhú, seachas sócmhainní. Ní mór sócmhainní a áireamh i ndearbhuithe sócmhainní sa chiall litriúil, i.e. maoin réadach dhochorraithe, sealúchais shochorraithe luachmhara (amhail feithiclí, soithí, seandachtaí luachmhara agus saothair ealaíne, etc.), coigilteas i dtaiscí bainc agus in airgead tirim, socruithe bainistíochta, iontaobhais (lena n-áirítear aon ghaol atá ag oifigeach poiblí nó ag duine den teaghlach maidir le hiontaobhas), cistí cothromais phríobháidigh, polasaithe árachais saoil, agus faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil.

40 Féach freisin Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reatha Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, í ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/40_1_193993_coun_chap_hungary_en.pdf, lch. 14.

- feidhmiú cuí na n-údarás a dhéanann rialú airgeadais, faireachán agus iniúchtaí, agus feidhmiú cuí córas éifeachtach trédhearcach bainistithe airgeadais agus cuntasachta;
- (e) calaois, [...], éilliú nó sáruithe eile ar dhlí an Aontais a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais nó le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith [...];
- (h) Cásanna eile [...] atá ábhartha maidir le bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, agus is éard atá ann sa chás seo mainneachtain leanúnach maidir lena áirithiú go seachnaítear rioscaí éillithe agus neamhrialtachtaí eile i mbainistiú chistí an Aontais leis an gcreat rialála agus leis an gcleachtas sa soláthar poiblí.

## 5. NÍ FÉIDIR BUISÉAD AN AONTAIS A CHOSAINT AR BHEALACH NÍOS ÉIFEACHTAÍ LE NÓSANNA IMEACHTA EILE

### 5.1. Measúnú tosaigh ón gCoimisiún

(58) I bhfianaise a bhfuil thuas, ní chuirfí ar a chumas le haon nós imeachta eile faoi dhlí an Aontais buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí ná an nós imeachta a leagtar amach leis an Rialachán maidir le Coinníollacht. Is forleathan iad na heasnaimh, na laigí, na teorainneacha agus na rioscaí a sainaithníodh agus tá siad fite fuaite ina chéile. Cuireann sé sin cosc nósanna imeachta eile is éifeachtaí ná na nósanna imeachta dá bhforáiltear leis an Rialachán maidir le Coinníollacht. Le breis agus deich mbliana anuas, díríodh moltaí agus ceartúcháin ar an Ungáir i ngeall ar laigí agus neamhrialtachtaí tromchúiseacha, i réimse an tsoláthair phoiblí go háirithe. Fiú má rinne an Coimisiún beart gach uair a shainaithin sé sáruithe ar rialacha soláthair phoiblí nó ar an dlí is infheidhme chun buiséad an Aontais a chosaint ar bhonn nósanna imeachta a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais, bliain i ndiaidh bliana, clárthréimhse tar éis clárthréimhse, lean soláthar poiblí san Ungáir d'easnaimh agus de laigí a bheith acu, easnaimh agus laigí lena ndearnadh difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus do chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

(59) Le cur chuige coisctheach iniúchtaí sheirbhísí an Choimisiúin, ar thaobh amháin, léiríodh nach raibh an Ungáir in ann feidhmiú éifeachtach na n-údarás atá i gceannas ar bhuiséad an Aontais a chur chun feidhme ná faireachán a dhéanamh ar bhuiséad an Aontais a áirithiú, agus, ar an taobh eile, go raibh gá le gníomhaíocht leanúnach, fhorleathan agus réamhbhreathnaitheach ón gCoimisiún chun an buiséad sin a chosaint.

(60) A mhéid a bhaineann leis na hathchóirithe a rinneadh le déanaí maidir le hiontaobhais leasa phoiblí, mar gheall ar chineál cúlghabhálach na nósanna imeachta a leagtar amach i reachtaíocht eile de chuid an Aontais, mar aon leis na rioscaí tromchúiseacha go bhféadfaí cistí de chuid an Aontais a chur in áirithe agus a eisíoc gan coinbhleacht leasa a sheiceáil agus ní gá go mbeadh siad i gcomhréir leis na rialacha soláthair, is é an nós imeachta arna bhunú leis an Rialachán maidir le Coinníollacht an ionstraim is éifeachtaí chun buiséad an Aontais a chosaint.

(61) Fiú dá bhféadfaí úsáid modhanna áirithe eile atá ar fáil faoi rialacha earnála a bheartú, amhail iniúchtaí arna ndéanamh ag seirbhísí an Choimisiúin, a d'fhéadfadh neamhrialtachtaí nach bhfuil coiscthe, sainaitheanta nó ceartaithe ag údaráis na hUngáire a shainaithint, baineann na bearta sin go ginearálta le caiteachas a

dearbhaíodh cheana féin don Choimisiún. Ní leor ceartuithe airgeadais sa chás seo, toisc nach de chineál coisctheach iad i bprionsabal agus d'fhéadfadh sé nach mbaineann siad le saincheisteanna sistéamacha i gcónaí.

(62) Fiú amháin cur chuige réamhghníomhach ón gCoimisiún, amhail iniúchtaí coisctheacha sheirbhísí an Choimisiúin, bheadh sin teoranta do na cistí sonracha a bhaineann leis na rialacha earnála is infheidhme. Ina theannta sin, le cur chuige den sórt sin, ní chuirfí ar a chumas don Choimisiún an buiséad a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí nó níos éifeachtaí, toisc go ndíreodh sé ar chláir shonracha gan aghaidh a thabhairt ar raon feidhme iomlán na laigí a sainaithníodh.

(63) Neartaítear ar na laigí sin leis an imní maidir le himscrúdú agus le hionchúiseamh, chomh maith leis na teorainneacha a bhaineann leis an creat frithéillithe Tá na hábhair imní agus na teorainneacha sin ábhartha go háirithe i gcás ina ndéantar tionscadail arna n-imscrúdú ag OLAF a tharraingt siar ó chistiú ón Aontas, ós rud é gurb is gnách a tharlú dá thoradh sin nach dtugtar aghaidh ar bhunchúis na laige agus go mbeidh sí arís ann.

(64) Sa chleachtas, i bhfianaise na n-imthosca sin, táthar den tuairim go bhféadfaí difear a dhéanamh do chuid shuntasach de na hoibríochtaí nár imscrúdaíodh nó nár iniúchadh de dheasca neamhrialtachtaí, agus é á chur san áireamh, i gcás ina nochtar neamhrialtachtaí, gurb é a dhéantar le cistí náisiúnta ar dócha go sroichfidh siad a bhfaighteoirí deartha iad a chur in ionad chistí an Aontais, gan iarmhairtí nithiúla a bheith ann do na neamhrialtachtaí riaracháin nó coiriúla a rinneadh, b'fhéidir, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí leanúint de na neamhrialtachtaí nó go mbeidís ann i gcás oibríochtaí eile nach ndéantar imscrúdú orthu nó nach ndéantar iniúchadh orthu, agus gan bearta éifeachtacha agus díspreagthacha a ghlacadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 325(1) CFAE.

(65) Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh comhaontuithe, pleananna gníomhaíochta agus ionstraimí eile, i bprionsabal, feabhas a chur ar imscrúdú cuí calaoise, éillithe nó sáruithe ábhartha eile ar dhlí an Aontais nó ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil easpa fianaise ar a gcur chun feidhme éifeachtach, ní féidir a mheas go bhfuil siad in ann cosaint a thabhairt i gcoinne rioscaí tromchúiseacha do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus do leasanna airgeadais an Aontais.

(66) Mar chonclúid, déanann ábhair imní an Choimisiúin i gcás na hUngáire difear do roinnt príomhréimsí maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais agus comhlíontacht le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus, go carnach, gur rioscaí tromchúiseacha iad do leasanna airgeadais an Aontais. Go deimhin, tá ceisteanna ann maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais san Ungáir, ceisteanna cosúil go bhfuil imscrúdú cuí á dhéanamh orthu mar gheall ar theorainneacha struchtúracha, dlíthiúla nó praiticiúla nó bacainní maidir le calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath, a imscrúdú agus a cheartú; is staid fhoriomlán é sin lena bhfuil baol díreach agus tromchúiseach ann go ndéanfadh sé difear do leasanna airgeadais an Aontais. I ndáil leis sin, tá na saincheisteanna a sainaithníodh chomh forleathan agus chomh tromchúiseach sin gur mó na rioscaí airgeadais foriomlána do bhuiséad an Aontais agus do leasanna airgeadais an Aontais ná na rioscaí ar féidir aghaidh a thabhairt orthu le nósanna imeachta eile a leagtar amach in ionstraimí earnálacha éagsúla. Dá bhrí sin, i dtuairim an Choimisiúin, mar gheall ar chastacht na gceisteanna agus mar gheall go bhfuil siad fite fuaite ina chéile, níl aon

nós imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais lena gceadófaí dó buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí.

### 5.2. Barúlacha a chuir an Ungáir isteach

(67) D'áitigh an Ungáir go n-áirítear i Rialachán 1060/2021 (CPR)[41] bearta amhail sprioc-amanna íocaíochta a bhriseadh, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus ceartuithe airgeadais, bearta atá éifeachtach agus iomchuí chun buiséad an Aontais a chosaint. Thagair an Ungáir freisin do mhodhanna eile atá ar fáil don Choimisiún chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a ráthú i gcomhthéacs ghlacadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, na gClár do chistí struchtúracha, chomh maith leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF). D'áitigh an Ungáir freisin, maidir le rialacha soláthair phoiblí agus maidir lena léirmhíniú agus lena gcur i bhfeidhm praiticiúil, go bhféadfadh an Coimisiún idirghabháil a dhéanamh freisin trí imeachtaí um shárú.

### 5.3. Measúnú ón gCoimisiún

(68) Ní aontaíonn an Coimisiún leis an Ungáir go bhféadfadh bearta eile de chuid an Aontais buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr. A mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbeart airgeadais dá bhforáiltear i Rialachán 1060/2021 (CPR)[42], tugann an Coimisiún dá aire maidir leis na bearta sin go bhfuil siad teoranta don raon feidhme agus do na critéir atá sa rialáil earnála sin, de réir sainmhínithe, agus nach féidir leo an chosaint choisctheach agus chórasach ghinearálta is féidir a bhaint amach faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais an tábhacht a bhaineann leis an ngné choisctheach ghinearálta sin den Rialachán maidir le Coinníollacht[43]. Maidir leis na coinníollacha cumasúcháin a chumhdaítear in RFC a urramú agus faireachán a dhéanamh orthu, is éard a thugann an Coimisiún dá aire ar dtús, cé gurb é an t-aon iarmhairt faoi Airteagal 15 RFC a bhaineann le mainneachtain maidir le coinníoll cumasúcháin a chomhlíonadh nach ndéanann an Coimisiún caiteachas dearbhuithe a aisíoc, gur mó an raon feidhme féidearthachtaí a dheonaítear sa Rialachán maidir le Coinníollacht chun buiséad an Aontais a chosaint, lena n-áirítear formheas cláir amháin nó níos mó a chur ar fionraí, chomh maith le gealltanais faoi bhainistíocht chomhroinnte a chur ar fionraí. Murab ionann agus an nós imeachta faoi Airteagal 15 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, áirítear réamh-mhaoiniú leis sin freisin. Thairis sin, maidir le raon feidhme na gcoinníollacha cumasúcháin a d'fhéadfadh a bheith ábhartha sa chás seo, 'Sásraí faireacháin éifeachtúla ar an margadh soláthair phoiblí' agus 'An Chairt um Chearta Bunúsacha

---

41 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

42 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

43 Féach breithiúnas na Cúirte (an Chúirt Iomlán) an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, Cás C-156/21, ECLI:EU:C:2022:97, míreanna 262 agus 266 go háirithe.

a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go héifeachtach' go háirithe, tá siad éagsúil le raon feidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht, agus níos srianta ná é.

(69) A mhéid a bhaineann le nósanna imeachta um shárú maidir le cur i bhfeidhm rialacha soláthair phoiblí agus a gcur chun feidhme, le haithris (17) den Rialachán maidir le Coinníollacht, soiléirítear gur reachtaíocht airgeadais agus earnáilsonrach 'reachtaíocht' dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán maidir le Coinníollacht. Nósanna imeachta um shárú nach bhfuil bunaithe ar ghníomh reachtach ach go díreach ar an dlí príomha (Airteagal 258 CFAE), ní féidir a mheas go bhfuil siad ábhartha de réir bhrí Airteagal 6(1) den Rialachán maidir le Coinníollacht.

(70) Maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, áirítear i Rialachán (AE) 2021/241 forálacha atá nasctha le cosaint leasanna airgeadais an Aontais[44], forálacha nach mór don Bhallstát a chomhlíonadh agus bearta faoin tSaoráid á gcur chun feidhme aige. Sa bhreis air sin, is ar na Ballstáit i gcónaí atá an phríomhfhreagracht dlí an Aontais agus dlí náisiúnta a chomhlíonadh agus na bearta sin á gcur chun feidhme acu, i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2021/241, cé gur féidir leis an gCoimisiún dul ar aghaidh chuig bearta ceartaitheacha *ex post* i gcásanna calaoise, éillithe agus coinbhleachtaí leasa a chuireann isteach ar leasanna airgeadais an Aontais nár cheartaigh an Ballstát, nó sárú tromchúiseach ar oibleagáid a eascraíonn as an gcomhaontú iasachta nó an comhaontú maoinithe i gcomhréir le hAirteagal 22(5) den Rialachán sin. Níos tábhachtaí fós, níor glacadh RRP na hUngáire go fóill agus braitheann a ábhar agus a acmhainneacht chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar na bearta iarbhír a bheidh ann, ach ar an mbealach a chuirfidh an Ungáir na bearta sin chun feidhme freisin.

(71) I bhfianaise a bhfuil thuas, ní chuirfí ar a chumas le haon nós imeachta eile faoi dhlí an Aontais buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí ná an nós imeachta a leagtar amach leis an Rialachán maidir le Coinníollacht.

## 6. BARÚLACHA A CHUIR AN UNGÁIR ISTEACH

(72) I dteannta na n-argóintí a thíolaic an Ungáir maidir leis na saincheisteanna sonracha a tharraing an Coimisiún anuas, thíolaic an Ungáir barúlacha ginearálta freisin, barúlacha lenar chuir sí i gcoinne roinnt gnéithe den nós imeachta. Go háirithe, d'áitigh sí nach ar bhonn foras leordhóthanach fíorasach ná dlíthiúil a thionscain an Coimisiún an nós imeachta i gcoinne na hUngáire, í ag cur i gcoinne iontaofacht na bhfoinsí a d'úsáid an Coimisiún go háirithe. D'áitigh sí freisin nár áirithigh an Coimisiún neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann i measc na mBallstát, agus tagairt á déanamh aici d'fheidhmíocht na mBallstát eile i Scórchlár an Mhargaidh Aonair agus do na moltaí faoin Seimeastar Eorpach maidir leis an gcreat soláthair phoiblí a neartú go háirithe, do chreataí frithéillithe a bhunú agus do neamhspleáchas na seirbhíse ionchúisimh a áirithiú. Thairis sin, d'áitigh sí nár thug an Coimisiún aird chuí ar ghnéithe sonracha de chóras dlí na hUngáire, córas dlí lena bhforáiltear do chorrlach lánroghnach i gcur chun feidhme phrionsabail an smachta reachta. Ina theannta sin, d'áitigh sí gur cheart feidhm a bheith ag prionsabail na gceart cosanta in imeachtaí coiriúla, agus i ndlí na hiomaíochta freisin sa chomhthéacs sin, agus nár urramaigh an Coimisiún na cearta sin.

[44] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.

(73) Sa dara freagra a thug an Ungáir, cháin sí gur seoladh an litir intinne an 20 Iúil, gan na ceithre cinn déag de bhearta ceartaitheacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 19 Iúil a chur san áireamh. I gcás dhá cheann déag de na bearta sin, gheall an Ungáir iad a choimeád ar bun gan choinníoll agus ar feadh tréimhse éiginnte. Dá bhrí sin, d'áitigh sí gur cheart don Choimisiún na gealltanais sin a chur san áireamh ina mheasúnú sular sheol sé an litir sin, go háirithe freisin toisc gur sprioc-am táscach é an sprioc-am de mhí amháin a leagadh síos sa Rialachán maidir le Coinníollacht chun an litir a sheoladh. Mheas sí freisin gur cheart glacadh leis na bearta a moladh trí thagairt a dhéanamh do dhréacht-gharspriocanna a RRP mar bhearta feabhais, agus d'áitigh sí nach n-éilítear leis an Rialachán maidir le Coinníollacht ná le Treoirlínte a churtha i bhfeidhm foirm shonrach inar féidir bearta feabhais a mholadh le linn an nós imeachta. Ar an mbonn sin, d'áitigh sí go raibh an Coimisiún ag sárú phrionsabal an chomhair dhílis idir an Coimisiún agus an Ballstát, chomh maith leis an gceanglas maidir le measúnú oibiachtúil, neamhchlaonta agus cothrom a leagtar amach sa Rialachán maidir le Coinníollacht.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(74) Measann an Coimisiún nach bhfuil bunús leis na hargóintí a chuir an Ungáir isteach, ós rud é go ndearna an Coimisiún measúnú cáilíochtúil críochnúil atá oibiachtúil, neamhchlaonta, cothrom agus lena n-urramaítear comhionannas idir na Ballstáit. Rinne an Coimisiún faisnéis ó roinnt foinsí a bhí ar fáil a chur san áireamh go cuí[45], chun sáruithe ábhartha ar phrionsabail an smachta reachta a shainaithint, a chros-seiceáil agus a mheasúnú, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,[46] lena n-áirítear an fhaisnéis a thíolaic an Ungáir ina freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Coimisiún i dtreis go ndéantar measúnú ar gach cás, raon agus raon feidhme na fianaise, ar a fhiúntas féin, agus na himthosca ábhartha uile á gcur san áireamh. Cé gur fíor i gcásanna áirithe nuair a fhéachtar ar tháscairí aonair go bhféadfadh Ballstáit eile feidhmiú ar bhealach is measa ná mar a fheidhmíonn an Ungáir maidir le gnéithe áirithe, is measúnú cáilíochtúil cuimsitheach é measúnú an Choimisiúin, measúnú ina gcuirtear san áireamh an comhthéacs ábhartha dlíthiúil agus institiúideach, measúnú ina dtugtar le chéile faisnéis, táscairí agus barúlacha ó fhoinsí éagsúla chun léargas níos iomláine a fháil ar an staid san Ungáir ná mar a d'fhéadfaí a sholáthar le táscairí aonair.

(75) San fhógra, agus sa litir intinne, soiléiríodh go léirítear go bhfuil riosca leanúnach ann do bhainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais de dheasca go bhfuil na saincheisteanna ann thar thréimhse is faide ná deich mbliana, de shárú ar dhlí an Aontais, agus de dheasca nach ndearna údaráis phoiblí na hUngáire na sáruithe sin a chosc ná a cheartú go fóill ná leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach. Ar bhonn an mhéid sin, mura ndéantar bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar ar bhealach éifeachtach mar ábhar práinne, is éard a mheas an Coimisiún nach bhfuil aon fhoras ann glacadh leis go dtiocfaidh feabhas suntasach ar an staid.

---

[45] Cuireadh na foinsí sin in iúl sna fonótaí agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an bhfógra agus leis an litir intinne agus tá rochtain ag an bpobal orthu.

[46] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Feabhra 2022, *An Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, Cás C-156/21, ECLI:EU:C:2022:97; Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Feabhra 2022, *An Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, Cás C-157/21, ECLI:EU:C:2022:98.

(76) Ar deireadh, thug an Coimisiún urraim chuí do chearta cosanta na hUngáire, i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin maidir le Coinníollacht, agus le prionsabail dhlí an Aontais, mar gur luaigh sé go soiléir na hábhair imní a bhí aige agus na forais a bhí aige an nós imeachta a thionscnamh, thug sé deis don Ungáir a barúlacha a thíolacadh ag gach céim den nós imeachta agus thug sé aird chuí ar na barúlacha arna dtíolacadh ag an Ungáir, agus ar na bearta feabhais a mhol sí ina chéad fhreagra agus ina dara freagra.

(77) Maidir leis na bearta nó na gníomhaíochtaí a mhol an Ungáir an 19 Iúil 2022, tá na hargóintí a chuir an Ungáir in iúl gan bhunús ar chúiseanna éagsúla. Ar an gcéad dul síos, níor moladh na bearta feabhais leis na barúlacha ar an litir fógra agus laistigh den teorainn ama a shonraítear sa litir fógra sin, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5) agus (9) den Rialachán maidir le Coinníollacht, ach níos déanaí sa phróiseas. Ar an dara dul síos, is teorainn tháscach atá sa teorainn ama in Airteagal 6(6) den Rialachán maidir le Coinníollacht, ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuil sé ceangal ar an gCoimisiún síneadh a chur léi gan ghá. Is féidir síneadh den sórt sin a chur leis nuair a bhíonn bonn cirt leis sin chun anailís a dhéanamh ar na barúlacha agus ar leordhóthanacht na mbeart feabhais, rud nach mór a thíolacadh in am trátha. Sa litir intinne, d'iarr an Coimisiún ar an Ungáir sonraí breise a thíolacadh a luaithe ab féidir maidir leis na bearta feabhais a moladh, maidir lena gcineál agus maidir leis na hionstraimí éagsúla a d'fhéadfaí a úsáid chun na bearta feabhais sin a thabhairt ar aghaidh. Go háirithe a mhéid a bhaineann leis an mbeart feabhais atá ábhartha don leasú ar an athbhreithniú breithiúnach ar chinntí ionchúisimh, leasú a bhí á phlé i gcomhthéacs an RRP, chuir an Coimisiún in iúl go soiléir go raibh roinnt forchoimeádas ag an gCoimisiún maidir le gnéithe teicniúla lena bhféadfaí a éifeachtacht a chur i mbaol. Dá bhrí sin, ag an gcéim sin, ní raibh aon chúis ag an gCoimisiún moill a chur ar an litir intinne a sheoladh. Ar deireadh, rinneadh na bearta feabhais sin a ionadú leis na bearta feabhais a cuireadh isteach go foirmiúil sa dara freagra, lena n-áirítear na gealltanais bhreise a áiríodh i litir mhí Mheán Fómhair.

(78) Thairis sin, chun bearta feabhais a mheas mar bhearta feabhais atá leordhóthanach chun críche an Rialacháin maidir le Coinníollacht, lena n-áirítear dréachtreachtaíocht i gcás inarb iomchuí, is éard a mhínigh an Coimisiún go soiléir ina litir intinne gur cheart iad a mholadh gan choinníoll faoi chuimsiú an nós imeachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, agus ba cheart iad a bheith beacht go leor i dtéarmaí ábhair agus amlíne an chur chun feidhme, agus gan iad a bheith teoranta ó thaobh ama de. Ina lán cásanna, áiríodh sa chéad fhreagra tagairtí do thograí a breithníodh i gcomhthéacs dhréacht-RRP na hUngáire. Ní féidir tagairtí do dhréacht-garspriocanna RRP a mheas mar bhearta feabhais arna dtíolacadh i gcomhthéacs an nós imeachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht de bhun Airteagal 6(5). Ag an am céanna, ní raibh an Coimisiún in ann a mheas cé acu a bheidís nó nach mbeidís leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí a leagtar amach san fhógra, chun iad a chur san áireamh sna bearta a mhol sé lena litir intinne.

## 7. BEARTA FEABHAIS ARNA DTÍOLACADH AG AN UNGÁIR AGUS ANAILÍS AR A LEORDHÓTHANACHT FAOIN RIALACHÁN MAIDIR LE COINNÍOLLACHT

### 7.1. Bearta feabhais arna dtíolacadh ag an Ungáir

(79) Agus cinneadh á dhéanamh aige cibé acu a thíolacfaidh nó nach dtíolacfaidh sé togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme maidir leis na bearta iomchuí, cuirfidh an

Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a gheobhaidh sé agus aon bharúlacha a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann, chomh maith le leordhóthanacht aon bheart feabhais a mholtar.'

(80) Níor thíolaic an Ungáir bearta ceartaitheacha leordhóthanacha a gealladh go hiomchuí faoin Rialachán maidir le Coinníollacht ina céad fhreagra agus sna litreacha breise an 30 Meitheamh agus an 5 Iúil 2022.

(81) Thairis sin, an 19 Iúil 2022, sheol an Ungáir litir bhreise inar moladh roinnt beart feabhais chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí san Fhógra, nach bhféadfaí a chur san áireamh de bharr a tíolactha ag an gcéim an-déanach sin den phróiseas agus measúnú á dhéanamh ar an gcéad fhreagra eile.

(82) Ina dara freagra, thíolaic an Ungáir roinnt beart feabhais agus rinne sí iad sin a chomhlánú le gealltanais bhreise i litir mhí Mheán Fómhair, litir inar áitigh siad go dtabharfaidís aghaidh ar na saincheisteanna uile a d'ardaigh an Coimisiún san fhógra. Is iad seo a leanas na bearta feabhais:

i. Cosc, brath agus ceartú neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí a athneartú trí Údarás Sláine nuabhunaithe, ar neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí iad a bhaineann le cistí AE a chur chun feidhme;

ii. Tascfhórsa Frithéillithe;

iii. An creat Frithéillithe a neartú;

iv. Trédhearcacht úsáid thacaíocht an Aontais a áirithiú trí fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní um leas an phobail;

v. Nós imeachta sonrach a thabhairt isteach i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistíocht mhaoine poiblí;

vi. Sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú chun úsáid fhónta thacaíocht AE a ráthú;

vii. Sciar na nósanna imeachta tairisceana le tairiscintí aonair arna maoiniú ó chistí AE a laghdú;

viii. Sciar na nósanna imeachta tairisceana le tairiscintí aonair arna maoiniú ón mbuiséad náisiúnta a laghdú;

ix. Uirlis tuairiscithe um tairiscintí aonair a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar sholáthairtí poiblí a dhúntar le tairiscintí aonair agus tuairisciú a dhéanamh orthu;

x. An Córas Leictreonach Soláthair Phoiblí (EPS) a fhorbairt chun trédhearcacht a mhéadú;

xi. Creat tomhais feidhmíochta a bhunú lena ndéantar measúnú ar éifeachtúlacht agus ar chostéifeachtúlacht soláthairtí poiblí;

xii. Plean gníomhaíochta a ghlacadh chun leibhéal na hiomaíochta i soláthar poiblí a mhéadú;

xiii. Oiliúint a chur ar fáil do mhicrifhiontair, do fhiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le cleachtais soláthair phoiblí;

xiv. Scéim tacaíochta a bhunú chun na costais a bhaineann le páirt a ghlacadh i soláthar poiblí micrifhiontar, fiontar beag agus meánmhéide a chúiteamh;

xv. ARACHNE a chur i bhfeidhm;

xvi. Comhar le OLAF a neartú; agus

xvii. Gníomh reachtach a ghlacadh lena n-áirithítear trédhearcacht fheabhsaithe an chaiteachais phoiblí

## 7.2. Measúnú an Choimisiúin ar na bearta feabhais

(83) Is díol sásaimh don Choimisiún gur thíolaic an Ungáir bearta feabhais chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a ardaíodh san fhógra a mhéid a bhaineann le neamhrialtachtaí sistéamacha, easnaimh agus laigí sa soláthar poiblí, rioscaí coinbhleachtaí leasa, agus ábhair imní maidir le hiontaobhais leasa phoiblí, chomh maith leis na forais bhreise maidir le himscrúdú agus ionchúiseamh, creat frithéillithe. Ar bhealach ginearálta, gheall an Ungáir (mar a luaitear sa dara freagra uaithi) na bearta feabhais (agus na reachtaíochtaí gaolmhara) a choimeád i bhfeidhm gan choinníoll gan aon teorainn ama agus na rialacha a leagtar síos iontu a fhorfheidhmiú go cuí.

(84) Maidir leis an measúnú ar na bearta feabhais a moladh, measann an Coimisiún, ós rud é go mbaineann na saincheisteanna sonracha a shainaithnítear san Ungáir den chuid is mó leis an gcreat dlíthiúil agus leis an gcleachtas araon, ní féidir meastóireacht cheart a dhéanamh ar a n-aidhm maidir le deireadh a chur le sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus/nó ar na rioscaí a bhaineann leo do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais ná ní féidir meastóireacht cheart a dhéanamh ar leasanna airgeadais an Aontais gan eolas iomlán a bheith aige ar mhionsonraí na mbeart nithiúil agus sula gcuirfear príomhghnéithe áirithe chun feidhme go héifeachtach. I ndáil leis an méid sin, ní mór don Ungáir tuilleadh sonraí agus príomhchéimeanna a dhéanamh i gcás go leor de na bearta feabhais thuasluaite go dtí an 19 Samhain 2022 (nuair a bheartaítear tús a chur le hoibríochtaí an Údaráis Sláine), mar a léirítear in amlínte na mbeart feabhais a thíolaic an Ungáir an 22 Lúnasa.[47].

*7.2.1. Measúnú in aghaidh an bhirt feabhais*

i. An tÚdarás Sláine

(85) Thug Rialtas na hUngáire gealltanas Údarás Sláine a bhunú a mbeidh sé mar chuspóir aige cosc, brath agus ceartú calaoise, coinbhleachtaí leasa agus éillithe a threisiú chomh maith le neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí eile a bhaineann le haon tacaíocht airgeadais ón Aontas a chur chun feidhme.

(86) Is beart bunúsach feabhais é seo atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna agus ar na forais bhreise a luaitear thuas (féach Roinn 2 agus Roinn 3). sa bheart feabhais a moladh tá sainrialacha maidir le bord an Údaráis Sláine a cheapadh agus maidir le rannpháirteachas ‘coiste incháilitheachta’[48] atá dírithe ar a ráthú go mbeidh an tÚdarás Sláine agus comhaltaí a bhoird go hiomlán neamhspleách. roghnófar iad tar éis glao oscailte ar iarratais ar bhonn cháilíochtaí gairmiúla na n-iarrthóirí, a dtaithí fhairsing gan cheistiú agus a gclú — lena n-áirítear go hidirnáisiúnta — i gcúrsaí dlí agus airgeadais a bhaineann le soláthar poiblí agus

[47] Tá féilire na bpríomhchéimeanna go dtí an 19 Samhain le fáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an meabhrán míniúcháin.

[48] I gcomhréir leis an ngealltanas i litir mhí Mheán Fómhair, roghnófar an coiste incháilitheachta tar éis glao oscailte ar léiriú spéise, agus rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún ina leith.

fritheílliú agus a n-inniúlacht chruthaithe i réimsí den sórt sin[49]. Ní cheapfar comhaltaí an bhoird ach amháin tar éis tuairim cheangailteach a fháil ón gcoiste incháilitheachta. Beidh comhaltaí an choiste incháilitheachta agus comhaltaí an bhoird faoi réir rialacha dochta maidir le coinbhleacht leasa. Tabharfar cumhachtaí fairsinge don Údarás Sláine freisin, lena n-áirítear an méid seo a leanas: an chumhacht chun treoir a thabhairt d'údaráis chonarthacha nós imeachta soláthair a chur ar fionraí (ar feadh dhá mhí ar a mhéad); an chumhacht a iarraidh ar chomhlachtaí imscrúdaitheacha riaracháin imscrúduithe a dhéanamh; an chumhacht a mholadh go ndéanfaí oibreoirí eacnamaíocha sonracha a eisiamh ó chistiú ón Aontas ar feadh tréimhse áirithe ama; an chumhacht chun treoir a thabhairt d'údaráis nó do chomhlachtaí náisiúnta ábhartha a bhfeidhmeanna maoirseachta nó rialaithe a dhéanamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta chun dearbhuithe maidir le coinbhleachtaí leasa a fhíorú agus amhrais i ndáil le bainistiú chistí an Aontais; an ceart rochtain a iarraidh ar gach comhad ábhartha, lena n-áirítear maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí atá ar siúl nó atá ar na bacáin; an chumhacht a mholadh d'údaráis chonarthacha nós imeachta sonrach a úsáid i soláthar sonrach nó i gcatagóir nósanna imeachta soláthair; an ceart chun nósanna imeachta a thionscnamh os comhair na n-údarás nó na gcomhlachtaí náisiúnta ábhartha d'fhonn neamhdhleathachtaí nó neamhrialtachtaí amhrasta a shuí; an inniúlacht dearbhuithe sócmhainní a fhíorú[50]; an ceart athbhreithniú breithiúnach a iarraidh ar chinntí uile na n-údarás a bhaineann le nósanna imeachta soláthair phoiblí lena mbaineann aon tacaíocht ón Aontas agus a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach, etc. Eiseoidh an tÚdarás freisin tuarascálacha bliantúla maidir lena ghníomhaíochtaí, ina mbeidh, inter alia, anailís ar chomhchruinniú na ndámhachtainí, measúnú ar an gcleachtas maidir le comhaontuithe réime a úsáid, anailís ar an gcaoi a gcuidíonn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le rioscaí éillithe, calaoise agus coinbhleachta leasa a shainaithint agus a chosc go héifeachtach (agus conas na cásanna sin a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu; moltaí maidir leis na saincheisteanna a sainaithníodh. Foilseofar an tuarascáil bhliantúil agus beidh sé d'oibleagáid ar an Rialtas míniú a thabhairt ar an gcaoi a rachaidh sé i ngleic le torthaí an Údaráis Sláine. Ar deireadh, sa bheart feabhais a moladh tá amlíne mhionsonraithe mar aon le céimeanna cur chun feidhme éagsúla lena n-áirítear comhairliúchán leis an gCoimisiún agus leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir leis an dréacht-téacs reachtach/na dréacht-téacsanna reachtacha lena mbunófar an tÚdarás Sláine agus ina mbeidh tuilleadh sonraí riachtanacha faoi na heilimintí thuas. An 19

[49] Sa litir i mí Mheán Fómhair tá soiléirithe freisin maidir leis an bpacáiste luacha saothair dá bhforáiltear le haghaidh chomhaltaí bhord an Údaráis Sláine mar mhodh breise chun a neamhspleáchas a ráthú.

[50] Mar a gheall an Ungáir i litir mhí Mheán Fómhair, áirítear leis sin an chumhacht dearbhuithe sócmhainní poiblí na n-oifigeach ardriosca uile a fhíorú agus, i ndáil leis sin, rochtain a bheith acu ar bhunachair sonraí agus ar chlárlanna ábhartha chun críche sócmhainní na ndearbhóirí a fhíorú i gcomhréir leis na rialacháin maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas. Shoiléirigh an Ungáir freisin go gcomhlánaíonn na gealltanais sin na rialacha atá ann cheana maidir le dearbhú sócmhainní lena gcumhdaítear go forleathan poist eile, lena n-áirítear seirbhísigh phoiblí, buanrúnaithe stáit, leasrúnaithe stáit, comhairleoirí polaitiúla agus príomhchomhairleoirí polaitiúla, comhairleoirí rialtais agus aireachta agus príomhchomhairleoirí, oifigigh rialtais a bhfuil post feidhmiúcháin acu, oifigigh rialtais atá faoi réir rialú slándála náisiúnta ar bhonn reachtaíochta, nótairí poiblí, báillí, ceannairí Bhanc Forbartha na hUngáire, ceannairí na hUngáire um Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Inc., oifigigh agus comhaltaí de bhord maoirseachta na n-eagraíochtaí eacnamaíocha a oibríonn le scairshealbhaíocht stáit tromlaigh, breithiúna, ionchúisitheoirí poiblí, comhaltaí de na rialtais áitiúla. Shoiléirigh sí freisin go bhfuil feidhm ag na rialacha is infheidhme maidir le comhaltaí an Tionóil Náisiúnta maidir leis an bPríomh-Ionchúisitheoir agus maidir lena leas-ionadaí.

Samhain 2022, foráiltear go gcuirfear tús le hoibríochtaí an Údaráis Sláine, ar príomhchéim cur chun feidhme é de chuid an bhirt feabhais seo, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

(87) I bhfianaise a thábhachtaí atá an tÚdarás mar bhloc tógála nua i rialachas an chórais, má shonraítear i gceart é i rialacha mionsonraithe agus má chuirtear chun feidhme é dá réir mar a bheartaítear sa bheart feabhais arna thíolacadh ag an Ungáir (lena n-áirítear na gealltanais bhreise a áirítear i litir Mheán Fómhair), ar bhealach lena n-áirithítear neamhspleáchas iomlán agus cumhachtaí éifeachtacha ar an láthair a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta uile lena bhféadfaí difear a dhéanamh do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do leasanna airgeadais an Aontais, ar difear iarbhír nó difear féideartha é, rannchuideodh an tÚdarás Sláine le neartú a dhéanamh ar leibhéal na hiomaíochta i nósanna imeachta soláthair phoiblí a mhéadú i bprionsabal, na rioscaí a bhaineann le coinbhleacht leasa a chosc nó a laghdú, agus, ar bhonn níos ginearálta, cosc, brath agus ceartú calaoise, éillithe, coinbhleachta leasa agus neamhrialtachtaí eile lena sáraítear dlí an Aontais i gcóras soláthair phoiblí na hUngáire, ar mhaithe le húsáid níos fónta agus níos éifeachtúla a bhaint as cistiú ón Aontas. Braithfidh an tÚdarás Sláine ar fhíorais a shuitear le cinntí breithiúnacha, beidh sé in ann na cúirteanna a urghabháil, agus beidh a chuid cinntí féin faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Ar an gcúis sin, is díol sásaimh don Choimisiún gur thug an Ungáir gealltanas breise i litir mhí Mheán Fómhair go ndéanfaidh na cúirteanna go léir san Ungáir a éisteann cásanna sibhialta, riaracháin agus coiriúla, lena n-áirítear na cásanna sin atá ábhartha maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, comhlíonadh ar na ceanglais a bhaineann le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht agus le bheith bunaithe le dlí i gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus leis an acquis ábhartha.

ii. Tascfhórsa Frithéillithe;

(88) Gheall Rialtas na hUngáire Tascfhórsa um Fhrithéilliú a bhunú faoin 1 Nollaig 2022 agus na cúraimí seo a leanas air: a) scrúdú a dhéanamh ar na bearta frithéillithe atá ann cheana agus tograí a ullmhú maidir le feabhas a chur ar bhrath, ar imscrúdú, ar ionchúiseamh agus ar smachtbhannaí i ndáil le cleachtais éillitheacha, b) bearta a mholadh atá dírithe ar chosc agus brath an éillithe a fheabhsú, (c) tuarascáil bhliantúil a dhréachtú ina ndéantar anailís ar na rioscaí agus ar na treochtaí a bhaineann le héilliú agus le cleachtais éillitheacha, tuarascáil ina moltar frithbhearta éifeachtacha agus dea-chleachtais chun iad a chur chun feidhme go héifeachtach agus measúnú a dhéanamh orthu. Pléifidh an Rialtas an tuarascáil agus na tograí inti laistigh de dhá mhí agus mura gcinnfidh sé togra, cuirfidh sé réasúnú mionsonraithe lena cinneadh chuig cathaoirleach an Tascfhórsa. Beidh creat rialála an Tascfhórsa san áireamh san Acht lena mbunaítear an tÚdarás Sláine (féach beart feabhais i, a bhfuil cur síos air thuas) agus beidh cathaoirleach an Údaráis Sláine ina chathaoirleach ar an Tascfhórsa. Gníomhaithe neamhrialtasacha ábhartha, ar léir go bhfuil siad neamhspleách ar an rialtas, ar údaráis phoiblí, ar pháirtithe polaitiúla agus ar leasanna gnó, gníomhaithe ar léir go bhfuil siad gníomhach i réimse an fhrithéillithe, beidh siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Tascfhórsa agus áiritheofar a rannpháirtíocht iomlán, struchtúrtha agus éifeachtach: 50 % de chomhaltaí an Tascfhórsa a bheidh i líon na gcomhaltaí sin, an cathaoirleach á eisiamh, agus beidh sé de cheart acu tuarascáil chomhthreomhar a dhréachtú. Mura féidir ionadaíocht 50 % a bhaint amach, déanfar cumhacht vótála na gcomhaltaí sin a mhodhnú chun 50 % de na vótaí a chaitheamh, agus an cathaoirleach á eisiamh. Tionólfaidh an Tascfhórsa a chéad chruinniú roimh an 15 Nollaig 2022. Glacfaidh sé

a chéad tuarascáil le haghaidh na bliana 2022 agus cuirfidh sé chuig an Rialtas í faoin 15 Márta 2023. Scoirfear den Tascfhórsa um Fhrithéilliú a bunaíodh le Cinneadh 1337/2022 ón Rialtas an 15 Iúil 2022 agus aisghairfear an Cinneadh Rialtais. Is príomhghné den bheart seo é Cinneadh an Rialtais lena n-aisghairtear an ceann roimhe seo agus lena bhforáiltear don amlíne agus don chúram chun an tÚdarás Sláine agus an Tascfhórsa um Fhrithéilliú a bhunú. Ar an gcaoi chéanna, is príomhchéim cur chun feidhme de chuid an bhirt feabhais seo é Dréacht-Ghníomh maidir le bunú an Údaráis a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta faoin 30 Meán Fómhair 2022, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, mar a leagfar amach ann an creat rialála don Tascfhórsa.

(89) Tugann an Coimisiún dá aire go dearfach go bhfuil sé d'aidhm ag an mbeart feabhais rannpháirtíocht iomlán, struchtúrtha agus éifeachtach na ngníomhaithe neamhrialtasacha atá gníomhach i ndáiríre i réimse an fhrithéillithe a áirithiú mar aon le hionadaithe rialtais, rud ar príomhghné de chuid an Choimisiúin atá ann. Thairis sin, geallann an Ungáir comhairliúcháin chuimsitheacha fhónta le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coimisiún agus an dréachtreachtaíocht á hullmhú. Ar an iomlán, dar leis an gCoimisiún, dá ndéanfaí é a shonrú i gceart i rialacha mionsonraithe agus a chur chun feidhme dá réir sin, chuideodh an beart feabhais sin le haghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na saincheisteanna a ardaítear maidir le himscrúdú agus ionchúiseamh neamhéifeachtach nó smachtbhannaí i ndáil le sáruithe ar an dlí a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, chomh maith leis na cinn sin a bhaineann le laigí sistéamacha sa chóras soláthair phoiblí.

iii. An creat Frithéillithe a neartú;

(90) Leis an mbeart feabhais sin (lena n-áirítear na gealltanais bhreise i litir mhí Mheán Fómhair), gheall Rialtas na hUngáire straitéisí frithchalaoise agus frithéillithe a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022 lena sainítear cúraimí eintiteas a bhfuil baint acu le cur chun feidhme aon tacaíochta airgeadais ón Aontas maidir le calaois, coinbhleacht leasa agus éilliú a chosc, a bhrath agus a cheartú. Áireofar sna straitéisí measúnú ar na príomhrioscaí, ar na príomhthosca agus ar na príomhchleachtais calaoise, coinbhleachta leasa agus éillithe. Geallann Rialtas na hUngáire Straitéis Náisiúnta Frithéillithe (NACS) agus Plean Gníomhaíochta (AP) a ghlacadh freisin faoin 30 Meitheamh 2023, agus aird ar leith á tabhairt ar neartú an chreata institiúidigh normataigh le haghaidh an chomhraic i gcoinne na móréillitheachta trí thrédhearcacht obair na n-údarás poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear ar an leibhéal polaitiúil sinsearach. Beidh an Tascfhórsa um Fhrithéilliú rannpháirteach in ullmhú NACS agus AP chomh maith le faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. De réir na ngealltanas i litir mhí Mheán Fómhair, áireoidh AP gníomhaíochtaí sonracha arb é is aidhm dóibh córas smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a thabhairt isteach tráth nach déanaí ná an 1 Deireadh Fómhair 2023, lena n-áirítear smachtbhannaí riaracháin agus coiriúla i ndáil le sáruithe tromchúiseacha a bhaineann le hoibleagáidí faoin gcóras dearbhuithe sócmhainní. Geallann an Ungáir freisin gníomhaíochtaí uile na Straitéise Náisiúnta frithéillithe le haghaidh na tréimhse 2020-2022 a chur chun feidhme go hiomlán faoin 30 Meitheamh 2023. I litir mhí Mheán Fómhair, thug an Ungáir gealltanais bhreise freisin maidir le raon feidhme pearsanta agus ábhartha na ndearbhuithe sócmhainní. I ndáil leis sin, gheall an Ungáir dréachtreachtaíocht a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta (le bheith éifeachtach ón 1 Samhain 2022) lena leathnófar raon feidhme pearsanta an chórais dearbhuithe sócmhainní chuig (i) daoine ar cuireadh feidhmeanna polaitiúla sinsearacha de chúram orthu faoi Airteagail 183 agus 184

d'Acht CXXV 2018 maidir le riarachán rialtais agus a ngaolta atá ina gcónaí sa teaghlach céanna leis an duine lena mbaineann, agus (ii) comhaltaí den Tionól Náisiúnta agus a ngaolta atá ina gcónaí sa teaghlach céanna leis an duine lena mbaineann. Maidir leis an raon feidhme ábhartha, gheall an Ungáir go leathnódh sí í ní hamháin chun ioncam a chur san áireamh ach chun sócmhainní a chur san áireamh freisin[51]. Ina theannta sin, i litir mhí Mheán Fómhair, gheall an Ungáir córas dearbhuithe sócmhainní a bhunú (faoin 31 Márta 2023) a comhdaíodh go leictreonach i bhformáid dhigiteach, córas a bheidh le stóráil i mbunachar sonraí a bheidh inchuardaithe saor in aisce agus gan gá le clárú. Ina theannta sin, sa litir i mí Mheán Fómhair, gheall an Ungáir go rachadh sí i gcomhairle go forleathan leis an gCoimisiún agus an dréachtreachtaíocht ar fad a bhaineann leis na pointí thuas á hullmhú aici. Ar deireadh, cuirfear de chúram ar an Údarás Sláine athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála agus ar fheidhmiú an chórais dearbhuithe sócmhainní, lena n-áirítear a raon feidhme agus a phróisis fíorúcháin, rud a chuirfear san áireamh i dtuarascáil faoin 31 Nollaig 2023. Is príomhchéimeanna de chuid an bhirt feabhais seo, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, straitéisí éifeachtacha frithchalaoise agus frithéillithe a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022, chomh maith le glacadh na rialacha ag an Tionól Náisiúnta maidir le síneadh a chur le raon feidhme pearsanta agus ábhartha na ndearbhuithe sócmhainní mar a thuairiscítear sa bheart feabhais agus i litir mhí Mheán Fómhair, le héifeacht an 1 Samhain 2022.

(91) Is é tuairim an Choimisiúin go n-áirítear sa bheart feabhais sin, arna chomhlánú leis na gealltanais bhreise i litir mhí Mheán Fómhair, go leor eilimintí dearfacha amhail an gealltanas maidir le straitéisí frithchalaoise agus frithéillithe a ghlacadh lena gcumhdaítear freisin na comhlachtaí uile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme chistí an Aontais agus cur isteach staid na himeartha maidir le cur chun feidhme na straitéise reatha frith-éillithe 2020-2022, leathnú raon feidhme pearsanta agus ábhartha na ndearbhuithe sócmhainní, smachtbhannaí agus gníomhaíochtaí sonracha a thabhairt isteach chun trédhearcacht a mhéadú maidir le dearbhuithe sócmhainní. Ar an mbonn sin, ba cheart rochtain phoiblí a bheith ann ar an mbunachar sonraí sin a luaitear thuas. Ina theannta sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an Údarás Sláine próiseas deimhnithe sócmhainní a sheoladh freisin ar a thionscnamh féin i ngach cás. Ar an iomlán, dar leis an gCoimisiún, dá ndéanfaí é a shonrú i gceart i rialacha mionsonraithe agus a chur chun feidhme dá réir sin, i bprionsabal, thabharfadh an beart feabhais sin aghaidh ar na saincheisteanna a ardaítear a mhéid a bhaineann le himscrúdú agus ionchúiseamh neamhéifeachtach nó smachtbhannaí i ndáil le sáruithe ar an dlí a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, chomh maith leis na cinn sin a bhaineann le laigí sistéamacha sa chóras soláthair phoiblí.

iv. Fondúireachtaí Bainistíochta Leasa Phoiblí (nó Iontaobhais Leasa Phoiblí)

(92) Leis an mbeart feabhais sin, tá geallta ag Rialtas na hUngáire faoin 30 Meán Fómhair 2022 a) gníomh leasaitheach a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear rialacha soláthair phoiblí i bhfeidhm ar bhonn ginearálaithe ar fhondúireachtaí bainistíochta sócmhainní a dhéanann gníomhaíocht leasa phoiblí agus ar dhaoine dlítheanacha atá bunaithe nó ar bun acu, b) gníomh leasaitheach a ghlacadh chun a áirithiú go

[51] I ndáil leis sin, i litir mhí Mheán Fómhair luaitear maoin eastáit réadaigh; maoin luachmhar eile (feithiclí, soithí, seandachtaí luachmhara agus saothar ealaíne, etc.); coigiltis i dtaiscí bainc agus in airgead tirim; sócmhainní i stoic, urrúis agus cistí cothromais phríobháidigh; polasaithe árachais saoil; iontaobhais, agus úinéireacht thairbhiúil fiontar.

gcomhlíonfar go hiomlán Airteagal 61 den Rialachán Airgeadais chomh maith le treoracha agus cleachtas a ailíniú le fógra Treorach an Choimisiúin maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú faoin Rialachán Airgeadais, chun rialacha ginearálta coinbhleachta leasa a bhaineann le fondúireachtaí bainistithe sócmhainní leasa phoiblí a fheabhsú agus a shoiléiriú. Is é príomhchéim cur chun feidhme an bhirt feabhais seo, faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, an dá ghníomh leasaitheacha a luaitear thuas a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(93) Measann an Coimisiún go mbeadh an beart feabhais arna mholadh ag an Ungáir, dá ndéanfaí é a shonrú i gceart i rialacha mionsonraithe agus a chur chun feidhme dá réir sin, in ann aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na saincheisteanna a ardaítear, toisc go gcumasódh sé cur i bhfeidhm ginearálaithe agus neamhchoinníollach rialacha soláthair phoiblí maidir le hiontaobhais leas an phobail agus maidir leis na heintitis atá á gcothabháil nó á mbainistiú acu (i.e. go measfaí gur údaráis chonarthacha iad go léir chun críocha rialacha soláthair phoiblí), agus ós rud é go mbunófaí leis an mbeart feabhais rialacha soiléire coinbhleachta leasa d'eintitis den sórt sin agus dá gcomhaltaí boird.

v. Athbhreithniú breithiúnach ar chinntí ionchúisitheoirí

(94) Tá Rialtas na hUngáire tiomanta don leasú ar an gCód um Nós Imeachta Coiriúil d'fhonn nós imeachta a bhunú maidir le cionta coiriúla speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó bainistiú maoine poiblí. Leis an nós imeachta déantar foráil maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar chinneadh na seirbhíse ionchúisimh nó an údaráis imscrúdaithe tuarascáil choire a dhíbhe nó deireadh a chur leis na himeachtaí coiriúla (i.e. imscrúdú coiriúil a dhúnadh gan díotáil). Bunaithe ar an athbhreithniú, beidh an t-údarás ag breitheamh imscrúdaithe chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh nó leanúint leo. Féadfaidh aon duine an nós imeachta a thionscnamh; D'fhéadfadh daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha tairiscintí a chomhdú faoin nós imeachta seo cé is moite d'údaráis phoiblí. D'fhéadfadh iarratas a dhéanamh le haghaidh díotáil os comhair cúirte mar thoradh ar an nós imeachta as a dheireadh.

(95) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil roinnt eilimintí curtha san áireamh ag an Ungáir sa bheart feabhais (agus sna gealltanais bhreise ghaolmhara a tugadh le litir mhí Mheán Fómhair) a bhaineann leis an nós imeachta nua athbhreithniúcháin breithiúnach i gcoinne cinntí ó ionchúisitheoirí, amhail an fhéidearthacht d'eintitis dhlíthiúla (i.e. daoine fisiciúla amháin) an nós imeachta sin a thionscnamh, seasamh nós imeachta faoi phribhléid ráthaithe don duine a thuairiscíonn coir, tagairt don fhíoras go ndéanfar inniúlacht eisiach chun na cásanna faoin nós imeachta nua a éisteacht a shannadh do chúirt speisialaithe (i.e. Cúirt Dúiche Lárnach Buda), tagairt don fhíoras go mbeidh na cúirteanna agus na breithiúna imscrúdaitheacha go léir atá rannpháirteach sa nós imeachta nua i gcomhréir le hAirteagal 19 CAE agus leis an *acquis* AE ábhartha, agus go mbeidh tréimhse ama réasúnta ann don nós imeachta i gcoitinne, lena n-áiritheofaí a éifeachtacht ghinearálta. Tá gealltanas tugtha aici freisin go rachaidh sí i gcomhairle go forleathan leis an gCoimisiún maidir leis an dréacht-téacs reachtach a bheartófar a ghlacadh i gcomhréir leis an mbeart feabhais, ina mbeidh tuilleadh sonraí tábhachtacha atá ábhartha don mheasúnú. Sa chomhthéacs sin, chuirfeadh an dréacht-dlí de cheangal ar an gcúirt trialach, go háirithe, gan cinneadh a dhéanamh de bhua tuillteanais na díotála gan fianaise a mheas freisin. Tá gealllta ag an Ungáir athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an nós imeachta tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2023 agus, más gá, leasuithe ar an gcreat reachtach a ghlacadh (tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach) tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2024. Is iad na príomhchéimeanna cur chun feidhme

agus sonraí breise maidir leis an mbeart feabhais sin, faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, bailchríoch a chur ar an dréacht-téacs de rialacháin cur chun feidhme (is gá chun an nós imeachta athbhreithniúcháin a chur i bhfeidhm) agus é a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2022[52], athbhreithniú *ex ante* ar an dlí ag an gCúirt Bhunreachtúil a thionscnamh agus an dlí nua lena leasaítear an Cód Nós Imeachta Coiriúil a theacht i bhfeidhm faoin 15 Samhain 2022.

(96) Is é tuairim an Choimisiúin go bhfuil roinnt eilimintí sa bheart feabhais a chuir an Ungáir isteach arb é is aidhm dóibh éifeachtacht an nós imeachta a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé geallta ag an Ungáir athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta laistigh de thréimhse ama réasúnta. Níor mhór é sin a dheimhniú, áfach, a luaithe a chuirfear sonraí na dréachtreachtaíochta ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin agus nuair a dhéanfaidh an Coimisiún iad a athbhreithniú. Dá sonrófaí i gceart é i rialacha mionsonraithe agus dá gcuirfí chun feidhme é dá réir sin, thabharfadh an beart feabhais sin aghaidh, i bprionsabal, ar na saincheisteanna a ardaíodh a mhéid a bhaineann le himscrúdú agus ionchúiseamh neamhéifeachtach nó smachtbhannaí i ndáil le sáruithe dlí a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, chomh maith leis na saincheisteanna sin a bhaineann le laigí sistéamacha sa chóras soláthair phoiblí.

vi. Sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú chun cistí an Aontais a chur chun feidhme

(97) Leis an mbeart feabhais sin, tá geallta ag Rialtas na hUngáire meitheal a bhunú faoin 31 Lúnasa 2022 chun forálacha a fhorbairt, a bheidh le háireamh i bhForaitheanta Rialtais ábhartha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais (e.g. RRF, Cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte etc.) arb é is aidhm dóibh rialacha agus nósanna imeachta a neartú chun coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú ar bhealach níos éifeachtaí i gcomhréir leis an sainmhíniú atá in Airteagal 61 den Rialachán Airgeadais agus acmhainneachtaí nós imeachta na n-údarás bainistíochta agus na gcomhlachtaí idirmheánacha a mhéadú, agus an t-údarás náisiúnta maidir le cur chun feidhme RRP na hUngáire bainistiú riosca neartaithe agus cosc, brath agus ceartú calaoise, éillithe agus cistithe dúbailte a chur i bhfeidhm agus na forálacha sin a choinneáil agus a fhorfheidhmiú gan choinníoll ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama. Áiritheofar leis na forálacha freisin sásra rialaithe éifeachtach maidir le bailíocht na ndearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa. Rachaidh an mheitheal i gcomhairle go forleathan leis an gCoimisiún atá freagrach as tacaíocht airgeadais an Aontais d'fhonn a n-aiseolas a lorg agus é a chur san áireamh sna Foraitheanta Rialtais ábhartha. Thairis sin, i litir mhí Mheán Fómhair, gheall an Ungáir na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá a chur ar fáil do EUTAF, a bheidh le sonrú tuilleadh ag an meitheal arna bunú leis an mbeart feabhais sin, chun úsáid fhónta thacaíocht an Aontais a ráthú, chun a neamhspleáchas a choimirciú agus chun a chur ar a cumas a cúraimí reatha agus na cúraimí breise a bheartaítear a leithdháileadh uirthi trí roinnt de na bearta feabhais a thíolaic an Ungáir an 22 Lúnasa 2022 a chomhlíonadh. Is iad príomhchéimeanna cur chun feidhme an bhirt feabhais, faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, seo bunú na Meithle faoin 31 Lúnasa 2022, Stiúrthóireacht na hIniúchóireachta Inmheánaí agus na Sláine ('DIAI') a bhunú in Oifig an Phríomh-Aire faoin 30 Meán Fómhair 2022, agus leasuithe ábhartha ar Fhoraitheanta ábhartha an Rialtais (413/2021 agus 256/2021) a ghlacadh faoin 30

52 Beidh na rialacháin sin riachtanach a luaithe a ghlacfar an dlí.

Meán Fómhair 2022. Bhunaigh an Ungáir an Mheitheal i gcomhréir leis an ngealltanas a tugadh sa bheart feabhais agus, faoin dara seachtain de Mheán Fómhair, tháinig sí le chéile ceithre huaire an 8, an 9, an 13 agus an 16 Meán Fómhair.

(98) Dá sonrófaí i gceart é i rialacha mionsonraithe agus dá gcuirfí chun feidhme é dá réir sin, thabharfadh an beart feabhais sin aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, (in éineacht le bearta feabhais eile) na hábhair imní a ardaíodh a mhéid a bhaineann le laigí sistéamacha sa chóras soláthair phoiblí chomh maith leis na hábhair imní a cuireadh in iúl maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, a bhrath agus a cheartú ar bhealach éifeachtach, ós rud é gurb é is aidhm dó forálacha a ghlacadh chun rialacha agus nósanna imeachta a neartú chun coinbhleacht leasa in úsáid chistí an Aontais a chosc, a bhrath agus a cheartú ar bhealach níos éifeachtaí, lena n-áirítear sásra rialaithe éifeachtach maidir le bailíocht dearbhuithe coinbhleachta leasa.

vii. Laghdú ar ranníocaíochtaí aonair i nósanna imeachta soláthair a bhaineann le cistí an Aontais

(99) Leis an mbeart feabhais sin, gheall Rialtas na hUngáire a) an sciar de nósanna imeachta tairisceana soláthair phoiblí a mhaoinítear ó chistí an Aontais agus a dúnadh sa bhliain 2022 a laghdú faoin 31 Nollaig 2022 le tairiscintí aonair faoi bhun 15 %, arna thomhas i gcomhréir le modheolaíocht Scórchlár an Mhargaidh Aonair, b) an sprioc thuasluaite a chomhlíonadh gan choinníoll agus é a choinneáil ar bun gan teorainn ama, agus c) i gcás ina mbeadh sciar na dtairiscintí aonair os cionn 15 % in aon bhliain féilire ar leith, dhéanfadh sé bearta breise laistigh de cheithre mhí chun éascú a dhéanamh ar sholáthairtí tairisceana aonair a laghdú chun é a thabhairt ar ais faoi bhun thairseach 15 % agus chun an tÚdarás Sláine agus an Coimisiún a chur ar an eolas. Is é príomhchéim cur chun feidhme an bhirt seo, faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, feidhmíocht an chéad iniúchta ar chomhlíonadh mhodheolaíocht Scórchlár an Mhargaidh Aonair agus gach soláthar sonraí aonair don Choimisiún agus don phobal i ndáil leis sin ag Ard-Stiúrthóireacht na hUngáire um Iniúchóireacht ar Chistí Eorpacha ('EUTAF'), lena n-áirítear do na luachanna bonnlíne, faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(100) Is díol sásaimh don Choimisiún freisin na bearta feabhais sin toisc go bhfuil sé d'aidhm aige trédhearcacht agus iomaíocht sa soláthar poiblí a mhéadú, ar féidir a mheas, dá gcuirfí chun feidhme i gceart iad, go bhféadfaí aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na hábhair imní a tharraing an Coimisiún anuas ar an bhforas sin.

viii. Laghdú ar ranníocaíochtaí aonair i nósanna imeachta soláthair a bhaineann le cistí náisiúnta

(101) Ar bhealach comhchosúil leis an mbeart feabhais a ndearnadh cur síos air thuas roimhe seo, gheall Rialtas na hUngáire a) an sciar de nósanna imeachta tairisceana maidir le soláthar poiblí a mhaoinítear ón mbuiséad náisiúnta agus a dúnadh i mbliain féilire amháin trí thairiscintí aonair faoi bhun 15 % a laghdú de réir a chéile (i dtrí chéim) faoin 31 Nollaig 2024, mar a thomhaistear i gcomhréir le modheolaíocht Scórchlár an Mhargaidh Aonair, b) an sprioc thuasluaite do na blianta ina dhiaidh sin a chomhlíonadh gan choinníoll agus é a choinneáil ar bun gan teorainn ama, agus c) i gcás ina mbeadh sciar na dtairiscintí aonair níos mó ná 15 % in aon bhliain féilire ar leith, molfaidh sé bearta breise laistigh de cheithre mhí chun éascú a dhéanamh ar sholáthairtí tairisceana aonair a laghdú chun é a thabhairt ar ais faoi bhun na tairsí 15 % agus cuirfidh sé an tÚdarás Sláine agus an Coimisiún ar an eolas.

(102) Maidir leis an gceann roimhe seo, is díol sásaimh don Choimisiún an beart feabhais sin toisc go bhfuil sé d'aidhm aige trédhearcacht agus iomaíocht sa soláthar poiblí a mhéadú ar choinníoll go gcuirtear chun feidhme i gceart é.

ix. Uirlis tuairiscithe um tairiscintí aonair

(103) I dteannta na mbeart feabhais a bhaineann le laghdú na nósanna imeachta aonuaire a ndéantar cur síos orthu thuas, gheall Rialtas na hUngáire uirlis faireacháin agus tuairiscithe nua a fhorbairt faoin 30 Meán Fómhair 2022 chun an sciar de nósanna imeachta soláthair a bhfuil tairiscintí aonair arna maoiniú ó acmhainní náisiúnta nó ó thacaíocht ón Aontas nó ón dá fhoinse sin mar thoradh orthu a thomhas ar leithligh agus é a choinneáil ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama. Ullmhóidh an aireacht atá freagrach as soláthar poiblí tuarascáil i scríbhinn a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis arna bailiú ag an uirlis tuairiscithe um tairiscintí aonair agus foilseofar í faoin 15 Feabhra gach bliain ar shuíomh gréasáin an Chórais Leictreonach Soláthair Phoiblí (EPS — a mbeidh rochtain ag an bpobal uirthi gan chlárú agus saor in aisce). Is iad príomhchéimeanna an bhirt feabhais seo, faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, uirlis nua faireacháin agus tuairiscithe a fhorbairt bunaithe ar fhoinsí sonraí ó EPS faoin 30 Meán Fómhair 2022, agus deimhniú trí iniúchadh ag EUTAF go bhfuil an uirlis tuairiscithe um tairiscintí aonair lánfheidhmiúil agus oibríochtúil agus go bhfuil a feidhmiúlachtaí i gcomhréir le modheolaíocht Scórchlár an Mhargaidh Aonair faoin dáta céanna.

(104) Is díol sásaimh don Choimisiún an beart feabhais sin agus déanann an Coimisiún measúnú dearfach ar na gnéithe a bhaineann leis. Má dhéantar iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gceart dá réir sin, déanfaidh sé, i bprionsabal, na bearta feabhais maidir le laghdú na n-idirbheart aonair níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí.

x. Córas Leictreonach Soláthair Phoiblí (EPS)

(105) Thug Rialtas na hUngáire gealltanas, a) bunachar sonraí a nuashonrófar go rialta (gach ráithe ar a laghad) a chruthú agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin EPS agus a bheidh ar fáil saor in aisce don phobal, ina mbeidh faisnéis maidir le gach fógra dámhachtana conartha i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí i bhfoirm struchtúrtha (lena n-áirítear sonraí ina bhfuil uimhreacha aitheantais cuideachta agus lena n-áirítear ainmneacha gach comhalta aonair de chuibhreannais agus d'fhochonraitheoirí), atá oiriúnach lena bpróiseáil le meaisín (go háirithe taighde struchtúrtha agus ollonnmhairiú sonraí a bhaineann le nósanna imeachta soláthair a cheadú), b) na bearta uile is gá a dhéanamh chun EPS a fhorbairt, agus a áirithiú go mbeidh feidhmeanna nuafhorbartha ag feidhmiú go hiomlán faoin 30 Meán Fómhair 2022 agus c) EPS a choinneáil ar bun gan choinníoll agus na feidhmeanna ábhartha a choinneáil ar bun ar feadh tréimhse ama neamhtheoranta. Céim thábhachtach den bheart feabhais sin, faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, is ea inoibritheacht iomlán fheidhmeanna nuafhorbartha EPS faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(106) Measann an Coimisiún, má dhéantar an beart feabhais sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gceart, gur cheart dó trédhearcacht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a mhéadú agus, dá bhrí sin, gur féidir a mheas go bhfuil sé in ann aghaidh a thabhairt i bprionsabal ar na hábhair imní a tharraing an Coimisiún anuas a mhéid a bhaineann le laigí sistéamacha sa chóras soláthair phoiblí.

xi. Creat tomhais feidhmíochta

(107) Leis an mbeart feabhais sin, gheall Rialtas na hUngáire creat tomhais feidhmíochta a fhorbairt faoin 30 Meán Fómhair 2022 chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht

agus ar chost-éifeachtacht an tsoláthair phoiblí. Beartaítear leis an mbeart feabhais freisin go gcoinneoidh Rialtas na hUngáire úsáid rialta an chreata tomhais feidhmíochta ar bun gan choinníoll agus go bhfoilseofar a thorthaí ar feadh tréimhse neamhtheoranta. Beidh an creat tomhais feidhmíochta ag feidhmiú faoin 30 Samhain 2022 agus beidh eagraíochtaí neamhrialtasacha neamhspleácha (ENRanna) agus saineolaithe neamhspleácha soláthair phoiblí rannphháirteach ann agus is é a bheidh d'aidhm aige measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar chost-éifeachtúlacht na soláthairtí poiblí san Ungáir. Is é príomhchéim cur chun feidhme an bhirt seo, faoi mara leagtar amach san Iarscríbhinn, forbairt an chreata sin, lena n-áirítear Cinneadh Rialtais a ghlacadh, faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(108) Le cois bearta feabhais eile a bhaineann leis an gcóras soláthair phoiblí, is féidir a mheas go bhfuil an beart feabhais sin, má shonraítear i gceart é i rialacha mionsonraithe agus má chuirtear chun feidhme é dá réir sin, in ann aghaidh a thabhairt i bprionsabal ar na hábhair imní a tharraing an Coimisiún anuas a mhéid a bhaineann le laigí sistéamacha sa chóras soláthair phoiblí.

xii. Plean gníomhaíochta chun leibhéal na hiomaíochta i nósanna imeachta soláthair a mhéadú

(109) Gheall Rialtas na hUngáire go nglacfadh sé, faoin 31 Márta 2023, plean gníomhaíochta cuimsitheach arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an leibhéal iomaíochta sa soláthar poiblí a mbeidh spriocdhátaí soiléire agus uaillmhianacha aige chun gach ceann de na gníomhaíochtaí atá le leagan síos ann a chur chun feidhme. Leis an mbeart feabhais, déantar foráil freisin maidir le hathbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta ar bhonn bliantúil. Gheall Rialtas na hUngáire freisin an plean gníomhaíochta agus an t-athbhreithniú air a chur ar fáil go poiblí gan mhoill, chomh maith leis an dul chun cinn bliantúil atá déanta maidir le cur chun feidhme na mbeart sa phlean gníomhaíochta.

(110) Is dearfach an measúnú a rinne an Coimisiún ar an mbeart feabhais sin arb é is aidhm dó leibhéal na hiomaíochta sa soláthar poiblí a mhéadú. In éineacht leis na bearta feabhais eile a bhaineann leis an gcóras soláthair phoiblí, má shonraítear i gceart iad i rialacha mionsonraithe agus má chuirtear chun feidhme iad dá réir sin, is féidir a mheas go bhfuil sé in ann aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na hábhair imní a tharraing an Coimisiún anuas ina leith sin.

xiii. Oiliúint do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide sa soláthar poiblí

(111) Is é is aidhm don bheart feabhais seo rannphháirtíocht micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide sa soláthar poiblí a éascú (ag díriú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga) trí dheiseanna oiliúna a chur ar fáil saor in aisce do 1,000 micreafhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide ar a laghad faoin 31 Márta 2024. Gheall Rialtas na hUngáire freisin ócáidí oiliúna den sórt sin a chur ar fáil do 1,200 eile ar a laghad (dá bhrí sin, ar a laghad 2,200 micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide) faoin 30 Meitheamh 2026, agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar bhreisluach na hoiliúna.

(112) Tá measúnú dearfach déanta ag an gCoimisiún ar an mbeart feabhais sin arb é is aidhm dó leibhéal na hiomaíochta sa soláthar poiblí a mhéadú, agus go háirithe leibhéal rannphháirtíochta micrifhiontar agus fiontar beag i nósanna imeachta soláthair a mhéadú. Is féidir a mheas go bhfuil an beart feabhais sin, mar aon le bearta feabhais eile a bhaineann leis an gcóras soláthair phoiblí, má chuirtear chun feidhme

i gceart é, in ann aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na hábhair imní a luaigh an Coimisiún ina leith sin.

xiv. Scéim tacaíochta le haghaidh rannpháirtíocht micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide sa soláthar poiblí

(113) I dteannta an bhirt thuas a bhaineann le tacaíocht oiliúna, gheall Rialtas na hUngáire scéim tacaíochta a bhunú agus a sheoladh faoin 31 Márta 2023 lena gcuirfí cúiteamh cnapshuime ar fáil — bunaithe ar chritéir roghnúcháin oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus thrédhearcacha — do 1,800 micrifhiontar incháilithe agus fiontair bheaga incháilithe ar a laghad (agus béim ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga faoin 30 Meitheamh 2026 as a gcostais a bhaineann lena rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair phoiblí, d'fhonn a rannpháirtíocht sa soláthar poiblí a éascú agus a mbacainní iontrála a laghdú. Ba cheart meastóireacht mheántéarma a dhéanamh faoin 30 Meán Fómhair 2024 agus ba cheart meastóireacht deiridh a chur i gcrích ag deireadh an chláir tacaíochta faoin 31 Iúil 2026.

(114) Déanann an Coimisiún measúnú dearfach ar an mbeart feabhais sin arb é is aidhm dó leibhéal na hiomaíochta sa soláthar poiblí a mhéadú, agus go háirithe rannpháirtíocht micrifhiontar agus fiontar beag i nósanna imeachta soláthair a éascú. Is féidir a mheas go bhfuil an beart feabhais sin, mar aon le bearta feabhais eile a bhaineann leis an gcóras soláthair phoiblí, má chuirtear chun feidhme i gceart é, in ann aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na hábhair imní a luaigh an Coimisiún ina leith sin.

xv. Breis úsáide a bhaint as Arachne, uirlis scórála riosca an Choimisiúin

(115) Faoin mbeart feabhais sin, gheall Rialtas na hUngáire nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir le húsáid chórasach agus leathnaithe fheidhmiúlachtaí uile na huirlise mianadóireachta sonraí aonair agus scórála riosca a chuireann an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit, i.e. Arachne, i gcur chun feidhme aon tacaíochta ón Aontas, do gach clárthréimhse, chun coinbhleacht leasa, calaois, éilliú, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath go héifeachtach. Gheall sé go ndéanfadh sé cur i bhfeidhm iomlán agus éifeachtach chóras Arachne a choinneáil ar bun gan choinníoll ar feadh tréimhse neamhtheoranta, fad is a gheall sé go mbeidh rochtain iomlán ag na comhlachtaí iniúchóireachta ábhartha uile ar na tacair sonraí arna n-uaslódáil i gcóras Arachne. Is é príomhchéim an bhirt seo, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, cur i bhfeidhm na nósanna imeachta maidir le húsáid chórasach fheidhmiúlachtaí uile Arachne i gcur chun feidhme aon tacaíochta ón Aontas faoin 30 Meán Fómhair 2022. Áiritheofar leis na nósanna imeachta go ndéanfar na sonraí ábhartha uile a uaslódáil, go ndéanfar obair leantach ar thorthaí na scórála riosca, agus go mbeidh rochtain iomlán ag na comhlachtaí iniúchóireachta faoi seach ar Arachne.

(116) Sa bhreis ar bhunú an Údaráis Sláine (a ndéantar tuairisc air thuas) agus ar an mbeart feabhais maidir le rialú agus iniúchóireacht ar úsáid chistí AE a neartú, a mhéid a bhaineann leis na hábhair imní a ardaíodh faoi chumas na hUngáire feabhas a chur ar na seiceálacha coinbhleachtaí leasa maidir le húsáid chistí an Aontais, measann an Coimisiún go bhfuil an beart feabhais a thíolaic an Ungáir maidir le húsáid leathnaithe fheidhmiúlachtaí uile na huirlise mianadóireachta sonraí aonair agus scórála riosca a chuireann an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit (i.e. Arachne) le haghaidh aon tacaíochta ón Aontas, má dhéantar í a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gceart, in ann aghaidh a thabhairt i bprionsabal ar na hábhair imní a tharraing an Coimisiún anuas.

xvi. Comhar le OLAF a neartú

(117) Gheall Rialtas na hUngáire dréachtghníomh maidir leis an leasú ar Acht CXXII 2010 maidir le Nemzeti Adó- és Vámhivatal a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, a ghlacfar faoin 30 Meán Fómhair 2022 agus lena n-ainmneoidh sé an Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim (Nemzeti Adó- és Vámhivatal, NAV) mar an t-údarás náisiúnta inniúil chun cabhrú le OLAF nuair a dhéantar seiceálacha ar an láthair san Ungáir agus nuair a dhiúltaíonn oibreoir eacnamaíoch atá faoi réir na seiceálacha sin comhoibriú leo. Gheall sé freisin dréachtghníomh maidir leis an leasú ar Acht XXIX 2004 a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta chun cineál athchomhairleach airgeadais smachtbhanna a thabhairt isteach a bheidh le forchur i gcás ina ndiúltóidh oibreoir eacnamaíoch comhoibriú le OLAF chun críocha sheiceálacha agus chigireachtaí ar an láthair OLAF. Is é príomhchéim an bhirt feabhais seo, faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, an dá ghníomh a luaitear thuas a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(118) Maidir leis an mbeart feabhais atá beartaithe maidir leis an gcomhar le OLAF a neartú, measann an Coimisiún go bhfuil sé in ann aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha a sainaithníodh, ós rud é go n-ainmneoidh sé údarás náisiúnta inniúil chun cúnamh a thabhairt do OLAF nuair a dhéantar seiceálacha ar an láthair san Ungáir agus nuair a dhiúltaíonn oibreoir eacnamaíoch atá faoi réir na seiceálacha sin comhoibriú leo. Áireofar freisin sna rialacha nua atá le glacadh ag an Ungáir i gcomhréir leis an mbeart feabhais a tíolacadh smachtbhanna de chineál athchomhairleach airgeadais a bheidh le forchur i gcás ina ndiúltóidh oibreoir eacnamaíoch comhoibriú le OLAF chun críocha sheiceálacha agus chigireachtaí OLAF ar an láthair. Ar choinníoll go ndéantar na gealltanais a tugadh a shonrú i gceart i rialacha mionsonraithe agus a chur chun feidhme dá réir sin, measann an Coimisiún gur tugadh aghaidh ar an tsaincheist sin i bprionsabal.

xvii. Trédhearcacht fheabhsaithe an chaiteachais phoiblí

(119) Leis an mbeart feabhais sin, gheall Rialtas na hUngáire a) gníomh reachtach a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta agus a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2022 ina leagtar amach oibleagáid ar gach comhlacht poiblí tacar faisnéise réamhshainithe maidir le húsáid cistí poiblí a fhoilsiú go réamhghníomhach i gclár lárnach, b) faisnéis a chur ar fáil maidir leis na fochonraitheoirí sa chlár lárnach agus c) an gníomh reachtach thuasluaite a choinneáil ar bun agus i bhfeidhm gan choinníoll ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama agus a fhorfheidhmiú a áirithiú (go háirithe go ndéanfaidh comhlachtaí poiblí na sonraí ábhartha uile a uaslódáil go hiomlán agus go tráthúil sa chlárlann). Cuirfear réamhdhréacht den ghníomh reachtach chuig an gCoimisiún faoin 30 Meán Fómhair 2022. Seo iad príomhchéimeanna an bhirt feabhais seo, faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, (a) réamhdhréacht den ghníomh reachtach a sheoladh chuig an gCoimisiún ina leagtar amach an oibleagáid ar gach comhlacht poiblí tacar faisnéise réamhshainithe maidir le húsáid cistí poiblí a fhoilsiú go réamhghníomhach faoin 30 Meán Fómhair 2022 agus (b) an gníomh reachtach sin a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2022.

(120) Is é tuairim an Choimisiúin, go rannchuidíonn an beart feabhais sin freisin (in éineacht le bearta feabhais eile) chun trédhearcacht sa soláthar poiblí a mhéadú. Dá sonrófaí i gceart é i rialacha mionsonraithe agus dá gcuirfí chun feidhme é dá réir sin, is féidir a mheas go mbeadh sé in ann aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na hábhair imní a chuir an Coimisiún in iúl ina leith sin.

*7.2.2. An measúnú a thabhairt i gcrích*

(121) Ní mór don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcéad chéim eile den nós imeachta laistigh de mhí amháin tar éis dó barúlacha an Bhallstáit a fháil. Is díol sásaimh dó an togra a rinne an Ungáir, bíodh go ndearnadh go mall é, agus measann sé go bhféadfadh na bearta feabhais atá beartaithe, arna nglacadh le chéile, dá sonrófaí i gceart iad sna dlíthe achtacháin agus sna rialacha cur chun feidhme agus dá gcuirfí chun feidhme iad dá réir sin, i bprionsabal, ach sin ag brath ar shonraí na mbeart, d'fhéadfaidís aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a thuairiscítear san fhógra maidir le neamhrialtachtaí sistéamacha, easnaimh agus laigí sa soláthar poiblí, rioscaí coinbhleachtaí leasa, agus ábhair imní maidir le 'iontaobhais leasa phoiblí', chomh maith leis na forais bhreise maidir le himscrúdú, ionchúiseamh agus an creat frithéillithe[53].

(122) Mar sin féin, tá mionsonraí tábhachtacha de na bearta atá beartaithe le cinneadh agus le measúnú go fóill, go háirithe an chaoi a léireofar a bpríomheilimintí sna téacsanna dlí iarbhír (mar shampla chun a áirithiúgo bhfuil de chumhacht ag an Údarás Sláine dearbhuithe sócmhainní a dheimhniú atá ábhartha chun a chúraimí a dhéanamh). Ar an dara dul síos, ní amháin nár mhór athruithe a dhéanamh ar an gcreat dlí mar gheall ar roinnt saincheisteanna arna sainaithint san Ungáir, ach níos suntasaí fós, níor mhór cur chun feidhme coincréiteach sa ghnáthchleachtas, cur chun feidhme a mbeadh tráthchlár sínithe ag teastáil uaidh chun torthaí coincréiteacha a thabhairt. Tráth atá measúnú ar na mionsonraí agus cur chun feidhme phríomhchéimeanna cur chun feidhme na mbeart feabhais uile ar fionraí, faoi mar a leagtar amach i dTábla 1 den Iarscríbhinn, tá riosca ar an mbuiséad i gcónaí. Dá bhrí sin, ag an gcéim seo, tráth atá sonraí agus chur chun feidhme ceart phríomhchéimeanna cur chun feidhme na mbeart sin ar feitheamh, ní féidir leis an gCoimisiún a mheas gur leor iad chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na torthaí a leagtar amach san fhógra ón gCoimisiún a cuireadh chuig an Ungáir an 27 Aibreán 2022 agus chun buiséad an Aontais a chosaint.

(123) Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcás mar atá agus den phlé le húdaráis na hUngáire tar éis an togra seo a ghlacadh. Tugtar dá aire, go háirithe, go bhfuil líon áirithe beart feabhais le cur chun feidhme faoin 19 Samhain 2022, bearta arna moladh ag an Ungáir. Coinneoidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas maidir le haon eilimint ábhartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh ar mheasúnú faoi láthair.

(124) De bhun Airteagal 6(10) den Rialachán maidir le Coinníollacht, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme laistigh d'aon mhí amháin, tréimhse a bhféadfaí síneadh nach faide ná dhá mhí a chur leis, rud d'fhagfadh go bhféadfaí na gealltanais dá dtagraítear i mír (123) a mheas.

## 8. BEARTA ATÁ BEARTAITHE LENA NGLACADH AGUS A GCOMHRÉIREACHT

(125) Leis an togra seo urramaítear prionsabal na comhréireachta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atá á lorg leis an ionstraim a bhaint amach.

(126) Ceanglaítear leis an Rialachán maidir le Coinníollacht go ndéanfar bearta a mholadh don Chomhairle i gcomhréir le tionchar iarbhír nó féideartha na sáruithe arna

53 Ní thagann na torthaí sin roimh fhaireachán agus measúnú anailíseach an Choimisiúin faoi ionstraimí eile de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear faireachán bliantúil ar an smacht reachta.

sainaithint ar phrionsabail an smachta reachta ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais agus, a mhéid is féidir, díriú ar ghníomhaíochtaí an Aontais a ndéanann na sáruithe difear dóibh. Agus na bearta atá le moladh á sainaithint aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na heilimintí ábhartha uile, amhail cineál, fad, tromchúis agus raon na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta, chomh maith le leordhóthanacht aon bhirt feabhais a d'fhéadfadh a bheith ann arna thíolacadh ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhthéacs an nós imeachta.

## 8.1. Comhréireacht na mbeart — an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta ar bhuiséad an Aontais

(127) Tá dlúthbhaint ag na sáruithe a sainaithníodh leis an bpróiseas faoina n-úsáideann an Ungáir cistí de chuid an Aontais, ós rud é gur feidhmiú míchuí agus próisis de chuid na n-údarás poiblí iad a dhéanann cinneadh maidir le nós imeachta dámhachtana conarthaí arna maoiniú trí bhuiséad an Aontais. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais an-suntasach. Ina theannta sin, má tá na sáruithe a sainaithníodh ceangailte leis na teorainneacha agus na bacainní a bhaineann le calaois a bhrath, a imscrúdú agus a cheartú mar gheall ar na forais bhreise a bhaineann le creat imscrúdaithe, ionchúisimh agus frithéillithe, d'fhéadfaí a mheas go mbeadh an tionchar thuasluaite níos suntasaí fós, toisc go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do chistí uile an Aontais arna gcur chun feidhme ag an Ungáir.

(128) A mhéid a bhaineann le cineál na sáruithe, measann an Coimisiún go bhfuil measúnú na sáruithe atá ábhartha maidir leis an soláthar poiblí chomh maith leis na saincheisteanna sin atá ábhartha maidir le coinbhleachtaí leasa maidir le hiontaobhais leasa phoiblí ina léiriú ar sháruithe ar an smacht reachta, go háirithe sáruithe ar Airteagal 3(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, toisc nach ndéanann siad cinntí treallacha nó neamhdhleathacha a chosc, a cheartú nó smachtbhannaí a fhorchur ina leith, agus nach n-áirithíonn siad nach bhfuil coinbhleachtaí leasa ann. Dá bhrí sin, an cineál sáruithe a ndearnadh measúnú orthu, bíonn tionchar suntasach aige ar bhuiséad an Aontais, a bhaineann go bunúsach leis an gcaoi a bhfuil cistí poiblí, lena n-áirítear cistí an Aontais, á gcur chun feidhme.

(129) Thairis sin, is sáruithe athfhillteacha iad na sáruithe is ábhartha do na saincheisteanna arna sainaithint i ndáil le soláthar poiblí agus maireann siad níos faide ná 10 mbliana, rud a fhágann go bhfuil riosca ann maidir le bainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus maidir le leasanna airgeadais an Aontais.

(130) Ina theannta sin, measann an Coimisiún go mbaineann na sáruithe arna sainaithint ar phrionsabail an smachta reachta le codanna tábhachtacha den earnáil phoiblí san Ungáir, i.e. gach eintiteas poiblí a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme agus a d'fhéadfadh a bheith ina n-údaráis chonarthacha anois nó amach anseo, chomh maith le hiontaobhais leasa phoiblí uile, a bhfuil cuspóir leasa phoiblí acu, in ainneoin gur eintitis phríobháideacha iad, amhail oideachas, taighde, cosaint an chomhshaoil agus cosaint na haeráide agus cosaint na hoidhreachta. Dá bhrí sin, is sáruithe sistéamacha agus forleathana iad na sáruithe a sainaithníodh ar phrionsabail an smachta reachta, agus dá bhrí sin tá siad tromchúiseach.

(131) Maidir le raon feidhme an tsáraithe ar phrionsabail an smachta reachta, measann an Coimisiún, nuair a dhéanann sárú ar phrionsabail an smachta reachta difear do roinnt clár nó cistí de chuid an Aontais, nó nuair atá baol ann go ndéanfadh sé amhlaidh, maidir lena thionchar ar bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais, ní

mór a mheas go mbeidh tionchar suntasach aige. Sa chás sin, tá an baol ann go ndéanfaidh na saincheisteanna sainaitheanta difear do na cláir uile a chuirtear chun feidhme go príomha trí sholáthar poiblí, a bhaineann go mór le trí cinn de chláir an Bheartais Comhtháthaithe san Ungáir faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, a chomhfhreagraíonn don chuid shuntasach de bhuiséad an Aontais a leithdháiltear ar an Ungáir faoin mBeartas Comhtháthaithe. Le hiniúchtaí an Choimisiúin inar sainaithníodh na saincheisteanna soláthair phoiblí a bhfuil cur síos orthu thuas, cumhdaíodh réimse an Bheartais Chomhtháthaithe agus in ainneoin go ndearnadh a dtionchar ar bhuiséad an Aontais a cheartú ó thaobh airgeadais de agus rialacha an bheartais chomhtháthaithe á gcur i bhfeidhm i ndáil leis na hiniúchtaí aonair, léirigh na torthaí sin neamhábaltacht shistéamach, mainneachtain nó neamhthoilteanas údaráis na hUngáire cinntí a chosc atá ag sárú an dlí is infheidhme a mhéid a bhaineann le soláthar poiblí agus coinbhleachtaí leasa, agus ar an gcaoi sin dul i ngleic go leordhóthanach le rioscaí éillithe.

(132) Sa bhreis ar an méid thuas, más rud é go bhfuil na saincheisteanna sainaitheanta a bhaineann le soláthar poiblí agus le hiontaobhais leasa phoiblí ag teacht leis na teorainneacha agus na bacainní a bhaineann le calaois a bhrath, a imscrúdú agus a cheartú mar gheall ar na forais bhreise a bhaineann le creat imscrúdaithe, ionchúisimh agus frithéillithe, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an tionchar airgeadais níos suntasaí fós. Go deimhin, chuirfeadh an ghné sin bac ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais *ex ante*, rud a chuirfeadh bac ar éifeacht dhíspreagthach imeachtaí coiriúla, agus *ex post*, rud a chuirfeadh bac ar ghníomhaíocht dhiansmachtúil institiúidí Stáit.

### 8.2. Gníomhaíochtaí an Aontais ar a bhfuil na bearta dírithe

(133) Tar éis dúinn iniúchtaí sheirbhísí an Choimisiúin san am a chuaigh thart (agus in ainneoin go bhfuil a dtionchar ar bhuiséad an Aontais ceartaithe go foirmiúil ó thaobh airgeadais de i gcur i bhfeidhm rialacha an bheartais chomhtháthaithe), agus na torthaí a leagtar amach thuas a chur san áireamh, is iad gníomhaíochtaí an Aontais is dóchúla a ndéanfaidh sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta difear dóibh amach anseo, gníomhaíochtaí chláir an Bheartais Chomhtháthaithe a chuirtear chun feidhme go príomha trí sholáthar poiblí, chomh maith le cláir faoina bhféadfadh iontaobhais leasa phoiblí agus na heintitis a choinníonn siad ar bun a bheidh ina dtairbhithe.

(134) Measann an Coimisiún, agus an riosca bunaithe maidir le bainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais á chur san áireamh, chomh maith le cineál coisctheach 'an Rialachán maidir le Coinníollacht, agus chun an buiséad a chosaint ar rioscaí tromchúiseacha, gur cheart go dtabharfadh na bearta tús áite do chláir an Bheartais Comhtháthaithe 2021-2027 a mheastar a chuirfear chun feidhme go príomha tríd an soláthar poiblí agus tagarmharcáil á dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh cláir choibhéiseacha an Bheartais Chomhtháthaithe chun feidhme faoi CAI 2014-2020. Is iad seo a leanas na cláir faoin mBeartas Comhtháthaithe a mbaineann na bearta beartaithe leo (dá ngairtear na 'cláir lena mbaineann' anseo feasta):

(a) Clár Oibríochtúil um an gComhshaol agus um Éifeachtúlacht Fuinnimh Plus,

(b) Clár Oibríochtúil Comhtháite um Iompar Plus,

(c) Clár Oibríochtúil um Fhorbairt Chríochach agus Lonnaíochta Plus.

(135) A mhéid a bhaineann leis na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a dhéanann difear do chistí arna gcur chun feidhme ag iontaobhais leasa phoiblí agus ag na heintitis a choinníonn siad ar bun, measann an Coimisiún, agus cineál na ngníomhaíochtaí a bhféadfadh baint a bheith ag na heintitis sin leo á gcur san áireamh[54], gur cheart na bearta atá beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh sa chás seo a dhíriú ar ghníomhaíochtaí uile na gclár atá faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach a bhféadfadh iontaobhais leasa phoiblí nó eintitis eile a bheith á gcoinneáil ar bun acu mar thairbhithe nó mar eintitis cur chun feidhme.

## 8.3. Bearta iomchuí agus comhréireacha a roghnú

(136) I bhfianaise na hanailíse a rinneadh roimhe, anailís a bhaineann de chonclúid as go bhféadfadh tionchair mór a bheith ag na sáruithe sainaitheanta ar phrionsabail an smachta reachta ar bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais, déantar na bearta seo a leanas a mholadh.

- Cláir atá faoi bhainistíocht chomhroinnte: gealltanais faoi chláir an bheartais chomhtháthaithe don tréimhse 2021-2027 a chur ar fionraí

(137) Chun leibhéal fionraí na ngealltanas a chinneadh, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir, ag an gcéim seo, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar bhuiséad an Aontais a chainníochtú go beacht, toisc nach féidir cion na gcistí a chuirfear chun feidhme trí sholáthar faoi thréimhse CAI 2021-2027 a chinneadh roimh ré le cruinneas leordhóthanach. Dá bhrí sin, ós rud é nach féidir méid an chaiteachais a bhaineann leis na neamhrialtachtaí tromchúiseacha a braitheadh a shainiú go beacht, cinntear leibhéal iomchuí na mbeart atá le cur i bhfeidhm le céatadán a léiríonn an riosca measta a eascraíonn as buiséad an Aontais. Cinntear an céatadán sin i bhfianaise thromchúis, mhinicíocht agus fhad na sáruithe sistéamacha a sainaithníodh, chomh maith leis an riosca uasta airgeadais a bhfuiltear ag súil leis do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais, agus na bearta feabhais arna dtíolacadh ag an Ungáir i gcomhthéacs an nós imeachta sin á gcur san áireamh.

(138) I bhfianaise an tionchair an-mhór a d'fhéadfadh a bheith ag na sáruithe a sainaithníodh ar phrionsabail an smachta reachta ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus ar leasanna airgeadais an Aontais, agus cineál, fad, tromchúis agus raon feidhme na sáruithe sin á gcur san áireamh, d'fhéadfadh tionchar ionchasach an-suntasach a bheith i gceist leis sin ar na cistí ábhartha agus, ar an gcaoi sin, údar a thabhairt le leibhéal an-suntasach fionraí na ngealltanas a bheith comhréireach. A mhéid a bhaineann le soláthar poiblí, ba cheart, dá bhrí sin, bearta iomchuí agus comhréireacha a leathnú chuig méid na gcistí de chuid an Aontais a bhfuil rioscaí ann lena mbainistiú de shárú ar phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais. Mar sin féin, ní mheastar ach cuid de chistí na gclár oibríochtúil thuasluaite a chur chun feidhme trí sholáthar (idir 85 % agus 90 % de chistí) agus, i bprionsabal, d'fhéadfadh sé nach ndéanfadh na sáruithe sistéamacha sin difear do roinnt nósanna imeachta soláthair phoiblí. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh rioscaí tromchúiseacha a bheith ag baint leis na sáruithe sin do chláir eile de chuid an Aontais, ar rioscaí iad a chuirtear chun feidhme, ar bhealach níos lú, tríd an soláthar poiblí ach nach ndéanfadh na bearta atá beartaithe difear dóibh. Agus an méid sin go léir á chur san áireamh, ina litir intinne, mheas an Coimisiún go mbeadh an baol ann

---

54 Bhainfeadh na gníomhaíochtaí sin go príomha le hoideachas agus le taighde, ach le go leor gníomhaíochtaí eile freisin, mar atá cosaint an chomhshaoil agus na haeráide, cosaint na hoidhreachta, agus spóirt.

go mbeadh an buiséad comhfhreagrach le 70 % de chistí na gclár lena mbaineann. Mar sin féin, d'fhéadfaí an riosca sin a mhaolú go mór leis na gealltanais a thug an Ungáir sna bearta feabhais a cuireadh isteach leis an dara freagra, dá ndeimhneofaí iad sa dréachtreachtaíocht a gheall an Ungáir a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(139) Go deimhin, cé gur thíolaic an Ungáir bearta feabhais a d'fhéadfadh, i bprionsabal, a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar ábhair imní an Choimisiúin, níl siad fós mionsonraithe go leor ag an bpointe seo ós rud é go bhfuil na príomhthéacsanna reachtacha agus na príomhchéimeanna eile lena gcuirfí tús le cur chun feidhme cuid mhaith de na bearta feabhais arna dtíolacadh ag an Ungáir fós ar feitheamh, ionas go mbeidh sé deacair measúnú cinntitheach a dhéanamh ar a iomchuí atá siad. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhfhreagraíonn comhfhogasú réasúnta ar leibhéal an riosca atá fágtha don bhuiséad ag an gcéim seo do 65 % de chistí na gclár lena mbaineann. Ós rud é gur féidir an leibhéal sin a mheas mar chomhfhogasú réasúnta ar an tionchar ar bhuiséad an Aontais nó ar na rioscaí tromchúiseacha do bhuiséad an Aontais, measann an Coimisiún gur beart comhréireach é 65 % gealltanas sna cláir oibríochtúla sin a chur ar fionraí. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcás agus féadfaidh sé oiriúnuithe a mholadh de réir mar is gá.

(140) Mura mbeadh na cláir shainaitheanta formheasta faoin am a dhéanfadh an Chomhairle cinneadh, ba cheart cinneadh a dhéanamh ina ionad sin formheas ceann amháin nó níos mó de na cláir lena mbaineann a chur ar fionraí i gcomhréir leis an riosca ar leasa an Aontais. Tá sé sin bunaithe ar an líne réasúnaíochta chéanna a leagtar amach i mír (139) thuas.

- Cláir faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach: toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh le hiontaobhais leasa phoiblí agus le heintitis atá á gcoinneáil ar bun acu

(141) Ba cheart baint a bheith ag na bearta freisin le gníomhaíochtaí faoi chláir a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, ar ina leith a fhéadfaidh iontaobhais leasa phoiblí agus na heintitis a choinníonn siad ar bun a bheith ina dtairbhithe nó ina n-eintitis cur chun feidhme. A mhéid a bhaineann leis na sáruithe arna sainaithint atá ábhartha d'iontaobhais leasa an phobail, ós rud é nach mbainfeadh an beart ach leis na heintitis sin amháin, ba cheart díriú ar na cláir uile a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach. Measann an Coimisiún gur beart comhréireach é an toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh le haon iontaobhas ar mhaithe le leas an phobail agus le haon eintiteas a choinníonn siad ar bun faoi aon chlár faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.

(142) Ós rud é go bhfuil eisceacht ghinearálta ann faoi láthair go gcloífidh baill bhoird iontaobhas le ceanglais maidir le coinbhleacht leasa, agus sin ar mhaithe le leas an phobail, agus fad agus a bheidh infheidhmeacht na rialacha maidir leis an soláthar poiblí i dtaca le cistí iontaobhais ag brath ar mheasúnú cás ar chás i dtaobh an gcomhlíonann siad na critéir chun a mheas gur údaráis chonarthacha iad, d'fhéadfadh eisceachtaí den sórt sin difear a dhéanamh d'aon bhuiséad a d'fhéadfadh na heintitis sin a chur chun feidhme nó a bhainistiú. Dá bhrí sin, tá sé beagnach dodhéanta a mheas gur cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc maidir le roinnt iontaobhas chun leas an phobail agus maidir leis na heintitis atá á gcoinneáil ar bun acu, nó gur féidir leis an gCoimisiún gealltanais dhlíthiúla pháirteacha a dhéanamh leis na heintitis sin. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a thabhairt teoranta do na heintitis sin, féadfar leithdháileadh na gcistí ó chláir uile an Aontais faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach a úsáid fós le haghaidh aon eintiteas eile,

mar thairbhí nó mar eintiteas cur chun feidhme. Dá bhrí sin, i bhfianaise liosta na mbeart is infheidhme maidir le bainistíocht dhíreach agus indíreach de bhun Airteagal 5(1)(a) den Rialachán maidir le Coinníollacht, is féidir a mheas go bhfuil an toirmeasc ar aon ghealltanas dlíthiúil nua a thabhairt isteach leis na heintitis sin comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar an riosca do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais, go dtí go nglacfar an téacs reachtach ábhartha.

(143) Ar choinníoll go sonraítear an beart i rialacha mionsonraithe agus go n-achtaítear é sa téacs reachtach is gá agus go bhfuil sé curtha chun feidhme mar atá geallta ag an Ungáir, is féidir a mheas go dtugann sé aghaidh ar ábhair imní uile an Choimisiúin i ndáil leis sin.

## 8.4. Barúlacha arna dtíolacadh ag an Ungáir maidir leis na bearta a moladh sa litir Intinne

(144) D'áitigh an Ungáir go dtugtar aghaidh sna bearta feabhais a thíolaic sí ar na saincheisteanna uile a shainaithin an Coimisiún sa chás seo. Mheabhraigh sí prionsabal an chomhair dhílis ar chomhlíon sé é d'fhonn na bearta feabhais a tíolacadh. Thairis sin, thagair sé do cheanglas breithiúnais na Cúirte[55] nach mór do na bearta a ghlactar faoin Rialachán maidir le Coinníollacht a bheith 'chomhréireach go docht' leis an tionchar a bheadh ag an sárú arna shuí ar phrionsabail an smachta reachta ar bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais, chun a mhaíomh go bhféadfadh tionchar nó éifeacht fhéideartha ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar chosaint leas airgeadais an Aontais a bheith ina údar le bearta ar chistí uile an Aontais a úsáideann Ballstát. Ina theannta sin, d'áitigh sé nach bhfágfaidh cineál sistéamach agus forleathan na sáruithe go mbeidh na sáruithe céanna sin tromchúiseach astu féin. Ina theannta sin, luaigh sé nach bhfuil aon údar maith ann maidir leis an bhfáth a sainaithníodh, agus a mhéid a sainaithníodh, na cláir oibríochtúla lena mbaineann na bearta a bheith á gcur chun feidhme tríd an soláthar poiblí.

(145) Ina theannta sin, d'áitigh sé gur sáraíodh na ceanglais maidir le measúnú oibiachtúil, neamhchlaonta agus cothrom, ós rud é nach bhfuil bonn cirt leis an gconclúid maidir le laghdú 70 % ar ghealltanais. Trí thagairt a dhéanamh do na ceartúcháin ar ráta comhréidh 10 % a cuireadh i bhfeidhm le linn iniúchadh 2017, áitíonn sé go gceanglófaí le prionsabal na comhréireachta nach bhféadfaí ach 10 % den 70 %, i.e. 7 %, de ghealltanais na gclár oibríochtúil ábhartha a chur ar fionraí. Ina theannta sin, áitíonn sé nár thug an Coimisiún údar leis an bhfáth a mhol sé íocaíochtaí a chur ar fionraí, íocaíochtaí a bhí níos airde ná na leibhéil cheartaithe airgeadais a leagtar amach sa Treoir ón gCoimisiún maidir le ceartuithe airgeadais i gcás neamhchomhlíonadh na rialacha maidir leis an soláthar poiblí[56].

(146) A mhéid a bhaineann leis an mbeart malartach chun formheas na gclár oibríochtúil a chur ar fionraí i gcás nach mbeidh siad formheasta ag an gCoimisiún an tráth a ghlacfaidh an Chomhairle a cinneadh, deir sí nár tugadh an deis di a dtuairimí a

[55] Féach breithiúnais na Cúirte (an Chúirt Iomlán) an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, Cás C-156/21, ECLI:AE:C:2022:97, mír 271 agus *an Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-157/21, ECLI:EU:C:2022:98, mír 302.

[56] Cinneadh ón gCoimisiún an 14 Bealtaine 2019 lena leagtar síos treoirlínte maidir le ceartuithe airgeadais a bheidh le déanamh ag an Aontas ar airgeadas caiteachais a chinneadh, i gcás neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le soláthar poiblí, C(2019)3452 final.

thabhairt, ós rud é nár shainigh an Coimisiún na cláir shonracha a bheadh i gceist i gcás den sórt sin.

(147) Maidir leis an toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh le hiontaobhais leasa phoiblí agus leis na heintitis atá á gcoinneáil ar bun acu nó á mbainistiú acu, áitíonn an Ungáir go bhfuil sé neamhriachtanach agus díréireach, i bhfianaise na mbeart feabhais líomhnaithe a tíolacadh an 19 Iúil 2022, nach ndearna an Coimisiún aon chás sonrach a chur i láthair i gcás nár ghníomhaigh na heintitis sin mar údaráis chonarthacha nó nár chomhlíon rialacha an Aontais maidir le coinbhleacht leasa.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(148) Is díol sásaimh don Choimisiún na bearta feabhais a thíolaic an Ungáir lena dara freagra, chomh maith lena comhar i ndáil leis sin. Mar sin féin, leagtar amach sa litir intinne maidir le rún na cúiseanna nárbh fhéidir na bearta feabhais a moladh an 19 Iúil 2022 a chur san áireamh i sainiú na mbeart a raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún iad a mholadh don Chomhairle. Maidir leis na bearta a chuir an Ungáir isteach leis an dara freagra uaidh, mhínigh an Coimisiún thuas i mír (121) agus i mír (122) cén fáth nach féidir a mheas go bhfuil siad leordhóthanach ag an bpointe seo chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a shainaithin an Coimisiún.

(149) Maidir leis an argóint atá ábhartha, argóint a rinne an Ungáir, maidir leis an tionchar nó na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith aige ar bhuiséad an Aontais, tugann an Coimisiún dá aire go gceanglaítear le hAirteagal 4(1) den Rialachán maidir le Coinníollacht ar an gCoimisiún bearta a mholadh don Chomhairle freisin nuair a bhíonn baol tromchúiseach ann go ndéanfadh sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta difear do bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais ar bhealach sách díreach. Ós rud é go bhfuil riosca tromchúiseach den sórt sin bunaithe ag an gCoimisiún don todhchaí, níor ghá dó riosca sonrach a bhunú mar a d’áitigh an Ungáir, d’fhonn bearta a mholadh don Chomhairle. Bhainfeadh an léirmhíniú a mhol an Ungáir an Rialachán maidir le Coinníollacht óna chuspóir, is é sin cosaint choisctheach ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais.

(150) A mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm rátaí na gceartuithe airgeadais a chuirtear i bhfeidhm i gcás iniúchtaí ar sheirbhísí an Choimisiúin, tugann an Coimisiún dá aire gur ionstraim choisctheach é an Rialachán maidir le Coinníollacht a bhfuil sé d’aidhm aici bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach níos cothrománaí ná rialacha airgeadais eile de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ní fhreastalódh cur i bhfeidhm *mutatis mutandis* na leibhéal ceartaithe airgeadais a áirítear i Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus sa chinneadh thuasluaite ón gCoimisiún ar a chuspóir, rud atá ar leithligh agus sa bhreis.

(151) Maidir leis an mbeart malartach chun formheas na gclár a chur ar fionraí, tá curtha in iúl go soiléir ag an gCoimisiún na cláir oibríochtúla a d’fhéadfadh a bheith faoi réir an bhirt seo. Ní raibh an Coimisiún in ann a chur in iúl tráth na litreach intinne, agus ní féidir leis a léiriú ag an gcéim seo ach oiread cé na cláir lena mbaineann a chuirfí san áireamh sa bheart malartach maidir le formheas na gclár a chur ar fionraí. Bheadh sé sin ag brath ar an gcéim ina bhformheasfar na cláir tráth a nglacfaidh an Chomhairle a cinneadh. Mar sin féin, tá sé tugtha le fios ag an gCoimisiún, i gcás ina bhfuil formheas na gclár le cur i bhfeidhm, gur cheart go mbainfeadh sé sin ceann

amháin nó níos mó de na cláir i gcomhréir leis an riosca ar leasa airgeadais an Aontais.

(152) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis an mbeart is ábhartha d'iontaobhais leas an phobail, ní cheanglaítear leis an Rialachán maidir le Coinníollacht cásanna sonracha a shainiú ina ndearna sárú ar phrionsabail an smachta reachta difear do bhuiséad an Aontais nó do leasanna airgeadais an Aontais. Go háirithe a mhéid a bhaineann le hiontaobhais leasa phoiblí, is léir go mbaineann riosca tromchúiseach le bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is é an toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a thabhairt, an t-aon bheart lenar féidir cineál cosantach agus coisctheach an nós imeachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht a áirithiú.

## 9. BUNÚS DLÍ

(153) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint is ea an bunús dlí le haghaidh na hionstraime seo.

## 10. BEARTA ATÁ BEARTAITHE LENA NGLACADH

- **Cláir faoin gcomhbhainistiú**

(154) 65 % de na gealltanais i dtrí chlár oibríochtúla don tréimhse 2021-2027 arna maoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste Comhtháthaithe (CC), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a chur ar fionraí.

(155) Mura mbeadh na cláir shainaitheanta formheasta faoin am a dhéanfadh an Chomhairle cinneadh, ba cheart cinneadh a dhéanamh ina ionad sin formheas ceann amháin nó níos mó de na cláir lena mbaineann a chur ar fionraí i gcomhréir leis an riosca ar leasa an Aontais. Tá sé sin bunaithe ar an líne réasúnaíochta chéanna a leagtar amach i mír 140 thuas.

- **Cláir faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach**

(156) Toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh le haon iontaobhas ar mhaithe le leas an phobail agus le haon eintiteas a choinníonn siad ar bun faoi aon chlár de chuid an Aontais faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach. Ní gá go mbeadh tionchar buiséadach aige sin toisc go bhfuil an toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a thabhairt teoranta do na heintitis sin agus féadfar an leithdháileadh comhfhreagrach cistí ó gach clár de chuid an Aontais faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach a úsáid fós le haghaidh aon eintiteas eile, mar thairbhí nó mar eintiteas cur chun feidhme.

2022/0295 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint [57] , agus go háirithe Airteagal 6(10) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Samhain 2021, chuir an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig an Ungáir de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, ar thug údaráis na hUngáire freagra uirthi an 27 Eanáir 2022.

(2) An 27 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún fógra i scríbhinn chuig an Ungáir de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, (‘an ‘fógra’). San fhógra sin, chuir an Coimisiún a chuid ábhar imní in iúl agus chuir sé a thorthaí i láthair maidir le roinnt saincheisteanna a bhaineann leis an gcóras soláthair phoiblí san Ungáir, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

   (a) neamhrialtachtaí, easnaimh agus laigí sistéamacha i nósanna imeachta soláthair phoiblí;

   (b) ráta ard nósanna imeachta tairisceana aonair agus déine iomaíochta íseal i nósanna imeachta soláthair;

   (c) saincheisteanna a bhaineann le creat-chomhaontuithe a úsáid;

   (d) coinbhleachtaí leasa a bhrath, a chosc agus a cheartú;

   (e) saincheisteanna a bhaineann le hiontaobhais leasa phoiblí.

(3) Léiríonn na saincheisteanna sin agus athrá na saincheisteanna sin le himeacht ama neamhábaltacht shistéamach, cliseadh nó neamhthoilteanas, ó thaobh údaráis na hUngáire de, cosc a chur ar chinntí atá ag sárú an dlí is infheidhme, a mhéid a bhaineann le soláthar poiblí agus coinbhleachtaí leasa, agus ar an gcaoi sin, neamhábaltacht, cliseadh nó neamhthoilteanas dul i ngleic go leordhóthanach le rioscaí éillithe. Is sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta iad, go háirithe

[57] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1.

prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin agus is cúis imní iad maidir le scaradh na gcumhachtaí.

(4) Leag an Coimisiún amach forais bhreise san fhógra agus chuir sé a thorthaí i láthair maidir le roinnt saincheisteanna a bhaineann le himscrúdú agus ionchúiseamh, agus an creat frithéillithe, lena n-áirítear teorainneacha ar imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach gníomhaíochta coiriúla líomhnaithe, eagrúchán na seirbhísí ionchúisimh, agus easpa creata frithéillithe feidhmiúil éifeachtaigh go hiarbhír. Is sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta iad na saincheisteanna sin, go háirithe maidir le deimhneacht dhlíthiúil, toirmeasc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin agus cosaint bhreithiúnach éifeachtach.

(5) San fhógra, leag an Coimisiún amach na heilimintí fíorasacha agus na forais shonracha ar ar bhunaigh sé a chuid torthaí agus d'iarr sé ar an Ungáir freisin faisnéis agus sonraí áirithe a chur ar fáil maidir leis na gnéithe fíorasacha agus na forais sin. Thug an Coimisiún 2 mhí san fhógra d'údaráis na hUngáire a mbarúlacha a thíolacadh.

(6) An 27 Meitheamh 2022, thug an Ungáir freagra ar an bhfógra ('an chéad fhreagra'). Le litreacha dar dáta an 30 Meitheamh agus an 5 Iúil 2022, thíolaic an Ungáir tuilleadh faisnéise chun an chéad fhreagra a chomhlánú. Thairis sin, an 19 Iúil 2022, sheol an Ungáir litir bhreise inar moladh roinnt beart feabhais chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí san Fhógra.

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar na barúlacha a tíolacadh sa chéad fhreagra agus tháinig sé ar an gconclúid nár mhaolaigh siad a ábhair imní agus a thorthaí a leagtar amach san Fhógra. Thairis sin, mheas an Coimisiún nach raibh bearta feabhais leordhóthanacha a gealladh go hiomchuí i gcomhthéacs Rialachán (AE Euratom) 2020/2092 sa chéad fhreagra ná sna litreacha breise a seoladh an 30 Meitheamh agus an 5 Iúil 2022. Toisc gur tíolacadh an litir dar dáta an 19 Iúil 2022 go déanach, níor féadadh í a chur san áireamh sa mheasúnú ar an gcéad fhreagra. Chuir an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha uile sa litir sin san áireamh le linn na chéad chéime eile den nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, áfach, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis leis na Ballstáit.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 6(7) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, sheol an Coimisiún litir chuig an Ungáir an 20 Iúil 2022 (an 'litir intinne') chun an Ballstát a chur ar an eolas faoina mheasúnú de bhun Airteagal 6(6) den Rialachán sin agus faoi na bearta a bhí beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh lena nglacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 6(9) den Rialachán sin, in éagmais gealltanas ón Ungáir bearta feabhais leordhóthanacha a dhéanamh. Sa litir intinne, thug an Coimisiún an deis don Ungáir a barúlacha a thíolacadh go háirithe maidir le comhréireacht na mbeart atá beartaithe.

(9) D'fhreagair an Ungáir an litir intinne an 22 Lúnasa 2022 ('an dara freagra'), inar sholáthair sí a barúlacha maidir le torthaí an Choimisiúin, an nós imeachta agus comhréireacht na mbeart dá dtagraítear sa litir intinne. D'ainneoin gur chuir sí in aghaidh thorthaí an Choimisiúin, mhol an Ungáir bearta feabhais áirithe chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a d'ardaigh an Coimisiún. An 13 Meán Fómhair 2022, sheol an Ungáir litir chuig an gCoimisiún ina raibh soiléiriú agus gealltanais bhreise atá ábhartha maidir leis na bearta feabhais a moladh. Is é tuairim na hUngáire go dtugtar aghaidh iomlán ar ábhar imní an Choimisiúin leis na bearta feabhais, lena n-áirítear na gealltanais bhreise sa litir dar dáta an 13 Meán Fómhair

2022, agus dá bhrí sin níor cheart don Choimisiún aon bheart a mholadh don Chomhairle.

(10) Déantar achoimre ar phríomhthorthaí an Choimisiúin sna haithrisí seo a leanas.

(11) Ar an gcéad dul síos, tá neamhrialtachtaí, easnaimh agus laigí sistéamacha dáiríre sna nósanna imeachta soláthair phoiblí. Aimsíodh neamhrialtachtaí den sórt sin tar éis iniúchtaí comhleanúnacha a rinne seirbhísí an Choimisiúin maidir le clárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020 araon. Dúnadh na hiniúchtaí sin le méideanna foriomlána suntasacha de cheartúcháin airgeadais, chomh maith le roinnt imscrúduithe OLAF as ar eascair moltaí airgeadais chun méideanna suntasacha a aisghabháil ón Ungáir. Ina theannta sin, léiríonn na sonraí atá ar fáil gur ann do chéatadáin arda neamhghnácha de chonarthaí a dámhadh tar éis nósanna imeachta ina raibh aon tairgeoir amháin; de chonarthaí a sannadh do chuideachtaí sonracha, cuideachtaí a bhfuil codanna móra den mhargadh á bhfáil acu de réir a chéile; chomh maith le heasnaimh thromchúiseacha i sannadh na gcreat-chomhaontuithe. Thairis sin, tá ábhar imní ann maidir le neamhchur i bhfeidhm rialacha soláthair phoiblí agus coinbhleachta leasa maidir le 'hiontaobhais leasa phoiblí' agus na heintitis a bhainistíonn siad, agus tá ábhar imní ann maidir leis an easpa trédhearcachta maidir le bainistíocht cistí ag na hiontaobhais sin. Léiríonn na saincheisteanna sin agus atarlú na saincheisteanna sin le himeacht ama neamhábaltacht shistéamach, cliseadh nó neamhthoilteanas, ó thaobh údaráis na hUngáire de, cosc a chur ar chinntí atá ag sárú an dlí is infheidhme, a mhéid a bhaineann le soláthar poiblí agus coinbhleachtaí leasa, agus ar an gcaoi sin, dul i ngleic go leordhóthanach le rioscaí éillithe. Is sáruithe ar phrionsabal an smachta reachta iad, go háirithe prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin agus is cúis imní iad a mhéid a bhaineann le scaradh na gcumhachtaí.

(12) Ar an dara dul síos, tá saincheisteanna breise ann maidir le teorainneacha ar imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach gníomhaíochta coiriúla líomhnaithe, eagrú na seirbhísí ionchúisimh, agus easpa creata frithéillithe atá feidhmiúil agus éifeachtach. Go háirithe, tá easpa leigheasanna breithiúnacha éifeachtacha ó chúirt neamhspleách i gcoinne chinntí na seirbhíse ionchúisimh gan imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh ar éilliú líomhnaithe , calaois líomhnaithe nó cionta coiriúla eile a chuireann isteach ar leasanna airgeadais an Aontais, easpa ceanglais chun cúiseanna a thabhairt nuair a dhéantar cásanna den sórt sin a shannadh nó a athshannadh, agus easpa rialacha chun cinntí treallacha a chosc ina leith. Ina theannta sin, tá easpa straitéise cuimsithí frithéillithe ann lena gcumhdaítear na réimsí is ábhartha maidir le héilliú a chosc; tearcúsáid réimse iomlán na n-uirlisí coisctheacha chun cuidiú le himscrúdú éillithe, go háirithe maidir le cásanna éillithe ardleibhéil; chomh maith le heaspa ginearálta de chosc éifeachtach agus cionta calaoise agus éilithe coiriúla a chur faoi chois. Is sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta iad na saincheisteanna sin, go háirithe maidir le deimhneacht dhlíthiúil, toirmeasc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin agus cosaint bhreithiúnach éifeachtach.

(13) Ní thugtar aghaidh leordhóthanach ar na torthaí a leagtar amach san fhógra agus sa litir intinne leis na barúlacha a cuireadh chun cinn sna freagraí ón Ungáir. Go háirithe, níor tugadh aon fhianaise sna freagraí tar éis na bhfeabhsuithe a rinne an Ungáir le déanaí ina córas soláthair (a mhéid a bhaineann le trédhearcacht, déine na hiomaíochta, seiceálacha maidir le coinbhleachtaí leasa). Cé go ndearnadh roinnt athruithe ar chóras soláthair phoiblí na hUngáire tar éis iniúchtaí sheirbhísí an Choimisiúin, ní thugann aon ní le fios go raibh tionchar ag na hathruithe sin ar mhargadh na hUngáire ar leibhéal na hiomaíochta. Léirítear sna sonraí atá ar fáil don

Choimisiún nach amháin go bhfuil méadú tagtha ar chomhchruinniú na ndámhachtainí sa soláthar poiblí, ach go bhfuil méadú tagtha freisin ar an seans atá ag gníomhaithe pháirtí rialaithe na hUngáire ceann a bhuachan (na 'cuideachtaí a bhfuil nasc polaitiúil acu'). Fuair an Coimisiún staidéar ina raibh anailís eimpíreach staitistiúil ar níos mó ná 270 000 conradh soláthair phoiblí san Ungáir idir 2005 agus 2021[58]. Comhthacaíodh le barúlacha an staidéir le torthaí scrúdaithe ar shonraí tairisceana áirithe maidir le conarthaí a dámhadh do chuid de na cuideachtaí a sainaithníodh mar chuideachtaí a bhfuil naisc polaitiúil acu. Thairis sin, bhailigh an Coimisiún tuarascálacha ó na meáin chumarsáide agus ó pháirtithe leasmhara sna hearnálacha turasóireachta, cumarsáide agus spóirt. Níor chuir an Ungáir aon fhianaise ar fáil maidir le hinfheidhmeacht rialacha coinbhleachta leasa (ná le cur i bhfeidhm i gcleachtas) atá ábhartha maidir le buiséad an Aontais a chosaint i ndáil le hiontaobhais leasa phoiblí.

(14) Ní chuirfí ar chumas an Choimisiúin buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí le nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais. Na neamhrialtachtaí, na heasnaimh agus na laigí a sainaithníodh, tá siad go forleathan agus fite fuaite ina chéile, rud a chiallaíonn nach féidir le nósanna imeachta seachas na cinn dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do bhuiséad an Aontais ar bhealach níos éifeachtaí. Fiú más féidir modhanna áirithe atá ar fáil faoi rialacha earnála a úsáid, amhail iniúchtaí arna ndéanamh ag seirbhísí an Choimisiúin, agus ceartúcháin airgeadais i leith neamhrialtachtaí nár cheartaigh údaráis na hUngáire, baineann na bearta sin go ginearálta le caiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún cheana féin agus léirítear le leanúint d'easnaimh thar roinnt blianta nach leordhóthanach na ceartúcháin airgeadais sin chun leas airgeadais an Aontais a chosaint ó rioscaí atá ann faoi láthair nó ó rioscaí amach anseo.

(15) Maidir le hurramú agus faireachán na gcoinníollacha cumasúcháin a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], ba cheart a thabhairt faoi deara gur é an t-aon iarmhairt amháin a bheidh ann mura gcomhlíontar coinníoll cumasúcháin a leagtar amach in Airteagal 15(5) den Rialachán sin ná nach n-aisíocfaidh an Coimisiún caiteachas leis an mBallstát atá i gceist ar caiteachas é a bhaineann le hoibríochtaí atá nasctha leis an gcuspóir sonrach. Le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 tugtar réimse bearta féideartha níos leithne chun buiséad an Aontais a chosaint, lena n-airítear formheas cláir amháin nó níos mó a chur ar fionraí, chomh maith leis na ceanglais faoi bhainistíocht chomhroinnte a chur ar fionraí. Baineann na bearta féideartha faoi Rialachán (AE,

---

58 *Study on concentration of awards and potential risks of fraud, corruption and conflict of interest in public procurement procedures in Hungary with focus on EU funded public procurements - Empirical analysis of Hungarian public procurement data from 2005 to 2021 [Staidéar ar chomhchruinniú dámhachtainí agus rioscaí féideartha calaoise, éillithe agus coinbhleachta leasa i nósanna imeachta soláthair phoiblí san Ungáir, agus ag díriú ar sholáthairtí poiblí atá maoinithe ag an Aontas - Anailís eimpíreach ar shonraí maidir le soláthar poiblí na hUngáire ó 2005 go 2021]*, Lárionad Taighde um Éilliú i mBúdaipeist.

59 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

Euratom) 2020/2092 le réamh-mhaoiniú freisin, rud nach bhforáiltear dó faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/1060.

(16) A mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm rialacha soláthair phoiblí agus a gcur chun feidhme, le haithris 17 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 soiléirítear gur reachtaíocht airgeadais agus earnáilsonrach reachtaíocht an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán sin. Níl nósanna imeachta um shárú bunaithe ar ghníomh reachtach ach tá siad bunaithe go díreach ar Airteagal 258 CFAE. Ní féidir an fhoráil sin den dlí príomha a mheas mar 'reachtaíocht an Aontais' de réir bhrí Airteagal 6(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092.

(17) Le hAirteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60] déantar foráil go bhfuil na Ballstáit le gach beart is iomchuí a dhéanamh chun leasa airgeadais an Aontais a chosaint nuair atá bearta á gcur chun feidhme acu faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Is ar na Ballstáit i gcónaí atá an phríomhfhreagracht dlí an Aontais agus dlí náisiúnta a chomhlíonadh agus na bearta sin á gcur chun feidhme acu, i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2021/241, cé gur féidir leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 22(5) den Rialachán sin, dul ar aghaidh chuig bearta ceartaitheacha i gcásanna calaoise, éillithe agus coinbhleachtaí leasa a chuireann isteach ar leasanna airgeadais an Aontais nár cheartaigh an Ballstát, nó i gcás sárú tromchúiseach ar oibleagáid a eascraíonn as an gcomhaontú iasachta nó as an gcomhaontú maoinithe. Níos tábhachtaí fós, níl Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na hUngáire tugtha chun críche go fóill agus braitheann a ábhar agus a acmhainneacht chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar na bearta iarbhír a bheidh ann, ach ar an mbealach a chuirfidh an Ungáir na bearta sin chun feidhme freisin. Dá bhrí sin, dá gcuirfí forálacha Rialachán (AE) 2021/241 i bhfeidhm, ní chuirfí ar chumas an Choimisiúin buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí sa chás sin.

(18) I bhfianaise a bhfuil thuas, ní chuirfí ar chumas an Choimisiúin le haon nós imeachta eile faoi dhlí an Aontais buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí ná an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092.

(19) Meastar go mbaineann tábhacht shuntasach le tionchar féideartha na sáruithe sainaitheanta ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais, ós rud é go bhfuil dlúthnasc ag na sáruithe sin leis an bpróiseas faoina n-úsáideann an Ungáir cistí an Aontais sa mhéid is gurb éard atá iontu feidhmiú míchuí na n-údarás poiblí a dhéanann cinneadh faoi dhámhachtain conarthaí arna maoiniú trí bhuiséad an Aontais. Ina theannta sin, má dhéantar na sáruithe sainaitheanta a chúpláil leis na teorainneacha agus na bacainní atá ann maidir le brath, imscrúdú agus ceartú na calaoise, agus a sainaithníodh mar fhorais bhreise a bhaineann le himscrúdú agus ionchúiseamh agus leis an gcreat frithéillithe, is féidir a mheas go gur suntasaí o mór an tionchar sin.

(20) I bhfianaise chineál na dtorthaí i ndáil le soláthar poiblí, ba cheart go mbeadh baint ag na bearta iomchuí atá le glacadh faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 (na 'bearta iomchuí') le cistiú ón Aontas a chuirtear chun feidhme go príomha trí sholáthar poiblí. Leis na hiniúchtaí ón gCoimisiún inar sainaithníodh próisis soláthair phoiblí easnamhacha agus neamhrialta cumhdaíodh réimse an Chomhtháthaithe, agus

60 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

in ainneoin gur ceartaíodh tionchar na n-easnamh agus na neamhrialtachtaí sin i mbuiséad an Aontais trí na rialacha maidir leis an mbeartas Comhtháthaithe a chur i bhfeidhm, léiríonn siad go bhfuil éagumas, mainneachtain nó neamhthoil ann ar bhonn sistéamach ar thaobh údaráis na hUngáire chun cosc a chur ar chinntí a sháraíonn an dlí is infheidhme a mhéid a bhaineann leis an soláthar poiblí agus le coinbhleachtaí leasa, agus dá bhrí sin chun dul i ngleic go leormhaith le rioscaí éillithe.

(21) Is iad na cláir gur cheart do na bearta iomchuí a chosaint mar thosaíocht cláir an Bheartais Comhtháthaithe 2021-2027 a mheastar a chuirfear chun feidhme go príomha tríd an soláthar poiblí de réir analaí maidir leis an gcaoi ar chuir an Ungáir na cláir choibhéiseacha chun feidhme faoi CAI 2014-2020. Is iad na cláir sin Clár Oibríochtúil um an gComhshaol agus um Éifeachtúlacht Fuinnimh Plus, an Clár Oibríochtúil Comhtháite um Iompar Plus, agus an Clár Oibríochtúil um Fhorbairt Chríochach agus Lonnaíochta Plus (na 'cláir lena mbaineann'). A mhéid a bhaineann leis na cláir lena mbaineann, meastar gur 85 % go 90 % atá sa leibhéal chur chun feidhme trí sholáthar poiblí.

(22) Ba cheart go mbainfeadh na bearta iomchuí freisin le gníomhaíochtaí faoi chláir de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, agus dá bhféadfadh iontaobhais leasa phoiblí agus na heintitis a bhainistíonn siad, a mheastar a bheith ina n-eintitis rialtais de réir bhrí X Airteagail 2(b) agus 5(1)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, a bheith ina dtairbhithe nó ina n-eintitis cur chun feidhme. A mhéid a bhaineann leis na sáruithe arna sainaithint atá ábhartha maidir le hiontaobhais leasa phoiblí, ba cheart don bheart iomchuí seo díriú ar na cláir uile de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach.

(23) I gcomhréir leis na ceanglais chomhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, ba cheart leibhéal iomchuí na mbeart atá le cur i bhfeidhm a chinneadh trí úsáid a bhaint as céatadán lena léirítear an riosca a bheidh ann ina dhiaidh sin do bhuiséad an Aontais.

(24) I bhfianaise thromchúis, mhinicíocht agus fhad na sáruithe sistéamacha a sainaithníodh sa soláthar poiblí, is féidir a mheas go bhfuil an riosca airgeadais i gcomhair bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais an-suntasach agus, dá bhrí sin, tugtar údar do bhearta ag a bhfuil leibhéal tionchair airgeadais an-ard.

(25) I gcomhréir le hAirteagal 6(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, an fhaisnéis a fhaightear agus aon bharúil a dhéanann an Ballstáit lena mbaineann, chomh maith le leordhóthanacht aon bheart feabhais a mholtar, is gá iad sin a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir leis na bearta iomchuí. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta feabhais atá molta ag an Ungáir a áireamh sa mheasúnú.

(26) Ina dara freagra, chuir an Ungáir isteach 17 mbeart feabhais, a ndearna sí na gealltanais iontu a chomhlánú ansin le litir a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 13 Meán Fómhair 2022. De réir thuairim na hUngáire, thabharfaidís aghaidh ar na saincheisteanna go léir a d'ardaigh an Coimisiún san fhógra (na 'bearta feabhais a mholtar'). Is mar a leanas do na bearta feabhais sin:

(a) Athneartú a dhéanamh ar chosc, brath agus ceartú neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí a bhaineann le cur chun feidhme chistí an Aontais trí Údarás Sláine nua-bhunaithe;

(b) Tascfhórsa Frithéillithe;

(c) An Creat Frithéillithe a neartú;

(d) Trédhearcacht a áirithiú maidir leis an úsáid a bhaineann fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní as tacaíocht ón Aontais;

(e) Nós imeachta sonrach a thabhairt isteach i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistiú maoine poiblí;

(f) Sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú chun úsáid fhónta thacaíocht an Aontais fhónta a ráthú;

(g) Laghdú a chur ar sciar na nósanna imeachta tairisceana ina bhfuil tairiscintí aonair a mhaoinítear ó chistí an Aontais;

(h) Laghdú a chur ar sciar na nósanna imeachta tairisceana ina bhfuil tairiscintí aonair a mhaoinítear ón mbuiséad náisiúnta;

(i) Uirlis tuairiscithe tairisceana aonair a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt ar sholáthair phoiblí a dhúntar trí thairiscintí aonair;

(j) An Córas Leictreonach Soláthair Phoiblí a fhorbairt chun an trédhearcacht a mhéadú;

(k) Creat measúnaithe feidhmíochta a fhorbairt lena measúnaítear éifeachtacht agus cost-éifeachtúlacht na soláthar poiblí;

(l) Plean gníomhaíochta a ghlacadh chun an leibhéal iomaíochais sa soláthar poiblí a mhéadú;

(m) Oiliúint le tabhairt do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le cleachtais soláthair phoiblí;

(n) Scéim tacaíochta a bhunú chun cúiteamh a dhéanamh ar na costais a bhaineann le bheith rannpháirteach i soláthar poiblí micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide;

(o) ARACHNE, arb éard é uirlis scórála riosca an Choimisiúin, a chur i bhfeidhm;

(p) Comhar le OLAF a neartú;

(q) Gníomh reachtach a ghlacadh lena n-áirithítear trédhearcacht fheabhsaithe i ndail le caiteachas poiblí.

(27) Go ginearálta, gheall an Ungáir go ndéanfaidís na bearta feabhais a moladh ina dara freagra chun dul i ngleic gan choinníoll leis na saincheisteanna a ardaíodh san fhógra agus go gcoinneoidís na bearta agus an reachtaíocht lena mbaineann i bhfeidhm gan aon teorainn ama agus go bhforfheidhmeoidís na rialacha a shocraítear iontu.

(28) Ó tharla go mbaineann na saincheisteanna a sainaithníodh san Ungáir leis an gcreat dlíthiúil agus, go feadh méid mór, le cleachtais riaracháin, an measúnú ar leordhóthanacht na mbeart feabhais arna moladh ag an Ungáir chun a n-aidhm a bhaint amach maidir le deireadh a chur leis na sáruithe agus/nó leis na rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais, beidh sé ag brath ar an anailís ar shonraí na mbeart agus ar chur chun feidhme ceart, iomlán agus éifeachtach na gcéimeanna cur chun feidhme go léir mar a shonraítear sna hamlínte ábhartha arna gcur isteach ag an Ungáir an 22 Lúnasa. I ndáil leis sin, is gá fós don Ungáir cuid mhór de na príomhchéimeanna a dhéanamh le haghaidh na mbeart feabhais a mholtar.

(29) Gheall an Ungáir go mbunófaí Údarás Sláine nua lena ndéanfar athneartú ar chosc, brath agus ceartú neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí a bhaineann le cur chun

feidhme chistí an Aontais. Ar áireamh sna bearta feabhais a mholtar chuir an Ungáir roinnt eilimintí a mheasúnaíonn an Coimisiún go dearfach ag an gcéim seo, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas: (i) aidhm agus cuspóirí an Údaráis Sláine nua, (ii) raon feidhme a shainordaithe agus a chumhachtaí (fairsinge), lena n-áirítear cumhachtaí chun treoir a thabhairt d údaráis chonarthacha tairiscintí a chur ar fionraí, cumhachtaí chun a iarraidh ar chomhlachtaí imscrúdaitheacha riaracháin imscrúduithe a dhéanamh, cumhachtaí chun a mholadh go n-eiseofaí oibreoirí eacnamaíocha sonracha ó chistiú ón Aontas; an ceart chun athbhreithniú breithiúnach a iarraidh ar gach cinneadh ó na húdaráis a bhaineann le nósanna imeachta soláthair phoiblí a bhfuil baint acu le haon tacaíocht ón Aontas (agus a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach) etc.; (iii) na rialacha maidir le bord an Údaráis Sláine a cheapadh agus maidir le rannphláirteachas 'coiste incháilitheachta' atá dírithe ar a ráthú go mbeidh an tÚdarás Sláine go hiomlán neamhspleách. Ina theannta sin, braithfidh an tÚdarás Sláine ar fhíorais a shuitear le cinntí breithiúnacha, beidh sé in ann na cúirteanna a urghabháil, agus beidh a chuid cinntí féin faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Ar an gcúis sin, gheall an Ungáir freisin go ndéanfaidh na cúirteanna go léir san Ungáir a éisteann cásanna sibhialta, riaracháin agus coiriúla, lena n-áirítear na cásanna sin atá ábhartha maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, comhlíonadh ar na ceanglais a bhaineann le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht agus le bheith bunaithe le dlí i gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus leis an acquis Aontais ábhartha. Ar na bearta feabhais a mholtar áirítear amlíne lena léirítear na chéad phríomhchéimeanna cur chun feidhme, ó Chinneadh Rialtais lena gcuirtear de chúram ar rialtas an hUngáire dréachtreachtaíocht a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta faoin 30 Meán Fómhair 2022 le haghaidh bhunú an Údaráis Sláine (glacadh an Cinneadh Rialtais sin an 5 Meán Fómhair 2022) go dtí tús na ngníomhaíochtaí de chuid an Údaráis Sláine an 19 Samhain 2022.

(30) Má chuirtear chun feidhme é i gceart agus go héifeachtach agus mar a bheartaítear sa bheart feabhais a mholtar, agus neamhspleáchas iomlán agus cumhachtaí éifeachtúla ar an talamh aige a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta go léir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, go hiarbhír nó go féideartha, do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais, d'fhéadfadh an tÚdarás Sláine rannchuidiú le méadú a chur ar na leibhéil iomaíochais i nósanna imeachta soláthair, le cosc nó laghdú a chur ar rioscaí na gcoinbhleachtaí leasa, agus go ginearálta le feabhas a chur ar chosc, brath agus ceartú calaoise, éillithe, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí eile de shárú ar dhlí an Aontais i gcóras soláthair phoiblí na hUngáire, agus é sin ar mhaithe le úsáid níos fónta agus níos éifeachtaí a bhaint as cistiú ón Aontas. Tá mionsonraí agus príomhchéimeanna an bhirt feabhais seo a mholtar fós ar feitheamh, áfach, lena n-áirítear go háirithe maidir le cumhachtaí agus uirlisí an Údaráis Sláine chun dearbhuithe sócmhainní a fhíorú go héifeachtach.

(31) Gheall an Ungáir go mbunófaí Tascfhórsa Frithéillithe lena dtabharfar aghaidh ar ábhair imní an Choimisiúin, go háirithe chun go n-áiritheofaí rannpháirtíocht iomlán, struchtúrtha agus éifeachtach na ngníomhaithe rialtasacha atá gníomhach i réimse an fhrithéillithe in éindí le hionadaithe an rialtais. Thairis sin, geallann an Ungáir comhairliúcháin chuimsitheacha le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coimisiún agus an dréachtreachtaíocht á hullmhú. Tá mionsonraí agus príomhchéimeanna an bhirt feabhais seo a mholtar fós ar feitheamh, áfach.

(32) Sa bheart feabhais a mholtar maidir leis an gcreat frithéillithe áirítear an chuid is mó de na heilimintí a mheasann an Coimisiún a bheith bunúsach chun éifeachtacht an

bhirt a áirithiú, amhail na straitéisí frithchalaoise agus frithéillithe a ghlacadh lena gcumhdaítear na comhlachtaí uile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme chistí an Aontais agus le cur isteach staid na himeartha maidir le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Frithéillithe meántéarmaí don tréimhse 2020-2022, chomh maith le leathnú raon feidhme pearsanta agus ábhartha na ndearbhuithe sócmhainní, rialacha maidir le trédhearcacht dearbhuithe sócmhainní a mhéadú agus smachtbhannaí riaracháin agus coiriúla a thabhairt isteach. Tá mionsonraí agus príomhchéimeanna an bhirt feabhais seo a mholtar fós ar feitheamh, áfach. Go háirithe, ba cheart rochtain a bheith ag an bpobal ar an mbunachar sonraí a luaitear thuas. Thairis sin, níor cheart an chumhacht a bheith ag an Údarás Sláine chun próiseas fíoraithe sócmhainne a sheoladh ar a thionscnamh féin sna cásanna uile.

(33) A mhéid a bhaineann le hiontaobhais leasa phoiblí, tá an beart feabhais a mholtar in ann aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na saincheisteanna a ardaítear, toisc go gcumasóidh sé cur i bhfeidhm ginearálaithe agus neamhchoinníollach rialacha soláthair phoiblí maidir le hiontaobhais leasa phoiblí agus maidir leis na heintitis atá á gcothabháil nó á mbainistiú ag iontaobhais den sórt sin agus (measfar gur údaráis chonarthacha iad go léir chun críocha rialacha soláthair phoiblí), agus ós rud é go mbunófaí leis an mbeart rialacha soiléire coinbhleachta leasa d’eintitis den sórt sin agus dá gcomhaltaí boird. Tá mionsonraí agus príomhchéimeanna an bhirt feabhais seo a mholtar fós ar feitheamh, áfach.

(34) Thairis sin, gheall an Ungáir go mbunófaí nós imeachta nua um athbhreithniú breithiúnach, ina bhfuil roinnt mhaith eilimintí dearfacha, amhail an fhéidearthacht d’eintitis dhlíthiúla iarratas a dhéanamh ar an nós imeachta sin, seasamh nós imeachta faoi phribhléid ráthaithe don duine a thuairiscíonn coir, tagairt don fhíoras go ndéanfar inniúlacht eisiach chun na cásanna faoin nós imeachta nua a éisteacht a shannadh do chúirt speisialaithe (i.e. Cúirt Dúiche Lárnach Buda), tagairt don fhíoras go mbeidh na cúirteanna agus na breithiúna imscrúdaitheacha go léir atá rannpháirteach sa nós imeachta nua i gcomhréir le hAirteagal 19 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus leis an acquis Aontais ábhartha, CAE, agus go mbeidh tréimhse ama réasúnta ann don nós imeachta i gcoitinne. Ar deireadh, tá sé geallta ag an Ungáir athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta laistigh de thréimhse ama réasúnta. Tá an beart feabhais a mholtar in ann aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha a shainaithin an Coimisiún. Tá mionsonraí agus príomhchéimeanna an bhirt feabhais seo a mholtar fós ar feitheamh, áfach.

(35) A mhéid a bhaineann leis na hábhair imní a ardaíodh i dtaobh chumas na hUngáire feabhas a chur ar sheiceálacha coinbhleachtaí leasa maidir le húsáid chistí an Aontais, an beart feabhais a mholtar i ndáil le úsáid leathnaithe na bhfeidhmiúlachtaí uile de chuid na huirlise aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca a chuireann an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit (i.e. Arachne) le haghaidh aon tacaíochta ón Aontas, tá sé in ann aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na hábhair imní a d’ardaigh an Coimisiún, má chuirtear chun feidhme i gceart é. Thairis sin, an beart feabhais a mholtar maidir le sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú chun úsáid fhónta na tacaíochta ón Aontas a ráthú, thabharfadh sé aghaidh freisin ar na hábhair imní a ardaíodh, má chuirtear chun feidhme i gceart é, de bhrí go gceadófar leis forálacha a ghlacadh chun rialacha agus nósanna imeachta a neartú chun coinbhleacht leasa in úsáid chistí an Aontais a chosc, a bhrath agus a cheartú ar bhealach níos éifeachtaí, lena n-áirítear sásra rialaithe éifeachtach maidir le bailíocht dearbhuithe coinbhleachta leasa. Tá mionsonraí agus príomhchéimeanna na mbeart feabhais seo a mholtar fós ar feitheamh, áfach.

(36) Thairis sin, déanann an Coimisiún measúnú dearfach ar na bearta feabhais a mholtar agus arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na neamhrialtachtaí, easnaimh agus laigí sistéamacha sa soláthar poiblí. Tá an chuma ar roinnt de na bearta ag an gcéim seo, áfach, nach bhfuil siad mionsonraithe go leordhóthanach maidir le gnéithe áirithe, agus nach ndearnadh a gcuid príomhchéimeanna fós. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil siad sách leormhaith chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a ardaíodh sa nós imeachta faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092. Ar an mbonn sin, is gá na bearta iomchuí de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 a ghlacadh.

(37) An beart feabhais a mholtar maidir le comhar le OLAF a neartú, tá sé in ann aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha a shainaithin an Coimisiún, de bhrí n-ainmneofar leis údarás inniúil náisiúnta chun cúnamh a thabhairt do OLAF le linn seiceálacha ar an láthair a dhéanamh san Ungáir nuair dhiúltaíonn oibreoir eacnamaíoch atá faoi réir na seiceálacha sin oibriú i gcomhar. Ina theannta sin tugtar isteach leis smachtbhanna de chineál airgeadais atá le forchur i gcás ina ndiúltaíonn oibreoir eacnamaíoch oibriú i gcomhar le OLAF chun críocha seiceálacha ar an láthair agus iniúchtaí OLAF. Tá mionsonraí agus príomhchéimeanna an bhirt feabhais seo a mholtar fós ar feitheamh, áfach.

(38) Na bearta feabhais a mholtar, nuair a chuirtear le chéile iad, bheadh siad in ann aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na saincheisteanna a bhaineann le neamhrialtachtaí sistéamacha, easnaimh agus laigí sa soláthar poiblí, rioscaí coinbhleachtaí leasa, agus ábhair imní maidir le 'hiontaobhais leasa phoiblí', chomh maith leis na forais bhreise maidir le himscrúdú, ionchúiseamh agus an creat frithéillithe, ar choinníoll go gcuirtear chun feidhme na bearta uile o gceart agus go héifeachtach.

(39) Tá na rialacha mionsonraithe cur chun feidhme maidir leis na bearta feabhais a mholtar fós le cinneadh, go háirithe conas a dhéanfar príomh-eilimintí na mbeart a thrasuí sna téacsanna dlíthiúla iarbhír atá le glacadh chun na bearta feabhais a chur chun feidhme. Ós rud é go mbaineann roinnt de na saincheisteanna a sainaithníodh san Ungáir ní hamháin le hathruithe ar an gcreat dlíthiúil, ach go háirithe le cur chun feidhme nithiúil na n-athruithe sa chleachtas, éilíonn na hathruithe sin tréimhse ama níos faide chun torthaí nithiúla a bhaint amach, go dtí go gcuirfear chun feidhme ar a laghad na príomheilimintí de roinnt de na bearta feabhais ag an gcéim seo, mar a léirítear in amlínte na mbeart feabhais a thíolaic an Ungáir an 22 Lúnasa, tá baol ann fós do bhuiséad an Aontais. Go dtí go dtiocfaidh príomhthéacsanna reachtacha i bhfeidhm lena gcuirfí chun feidhme go leor de na bearta feabhais a mholtar, agus an measúnú thuas á chur san áireamh, chomh maith leis an bhféidearthacht go mb'fhéidir nach gcuirfear chun feidhme na bearta i gceart, nó go ndéanfaidh mionsonraí na mbeart a n-éifeachtacht a laghdú, tá measúnú réasúnta ar an leibhéal riosca le haghaidh bhuiséad an Aontais ag comhfhreagairt faoi láthair do 65 % de na cláir lena mbaineann, i.e. 5 phointe céatadáin níos lú ná an riosca a mheastar a bheith ann in éagmais bearta feabhais.

(40) Ós rud gur féidir a mheas leibhéal 65 % de na cláir lena mbaineann a bheith ina chomhfhogasú réasúnta den tionchar ar bhuiséad an Aontais, nó de na rioscaí tromchúiseacha ina leith, agus na bearta feabhais a tíolacadh á gcur san áireamh, is beart comhréireach é [65 % de na gealltanais sna cláir lena mbaineann a chur ar fionraí.

(41) [Malairt foclaíochta i gcás nach ndéantar na cláir lena mbaineann a fhormheas tráth an cinneadh cur chun feidhme seo a ghlacadh: Ós rud é nár formheasadh na cláir lena mbaineann fós, is é an t-aon bheart iomchuí féideartha a d'fhéadfaí a ghlacadh faoi Airteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 formheas ceann amháin nó níos mó de na cláir a chur ar fionraí. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart an fhionraí ar fhormheas ceann amháin nó níos mó de na cláir a bheith comhréireach leis an riosca do leasanna airgeadais an Aontais] .

(42) Maidir leis na sáruithe a sainaithníodh i ndáil le hiontaobhais leasa phoiblí, d'fhéadfadh an eisceacht ghinearálta ó rialacha coinbhleachta leasa an easpa trédhearcachta tionchar a bheith acu ar aon bhuiséad a d'fhéadfadh na hiontaobhais leasa phoiblí sin, agus aon eintitis arna gcothabháil acu, a chur chun feidhme nó a bhainistiú. Gheall an Ungáir sna bearta feabhais a mhol sí go dtabharfar aghaidh ar ábhair imní uile an Choimisiúin ina leith sin. I bhfianaise an tionchair sin agus go dtí go dtiocfaidh an reachtaíocht chomhfhreagrach de chuid na hUngáire i bhfeidhm, is féidir an chosaint is fearr a thabhairt do bhuiséad an Aontais trí chosc ar ghealltanais nua dhlíthiúla a thabhairt i gcrích le haon iontaobhas leasa phoiblí agus aon eintiteas arna chothabháil acu faoi aon chlár faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.

(43) De bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, ní dhéanann an Cinneadh seo difear d'oibleagáidí na hUngáire na cláir agus cistí lena mbaineann an Cinneadh a chur chun feidhme, agus go háirithe a hoibleagáidí i leith na bhfaighteoirí nó na dtairbhithe deiridh, lena n-áirítear an oibleagáid íocaíochtaí a dhéanamh faoi na rialacha earnáilsonracha nó airgeadais is infheidhme. Ní mór don Ungáir tuarascáil a chur chuig an gCoimisiún ar a mhéid a chomhlíonann siad na hoibleagáidí sin gach trí mhí ó ghlacadh an Chinnidh sin.

(44) Ba cheart don Ungáir an Coimisiún a chur ar an eolas go tráthrialta maidir le cur chun feidhme na mbeart feabhais ar ina leith a thug sí gealltanas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) Tá na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 comhlíonta le haghaidh ghlacadh na mbeart iomchuí le haghaidh chosaint bhuiséad an Aontais in aghaidh sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir.

(2) Níl na bearta feabhais arna moladh ag an Ungáir ar bhonn Airteagal 6(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 go hiomlán leormhaith chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí a leagtar amach san fhógra ón gCoimisiún a seoladh chuig an Ungáir an 27 Aibreán 2022.

*Airteagal 2*

(1) cuirfear ar fionraí 65 % de na gealltanais bhuiséadacha faoi na cláir oibríochtúla seo a leanas sa Bheartas Comhtháthaithe:

(a) Clár Oibríochtúil um an gComhshaol agus um Éifeachtúlacht Fuinnimh Plus;

(b) Clár Oibríochtúil Comhtháite um Iompar Plus;

(c) Clár Oibríochtúil um Fhorbairt Chríochach agus Lonnaíochta Plus.

*Malairt foclaíochta i gcás nach ndéanann an Coimisiún na cláir shainaitheanta a fhormheas tráth an cinneadh cur chun feidhme seo ón gComhairle a ghlacadh*

Déanfar formheas na gclár seo a leanas a chur ar fionraí: Clár Oibríochtúil um an gComhshaol agus um Éifeachtúlacht Fuinnimh Plus agus/nó Clár Oibríochtúil Comhtháite um Iompar Plus agus/nó Clár Oibríochtúil um Fhorbairt Chríochach agus Lonnaíochta Plus.

(2) I gcás ina gcuireann an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme i mbainistíocht dhíreach nó indíreach de bhun Airteagal 62(1), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61], ní dhéanfar aon ghealltanais le haon iontaobhas leasa phoiblí a bhunaítear ar bhonn Acht IX na hUngáire de 2021 nó aon eintiteas arna chothabháil ag iontaobhas leasa phoiblí den sórt sin.

*Airteagal 3*

Cuirfidh an Ungáir an Coimisiún ar an eolas faoin 19 Samhain 2022, agus gach 3 mhí ina dhiaidh sin maidir le cur chun feidhme na mbeart feabhais ar ina leith a thug an Ungáir gealltanas ina dara freagra, lena n-áirítear na gealltanais bhreise a áirítear sa litir ón 13 Meán Fómhair 2022.

*Airteagal 4*

Is chuig an Ungáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

61 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).